www.gaelsceal.ie

Gaelscéal AR SCOIL

Istigh an tseachtain seo – Ná caill é

Cúig chéim chun dath gréine bréagach a fháil
L. 21

ISSN 2009-3055

Gaelscéal

Ag Cothú Phobal na Gaeilge

23.09.2011

€1.65 (£1.50)
Uimh. 38

EISIACH

Caighdeán litríochta na Gaeilge: Cé atá á mheas?

Litir oscailte seolta ó scríbhneoir aitheanta go scríbhneoirí eile ag iarraidh baghcait ar Scéim na gCoimisiún

Meadhbh Ní Eadhra, Comhfhreagraí Litríochta Gaelscéal

TARRAINGÍODH aird an phobail ar an riail nua atá tagtha i bhfeidhm mar chuid de Scéim na gCoimisiún i mbliana, riail a chiallaíonn nach féidir le foilsitheoirí ach ceithre iarratas nó saothar a roghnú le bheith san áireamh don mhaoiniú seo.

Ní hamháin sin, ach caithfidh na hiarratais sin a bheith in ord tosaíochta.

Ar lean ar leathanach 2

Athoscailt Chultúrlann McAdam - Ó Fiaich

Uachtarán na hÉireann, Máire Mhic Giolla Íosa, ag beannú don slua mór a tháinig chuig Cultúrlann McAdam - Ó Fiaich in Iarthar Bhéal Feirste, Dé Luain, áit ar athoscail an tUachtarán an t-athchóiriú agus an síneadh úrnua gleoite de luach €2.17 milliún (£1.9 milliún). Thóg an tionscadal uaillmhianach 11 mhí le cur i gcrích agus fuarthas cistiú ó raon mór comhpháirtithe. [PIC.: BRIAN MORRISON]

IDIRNÁISIÚNTA

Abhcóideacht ar son an mhíl mhóir ag fadú a mharaithe sa tSeapáin

Le Pól Mac Cana

THOSAIGH an Sea Shepherd Conservation Trust gníomhartha díreacha in 2002 in éadan sheilg an mhíl mhóir a dhéanann na Seapánaigh. Ach deir an taighdeoir neamhspleách, Atsushi Ishii, go bhfuil an feachtas seo ag cur bac lena sprioc féin, .i. an tseilg a stad.

Siar in 1994, bhunaigh an *International Whale Commission* tearmann d'achar 50 milliún km2 darb ainm an *Southern Ocean (nó Antarctic Whale) Sanctuary*. Tá cosc ar sheilg an mhíl mhóir sa tearmann seo. Déantar athbhreithniú ar stádas an tearmainn seo gach deich mbliana, agus in 2004 mhol an tSeapáin gur cheart é a dhruidim, ag áiteamh go bhfuil go leor míolta móra ann le seilg inbhuanaithe a dhéanamh orthu. Níor glacadh leis an mholadh sin. Ina ainneoin sin féin, déanann an tSeapáin seilg ar na míolta móra laistigh den tearmann. Chruthaigh sí cuóta bliantúil di féin sa tearmann, beag beann ar an chinneadh idirnáisiúnta.

Ar lean ar leathanach 22

ANAILÍS

Díchoimisiúnú na gCoimisiún

Anailís ó **Aindrias Ó Cathasaigh** ar a bhfuil ag titim amach le Scéim na gCoimisiún agus Bord na Leabhar Gaeilge

THARLA rud fíoraisteach an mhí seo, agus i ngan fhios don saol, nach mór. Ní hé an éagóir is measa atá ar siúl, gan amhras, agus tubaistí ag titim orainn ina gcith faoi láthair, ach ba mhíchothrom an beart é fós.

Tionscnamh a cuireadh ar bun chun cuidiú le scríbhneoireacht na Gaeilge, cuireadh as a riocht é ar chaoi a rinne leithcheal ar scríbhneoirí de chuid an fhoilsitheora is mó.

Chuir Bord na Leabhar Gaeilge tús le Scéim na gCoimisiún deich mbliana ó shin mar spreagadh do scríbhneoirí Gaeilge. Níor bhronn deontais na scéime saibhreas orthu, ná fiú an íospháidhe náisiúnta, ach chuir siad ar chumas roinnt daoine greim a choinneáil faoin bhfiacail agus iad i mbun pinn.

Scríobh mé féin cúig leabhar faoin scéim, cuir i gcás.

Nuair a glaodh ar iarratais i mbliana, áfach, bhí cor sa scéim. Bhí ar scríbhneoirí foilsitheoir a lua lena n-iarratas ariamh, ach dúradh an iarraidh seo nach nglacfaí le níos mó ná ceithre iarratas a luafaí an foilsitheoir céanna leo.

Níor tugadh aon chúis leis an gcoinníoll nua seo, ach dúradh ar Nuacht TG4 7 Meán Fómhair gur ganntain airgid ba bhun leis.

Má b'fhíor sin, áfach, chuirfí teorainn le líon iomlán na ndeontas a bhí le dáileadh, nó le méid na ndeontas, ach dháileofaí iad fós ar na hiarratais ab fhearr, ba chuma cé na foilsitheoirí a bheadh i gceist.

Ar lean ar leathanach 12

European Newspaper AWARD
NEWSPAPERDESIGN & CONCEPT

NUACHT NÁISIÚNTA

Súil le soiléiriú ag cruinniú Bhord MFG

Seán Ó Loingsigh

TÁTHAR ag súil go mbeidh soiléiriú ann maidir le cad atá i ndán do chomhlacht MFG agus cláracha dá gcuid ag cruinniú tábhachtach den mbord atá le tionóil i mBaile Chláir na Gaillimhe an tseachtain seo chugainn.

Tar éis cruinniú boird a bhí ag MFG i mBaile Chláir na Gaillimhe Dé Luain seo caite tugadh le fios go raibh próiseas comhairliúcháin fós ar bun. I ráiteas a léigh sé i ndiaidh an chruinnithe dúirt Cathaoirleach MFG Brian Ó Ríordáin: "Tá an próiseas comhairliúcháin ag leanúint ar aghaidh; táimid ag feitheamh le comhairle dlí agus, ag brath air sin, beimid ag tógaint an chéad chéim eile."

Tuigtear go bhfuil an chomhairle dlí a bhí á lorg réidh le cur faoi bhráid an bhoird agus go bhfuil an cruinniú boird le tionóil i mBaile Chláir na Gaillimhe Déardaoin seo chugainn.

Idir an dá linn tá iarrachtaí ar bun faoi láthair maidir leis an gClár Seirbhísí Pobail (CSP) a bhíodh á reachtáil ag MFG i Múscraí agus i gCorca Dhuibhne a chur faoi scáth eagraíochta eile. Tuigtear gur scáth-eagraíocht phobail i gCiarraí atá i gceist.

Bhí MFG Meitheal Mhúscraí ag súil go mbeadh socrú "i bprionsabal" déanta faoin Aoine seo caite chun seirbhísí agus fostaíocht an 23 oibrí a bhí ag feidhmiú faoin gclár CSP a chur i bhfeidhm faoi struchtúr athnuaite. Tháinig críoch go hoifigiúil le fostaíocht na n-oibrithe in MFG Meitheal Mhúscraí tráthnóna Dé hAoine seo caite. Reachtáladh cruinniú foirne i gceanncheathrú na Meithle in Ionad Áise Réidh na nDoirí an tráthnóna sin chun na fostaithe a chur san eolas faoi na hiarrachtaí a bhí ar bun chun a bhfostaíocht agus na seirbhísí a bhí á gcur ar fáil acu a choimeád ar siúl. Tuigtear gur sheol MFG moladh ar an Aoine go dtí an gcomhlacht bainistíocht mhaoinithe, Pobal, maidir leis an gclár CSP i Múscraí agus i gCorca Dhuibhne a chur faoi scáth eagraíochta eile.

Ag tús na seachtaine seo thug urlabhraí de chuid Mheitheal Mhúscraí le fios go raibh sé curtha in iúl ag Pobal go raibh ceisteanna dlíthiúla le hiniúchadh maidir le moladh MFG. Lean na hoibrithe CSP lena gcuid oibre i rith na seachtaine seo i gcúraimí a bhaineann sa chuid is mó le seirbhísí do sheanóirí i dtrí ionad lae i nGaeltacht Mhúscraí. Tugadh le fios go raibh naonúr iarfhostaí de chuid MFG i gCorca Dhuibhne fós i mbun oibre chomh maith.

Tá ceist fós ann leis maidir le ceathrar fostaí i Meitheal Mhúscraí a bhí ag obair in Ionad Áise Réidh na nDoirí faoi scáth Clár Forbartha Pobail Áitiúil (LCDP) de chuid MFG.

Tá imní léirithe maidir le cad atá i ndán do chúrsaí FETAC agus imeachtaí eile a bhíonn á reachtáil san Ionad Áise faoin gclár LCDP. Tuigtear gur ar bhonn náisiúnta a réiteofar ceist an LCDP nuair a bheidh stádas MFG níos soiléire.

"Tá súil go n-aistreofar cláir chuig Údarás na Gaeltachta": Iarfhostaí MFG

Áine Ní Chuaig

"TÁ súil go n-aistreofar cláir chuig Údarás na Gaeltachta, má ghlacann siad leo," a deir Seosamh Ó Curraoin, iarfhostaí de chuid MFG a bhí fostaithe i Ros Muc.

"Bhí cruinniú boird ag Údarás na Gaeltachta ar an gCéadaoin agus bheinn den tuairim gur cuireadh an scéala seo faoi bhráid an bhoird."

Thug Ó Curraoin le fios go bhfuair foireann MFG i Ros Muc fógraí scoir agus a gcuid P45anna ar an Aoine seo caite.

D'fhreastal slua breá ar an chruinniú a reáchtáladh sa Chrannóg i Ros Muc ar an Aoine seo caite. Ba é Ivan McPhilip a rinne an cur i láthair ag an chruinniú a d'eagraigh Seosamh Ó Curraoin agus Tríona Ní Raighne. Cuireadh fáilte roimh mholtaí faoi Mheitheal Oibre Chonnacht agus na Mí, grúpa oibre nua atá bunaithe a bhfuil rún acu comhlacht nua a bhunú chun cláracha LCDP agus LEADER a riar i gceantair Ghaeltachta na Gaillimhe, Mhaigh Eo agus na Mí.

"D'eirigh go hiontach leis an chruinniú sin," a deir Ó Curraoin. "Bhí os cionn 100 duine i láthair. Tháinig muintir an phobail, na comharchumainn agus na coistí deonacha amach chun a mí-shástacht a léiriú maidir leis na seirbhísí atá caillte. Fuair muid an-tacaíocht go deo. Tá an ceantar thíos leis agus caithfear na cláir a choinneáil ar aghaidh nuair nach bhfuil MFG ann níos mó."

D'ardaigh an Seanadóir Trevor Ó Clochartaigh an scéala sa Seanad an tseachtain seo caite ach bhí díomá air nach raibh an tAire Ó hÓgáin i láthair chun an cheist fíor-thábhachtach faoin Ghaeltacht a fhreagairt.

"Go minic nuair a bhíonn jabanna á gcailliúint ar fud na tíre, feiceann muid Airí agus Airí Stáit ag léimneach suas agus anuas agus ag déanamh scéal chailleach an uafáis os comhair na gceamaraí teilifíse agus raidió, ach is beag caint atá déanta faoi MFG," a dúirt Ó Clochartaigh ar an lá. "Le coicís anuas, táim ag iarraidh soiléirithe a fhail ó Phobal, ón Roinn agus ón gcomhlacht féin faoi céard atá ag tarlú. Tá faitíos orm go bhfuil daoine ag dul ar chúl sceiche le cuid den scéal seo."

Gaelscéal

Ciarán Dunbar
Eagarthóir
ciaran.dunbar@gaelsceal.ie

Patricia Ní Chonghaile
Comhordaitheoir Táirgíochta
patricia.nichonghaile@gaelsceal.ie

Seosamh Ó Riain
Iriseoir
seosamh.oriain@gaelsceal.ie

Katie McGreal
Iriseoir
katie.mcgreal@gaelsceal.ie

Caroline Ní Chualáin
Comhordaitheoir Oideachais
caroline.nichualain@gaelsceal.ie

Gráinne McElwain
Soláthróir Ábhair Spóirt
grainne.mcelwain@gaelsceal.ie

Oifig an Spidéil: 00353-91-897766

Le cabhair ó:
Foras na Gaeilge

Baineann Gaelscéal úsáid as Gaelspell agus Ceart, bogearraí a chabhraíonn le litriú agus gramadach na Gaeilge, www.cruinneog.com

Iarrthóir uachtará-nachta eile ag filleadh ar an rang Gaeilge

Colm Ó Broin

TÁ borradh faoi mhúineadh na Gaeilge faoi láthair agus iarrthóir uachtaránachta eile, Martin McGuinness, ag filleadh ar ranganna Gaeilge.

Tá Gay Mitchell, David Norris, Seán Gallagher agus Mary Davis ag cur feabhais ar a gcuid Gaeilge faoi láthair de réir a n-urlabhraithe.

Tá McGuinness tar éis a ainm a chur ar an liosta do thogra Líofa 2015 a sheol Aire Cultúir an Tuaiscirt, Carál Ní Chuilín, le déanaí.

Ritheadh rún ag Ard-Fheis Shinn Féin coicís ó shin a mhol d'ionadaithe tofa an pháirtí an Ghaeilge a fhoghlaim.

Faoi láthair is é Micheál D Ó hUigín an t-aon iarrthóir uachtaránachta le Gaeilge líofa.

Ní raibh Máire Mhic Ghiolla Íosa líofa nuair a toghadh í ach chuir sí barr feabhais ar a cuid Gaeilge níos déanaí.

Idir an dá linn tá sé tugtha le fios ag Údarás Craolacháin na hÉireann go mbeidh ar TG4 an méid céanna 'am craolta' a thabhairt do na hiarrthóirí ar fad sa toghchán, cuma má tá Gaeilge acu nó mura bhfuil.

Mar shampla, dá gcuirfí Micheál D Ó hUigín faoi agallamh i nGaeilge le linn an fheachtais bheadh ar TG4 na Béarlóirí sa rás a chur faoi agallamh freisin faoin gcód atá eisithe ag an Údarás.

"Is faoi na craoltóirí atá sé an teanga a úsáidtear le hiarrthóirí a roghnú, níl aon treoir tugtha againn faoi sin," arsa urlabhraí an Údaráis.

"Craolann TG4 ábhar i mBéarla cheana féin ach is fúthu a bheadh sé an cinneadh an dhéanamh maidir leis an gclúdach a thugtar do na hiarrthóirí."

Caighdeán litríochta na Gaeilge: cé atá á mheas?

Ar lean ó leathanach a haon

Tá litir oscailte scríofa ag an scríbhneoir Philip Cummings, chuig scríbhneoirí Gaeilge eile, ag impí orthu diúltú d'aon choimisiún a thairgtear dóibh i mbliana faoi Scéim na gCoimisiún.

Sa litir, míníonn sé gur dícháilíodh iarratais scríbhneoirí áirithe ar an scéim mar nach raibh Coiscéim sásta cloí leis an riail nua.

Tá na scríbhneoirí seo, Philip Cummings ina measc, ag tacú le cinneadh an fhoilsitheora, agus Pádraig Ó Snodaigh, mar go gcuireann an riail nua seo brú ar fhoilsitheoirí dualgas Fhoras na Gaeilge a dhéanamh ar a son, .i. caighdeán litríochta na n-iarratas a mheas.

Creideann Coiscéim agus scríbhneoirí Choiscéim go gcuirfeadh sé brú ar Fhoras na Gaeilge 'an Scéim a reáchtáil i gceart má dhiúltaíonn gach scríbhneoir Gaeilge coimisiún a ghlacadh i mbliana.'

Rud eile atá luaite sa litir seo ná nach scéim d'fhoilsitheoirí atá i gceist le Scéim na gCoimisiún, ach scéim do scríbhneoirí. Mar sin, cén fáth a mbeadh baint ag foilsitheoirí leis na hiarratais ar an scéim ar chor ar bith?

Más scéim é seo atá dírithe ar scríbhneoirí, nár cheart go mbeadh sé oscailte do gach scríbhneoir Gaeilge?

"Táimid uilig dána go leor le dul i dteagmháil le foilsitheoir más amhlaidh go n-éiríonn linn coimisiún a fháil faoin scéim," a deir an tUasal Cummings sa litir.

Tá sé suimiúil nach ó bhunmhaoiniú Fhoras na Gaeilge a thagann an t-airgead don Scéim seo, ach ón bhForas Teanga, airgead a thagann go díreach ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

Mura bhfuil Foras na Gaeilge in ann cinntí maidir le caighdeán litríochta a dhéanamh, "b'fhéidir gur cheart don Aire Jimmy Deenihan TD an t-airgead seo a bhronnadh ar eagraíocht éigin eile," a deirtear sa litir.

"Tá rudaí níos tábhachtaí sa saol ná euro nó cent" – Philip Cummings

Is léir go bhfuil míshásamh agus fearg ar dhaoine maidir leis an méid atá ag tarlú agus beidh le feiceáil an seasfaidh scríbhneoirí na Gaeilge lena chéile ar an gceist seo nó an leanfaidh rudaí ar aghaidh mar atá.

CLUAS SA CHEANNÁRAS

Lenár gcomhfhreagraí polaitiúil i dTeach Laighean, **Colm Ó Broin**



Enda Kenny [PIC : PHOTOCALL]

Enda Kenny an frith-Stephen Cluxton?

CHÁIN Joe Higgins an Taoiseach sa Dáil an tseachtain seo i leith an €3.5 billiún breise atá an rialtas le híoc le sealbhóirí bhannaí Bhanc Angla-Éireannach sa Dáil an tseachtain seo. Dúirt an an Teachta Sóisialach gur macasamhail Stephen Cluxton ag cur an chic shaoir a fuair Baile Átha Cliath ag deireadh Chluiche Ceannais na hÉireann thar a thrasnán féin a bhí sa mhéid a bhí beartaithe.

Rinne Enda Kenny beag is fiú den chomparáid ag rá gur beag seans a bhí ann go bhféadadh Cluxton an liathróid a chiceáil 160 méadar ar ais chuig cúl na Dubs.

D'fhógair an tAire Airgeadais Michael Noonan thall i Washington i mí an Mheithimh go raibh sé chun iarracht a dhéanamh sealbhóirí bannaí sinsearacha Anglo Irish a 'dhó'.

Bhí fadhb amháin ann, bhí air cead Bhanc Ceannais na hEorpa a fháil. Dúirt Jean Claude Trichet nach bhféadadh Éire é seo a dhéanamh, agus anois tá géillte ag Noonan agus an rialtas.

Dúirt an Taoiseach go raibh feabhas ag teacht ar cháil na hÉireann sna margaí idirnáisiúnta agus go scriosfaí é sin mura n-íocfaí an €3.5 billiún.

Is fíor go bhfuil an ráta úis ar iasachtaí a fhaigheann Éire tite ó 14% go 8.6% ó fuair muid an tarrtháil AE-IMF. Tá sé fós os cionn an leibhéil a bheadh ag teastáil chun go bhféadfadh muid iasachtaí inmharthana a fháil ó na margaí. Dúirt an áisíneacht chreidmheasa Fitch an tseachtain seo go loicfidh an Ghréig ar a gcuid fiacha (shroich a ráta úis 25% an tseachtain seo caite), rud a chuirfidh limistéar an euro ina chíor thuathail, Éire san áireamh gan amhras. Má tharlaíonn sé sin ní bheidh an dara rogha ag Kenny ach macasamhail pholaitiúil cic 160 méadar a dhéanamh.

Imscrúdú ar oifigigh shlándála na Coiribe

THUG an tAire Dlí agus Cirt Alan Shatter le fios sa Dáil an tseachtain seo gur chuir na Gardaí sé chomhad chuig Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí (SIP) maidir le hoibrithe slándála i Ros Dumhach.

Dúirt sé le Martin Ferris ó Shinn Féin go bhfuair na Gardaí 26 gearán san iomlán faoi fhostaithe nó conraitheoirí de chuid comhlacht slándála amháin a bhí ag obair ar thogra gáis na Coiribe ó bhí 2005 ann. Níor gabhadh duine ar bith de na daoine seo, dúirt an tAire.

Tá comhaid i leith seisir curtha ag na Gardaí chuig an SIP go dtí seo. Mhol an Stiúrthóir ionchúiseamh i leith gearán amháin, ach dhíbh an Chúirt Dúiche an cás.

Dúirt an tAire chomh maith go bhfuil comhaid á réiteach ag na Gardaí i leith trí chás eile agus go bhfuil imscrúduithe fós ar bun i dtaodh dhá chás eile.

D'inis sé do Richard Boyd Barrett ó Dhaoine Roimh Bhrabús chomh maith go raibh comhaid fhorlíontacha curtha ag na Gardaí chuig an SIP i leith imscrúdaithe ar Bhanc Angla-Éireannach i mí Bealtaine, le dul le dhá chomhad a chuir siad chuig an Stiúrthóir mí na Nollag seo caite.

Dúirt an tAire go raibh sé ag feitheamh ar chinneadh ón Stiúrthóir faoin dá chomhad seo agus go dtuigtear dó go mbeadh na Gardaí ag cur tuilleadh comhad chuig an SIP gan mhoill.

Tá sé anois dhá bhliain agus seacht mí ó rinne na Gardaí ruathair ar oifigí Bhanc Angla-Éireannach, an banc a bhrís an tír seo.

Ón méid atá ar eolas againn faoi céard a bhí ar bun sa bhanc beidh an pobal le ceangal mura moltar ionchúiseamh.

Martin McGuinness agus na 'West Brits'

THUG Fintan O'Toole buille maraithe na muice d'ábhar fheachtas Uachtaránachta Gay Byrne le halt cáinteach ar an Irish Times i mí Lúnasa. Rinne sé iarracht aithris a dhéanamh air sin maidir le hiarrathóir Shinn Féin, Martin McGuinness, an tseachtain seo.

Dúirt sé nach raibh LeasChéad-Aire an Tuaiscirt oiriúnach don Áras toisc go bhféadfaí, go teoiriciúil, é a ghabháil i leith coireanna cogaidh de bharr an méid a rinne an IRA le linn na dTrioblóidí.

Deir Sinn Féin gur cogadh a bhí ar bun ag an IRA, ní sceimhlitheoireacht, ach fiú má ghlacann tú leis an argóint sin, ní chiallaíonn sé go raibh sé de cheart ag an IRA a rogha rud a dhéanamh go míleata.

Bhí an ceart ag O'Toole nuair a dúirt sé gur bhris an IRA Coinbhinsiún na Ginéive agus go raibh siad ciontach i leith coireanna cogaidh. Ní raibh Pearse Doherty in ann é seo a shéanadh nuair a phléigh sé an t-ábhar leis an iriseoir clúiteach ar chlár raidió Pat Kenny Dé Céadaoin agus ní bheidh McGuinness in ann é a shéanadh amach anseo ach an oiread.

Bhí an ceart ag O'Toole chomh maith gur cheart dianchíoradh a dhéanamh ar thaifead na n-iarrthóirí Uachtaránachta ar fad, agus nach 'West Brits' iad na daoine a chuireann ceisteanna ar McGuinness faoin IRA.

Ach an raibh fírinne ar bith sa mhéid a bhí le rá ag McGuinness faoi na meáin sa Phoblacht? Bhuel, déan comparáid idir na tráchtairí náisiúnacha sna meáin Bhéarla agus na tráchtairí atá ina nAontachtóirí, atá ar son na Breataine nó a chuireann an milleán ar fad do na Trioblóidí ar phoblachtánaigh fad is atá siad ciúin faoi fhoiréigean rialtas na Breataine. San áireamh tá David Adams, Stephen King, Kevin Myers, Eoghan Harris, Mary Kenny, Ruth Dudley Edwards, Bruce Arnold, Eilis O'Hanlon agus beagnach gach duine eile sa Sunday Independent. Agus ar an taobh náisiúnach tá Tom McGurk, John Waters agus...? Tuigeann lucht na Gaeilge gur féidir leis na meáin a bheith claonta, fiú in aghaidh na dtuairimí atá ag tromlach na ndaoine sa tír, agus is amhlaidh atá sé ó thaobh an náisiúnachais chomh maith. Níl na daoine atá ar buile faoi ráiteas 'West Brits' sásta labhairt faoin éagothromaíocht seo.

Ó fógraíodh go mbeadh Martin McGuinness ag seasamh sa rás don Áras tá gearán déanta nár cheart do dhuine le 'fuil ar a lámha' a bheith mar Uachtarán.

Ach má tá daoine chun seasamh fíormhorálta a ghlacadh ar an ábhar seo, ní mór dóibh an tslat tomhais chéanna a úsáid i dtaobh grúpaí eile.

Mar shampla, léiríodh arís is arís eile go raibh comhoibriú idir Arm na Breataine, an RUC agus sceimhlitheoirí dílseachta le linn na dTrioblóidí, agus gur dhúnmharaigh na dílseoirí na céadta sibhialtach d'aon ghnó, ó thuaidh agus ó dheas.

Níl aon duine a bhí i bhfórsaí armtha na Breataine ag iarraidh a bheith mar Uachtarán (ach ní bheadh a fhios agat leis an méid a thit amach sa rás go dtí seo!) ach tá rud eile ar cheart do cháinteoirí McGuinness díriú air chomh maith. Chomhoibrigh rialtais sa Phoblacht, trí na Gardaí, leis an RUC fad is a bhí claonpháirtíocht ar bun leis na dílseoirí, agus bhí Fianna Fáil, Fine Gael, an Lucht Oibre, na PDanna agus Daonlathas Clé mar chuid de na rialtais sin.

Comóradh 1916

IDIR an dá linn d'fhógair an Taoiseach go mbeidh an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Jimmy Deenihan, na Teachtaí Dála Aengus Ó Snodaigh, Catherine Murphy agus Maureen O'Sullivan agus na Seanadóirí Mary White agus Mark Daly ar an nGrúpa Comhairleachta Oireachtais le haghaidh chomóradh 100 bliain Éirí Amach 1916.

Íomhá nua Ros na Rún

Miriam Needham agus Anna Carroll, aisteoirí ó 'Na Rúin', webisodes nua ó lucht Ros na Rún atá le feiceáil ar www.naruin.ie ag fótaisheisiún le déanaí san Óstán Twelve i mBearna, Co. na Gaillimhe.

An Roinn
Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta

Department of
Arts, Heritage and the Gaeltacht

Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha na hÉireann

Fáilte roimh Aighneachtaí ón bPobal

Tá fáilte á chur roimh aighneachtaí mar chuid den ullmhúchán atá ar bun do Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha nua na hÉireann. Tá an Páipéar ar Shaincheisteanna Straitéise do Chomhairliúchán Poiblí ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta – www.ahg.gov.ie

Is é 5pm ar an Déardaoin, 17 Samhain 2011, an sprioc-am chun aighneachtaí a bheith faighte.

Ní mór do gach duine a dhéanann aighneacht a bheith ar an eolas go bhféadfadh na haighneachtaí a bheith faoi réir iarratas chun iad a chur ar fáil faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise.

Is féidir cóipeanna den cháipéis a ndéantar tagairt di a fháil trí dhul i dteagmháil le Paul McMahon Uasal, an Rannóg Beartas um Oidhreacht Thógtha agus Ailtireachta, an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Bóthar an Bhaile Nua, Co. Loch Garman nó teileafón (053) 911 7381. Is féidir iarratas a dhéanamh ar ríomhphost freisin chuig nls@ahg.gov.ie.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 23 Meán Fómhair, 2011

An toghchán eile

Rás do cheannaireacht an SDLP faoi lán seoil

Anailís le hAnton Mac Cába

TÁ ceathrar san iomaíocht sa toghchán do cheannaireacht an SDLP. Is iad sin Alasdair McDonnell, Patsaí McGlone, Conal McDevitt agus Alex Attwood.

Ar an cheathrar, tá beirt chun tosaigh: McDonnell agus McGlone. Luaitear an bheirt acu as bheith mar chuid d'eite den pháirtí atá báúil le Fianna Fáil.

Tá McDonnell ina fheisire Westminster do Bhéal Feirste Theas. Bhuaigh sé an suíochán seo ainneoin gur aontachtaigh tromlach na vótóirí.

Thug McDonnell leis é, dhá uair as deis a chéile. Caitheann daoine a thugann aontachtaithe orthu féin vóta ar a shon.

Tá meas air as fuinneamh bheith aige, ainneoin gan é bheith ar bhlas achan duine. Anuraidh, bhí sé féin agus Margaret Ritchie san iomaíocht don cheannaireacht.

Deirtí san SDLP go raibh an lá le Ritchie mar gurbh í an t-iarrthóir 'ABBA' (Anybody But Alasdair) í. Mar sin féin, bhí sé fá 35 vóta di.

Alasdair McDonnell MP

Meastar gur aigesean atá tús áite.

Tá McGlone ar an aon duine den cheathrar go bhfuil Gaeilge aige - agus Gaeilge líofa. Tá sé ina Chomhalta den Tionól Reachtach do Lár Uladh. Ba eisean a spreag an toghchán, trí dhúshlán Ritchie a thabhairt. "Is annamh a bhíonn an bua ag an duine a bhuaileann leis an scian," a dúirt ionadaí tofa amháin.

Aithnítear go ndearna Ritchie anbhotún nuair a dhiúltaigh sí é a cheapadh mar Aire Comhshaoil mí na Bealtaine. B'shin a spreag é lena dúshlán a thabhairt.

Luaitear an tríú hiarrthóir leis an Lucht Oibre.

Tá Conall McDevitt ina Chomhalta den Tionól Reachtach do Bhéal Feirste Theas. Tá sé ar dhuine den bheagán ón Deisceart a bhain áit amach sa pholaitíocht ar dhá thaobh na teorann.

Ag tús na 90í, bhí sé ina chathaoirleach ar Óige an Lucht Oibre. Is de bhunadh Bhéal Feirste é, ach tógadh i mBaile Átha Cliath agus sa Spáinn é.

Más páirtí náisiúnach é an SDLP, is páirtí iontach tuaisceartach é. "Is deisceartach é," an díspeagadh a rinne rúnaí craoibhe air.

Tá sé gníomhach ar cheist míúsáide páistí. Ach ní cinnte an bhfuil sé tarraingteach ag vótóirí. Comhthoghadh don Tionól anuraidh é.

Ba ar éigean a thug sé suíochán leis sa toghchán i mbliana. Tá próifíl ard aige ar na meáin. Gheobhaidh sé tacaíocht shuntasach, nó tá sé gnóthach, ach is é barúil na coitiantachta go bhfuil sé ró-luath aige seasamh.

Glactar leis go bhfuil Alex Attwood sa cheathrú háit. Tá sé ina Chomhalta do Bhéal Feirste Thiar sa Tionól. Tá sé ina Aire Comhshaoil.

Bhí sé ina Aire Forbartha Sóisialta; sa phost sin, bhíodh sé go maith ag teacht ar dhóigheanna cruthaitheacha le maoiniú a thabhairt do ghrúpaí pobail. Mar sin féin, níl meas air sa pháirtí. "Is cineál de scigcharachtar de féin é," an cur síos a bhí ag ball sinsearach den DUP air.

Tá toghchán na ceannaireachta ag teacht mí na Samhna. Labhair Gaelscéal le baill den SDLP ar fud an Tuaiscirt; is cuma cé a thoghfar, tá éadóchas ar a dtromlach faoi thodhchaí an pháirtí.

Rinneadh moladh go ndéanfadh an fuirseoir May McFetridge seó ag chomhdháil an SDLP.

"Bheadh siad níos fearr as agus May McFetridge a thoghadh mar cheannaire," arsa iar-ionadaí tofa amháin.

Ceoltóirí óga faoi réir do Trad for Trócaire. Ar chúl: Asha Heibe (10), Leyla Heibe (7), Aaron Kilpatrick (6), Sahra Heibe (8). Chun tosaigh: Daniel Kirwan (2) agus Luke Kilpatrick (3). PIC: MAXWELLS PHOTOGRAPHY.

'Trad for Trócaire'

Áine Ní Chuaig

TÁ seisiúin ceoil á reáchtáil ar fud na tíre an tseachtain seo ar mhaithe le hairgead a bhailiú don eagraíocht Trócaire, don obair a dhéanann siad sna tíortha is boichte ar domhan. Eagraíodh os cionn 400 séisiún anuraidh in Éirinn, i Sasana, i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus fiú san Astráil, le tacaíocht ó Chomhaltas Ceoltóirí Éireann.

Tá roinnt de réaltaí an cheoil thraidisiúnta Ghaelaigh ag tacú le Trad for Trócaire - Steve Wickham, Moya Brennan, Sharon Shannon agus Finbar Furey. Tá Trócaire agus Comhaltas ag súil le níos mó airgid a bhailiú i mbliana. Más mian leat freastal ar sheisiún nó páirt a ghlacadh, tá liosta de na hionaid ar fad ar an suíomh www.trocaire.org/trad. Leanfaidh Trad for Trócaire ar aghaidh go dtí 28 Meán Fómhair.

Is spórt 'eachtrannach' é an iomáint

Anton Mac Cába

IS spórt 'eachtrannach' é an iomáint, dar le téacsleabhar atá in úsáid i scoileanna an Tuaiscirt don GCSE. Luann 'GCSE Learning for Life and Work for CCEA' an iomáint i measc na spórt "which originally came from different countries and are played here."

Cheadaigh an CCEA (an Chomhairle Curaclaim, Scrúdúcháin agus Mheasúnaithe) an téacsleabhar. Ba chinn roinne i scoileanna dara leibhéal ó thuaidh a scríobh. Ba Hodder Education i Sasana a d'fhoilsigh.

Tá Hodder Education ar an bhfoilsitheoir is mó a chuireann leabhair ar fáil do scoileanna an Tuaiscirt. Is leis an chomhlacht foilsitheoireachta Francach Hachette é Hodder Education. Tá Hachette ar an séú foilsitheoir is mó ar domhan.

Cuireann an téacsleabhar an-imní ar Dominic Ó Brolcháin, iar-mhúinteoir agus Comhalta den Tionól Reachtach ón SDLP. "Níl a fhios agam an féidir muinín a chur i dtéacsleabhar a chuireann síos ar an iomáint mar 'chluiche eachtrannach'," ar seisean. "Glacaimid leis go mbíonn téacsleabhair ceart ó thaobh an eolais atá iontu."

Tá an Brolchánach ina Chomhalta do cheantar an Iúir agus Ard Mhacha. Sa cheantar, is baile mór iomána é an Céide; tá tréan iomána, leis, i gCathair Ard Mhacha agus fá cúpla baile i ndeisceart Ard Mhacha.

Díomaite de Dhún Geanainn, níl aon ró-iomrá ar an iomáint i dTír Eoghain. Ach, sa leabhar 'The GAA in Tyrone', luann an staraí Joe Martin an tUrramach Gerald Fitzgerald ag cur síos ar pharóiste Ard Srátha: "The only public sport they had in Ardstraw in 1814 was playing at common, as it is called." (Ba 'common' a thugtaí ar an chluiche i gcuid de Chúige Uladh).

Conor McCann ó Aontroim i gcoinne Paddy Heaney ó Ard Mhacha ag cluiche ceannais na hÉireann faoi 21 an samhradh seo i mBéal Feirste. PIC: OLIVER MCVEIGH / SPORTSFILE

"'Cullen' ag insint bréaga don Tionól": Jim Allister

Anton Mac Cába

TÁ Carál Ní Chuillín, Aire Cultúir an Tuaiscirt, ag insint bréaga don Tionól; nó dúirt sí go scríobhann Jim Allister chuici gach lá.

B'shin a dúirt ceannaire an TUV (Guth na nAontachtaithe Traidisiúnta) leis an Tionól i Stormont. Shéan Allister go scríobhann: "Scríobhaim i gcónaí chuig an Rúnaí Buan."

Tharla an scliúchas eatarthu tar éis don Aire ráiteas a thabhairt ar chruinniú den Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas. Ina dhiaidh dúirt an Ceann Comhairle - Willie Hay ón DUP - le hAllister suí síos agus bheith ina thost. Beart a rinne, i ndiaidh dó gearán a dhéanamh.

Leabhrán faoi aistriú do phaistí ón naíonra chuig an scoil lán-Ghaeilge

Katie McGreal

SHEOL Forbairt Naíonraí Teoranta agus Gaelscoileanna Teo. leabhrán dar teideal 'An Traein' a scríobh an Dr. Máire Mhic Mhathúna le hurraíocht ó Fhoras na Gaeilge agus ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige ar an Máirt seo caite i mBaile Átha Cliath.

Tá sé mar aidhm ag an leabhrán cabhrú le stiúrthóirí naíonra agus le múinteoirí Gaelscoile agus, ar an gcaoi sin, cabhrú le páistí agus le tuismitheoirí/caomhnóirí, an t-aistriú ón naíonra go dtí an Ghaelscoil a dhéanamh go réidh, socair, sásúil.

Tá trácht sa leabhrán ar na príomhathruithe sa timpeallacht fhisiciúil, na hathruithe sóisialta agus féiniúlachta agus na hathruithe oideachasúla a mbíonn páistí ag dul i ngleic leo agus iad ag aistriú ón naíonra/réamhscoil go dtí an bhunscoil. Tá cuntas inti ar na saintréithe a bhaineann leis an luath-thumoideachas agus ar chúrsaí teanga sna naíonraí agus sna Gaelscoileanna. Déantar cur síos ar obair an naíonra agus ar shúgradh mar mhodh foghlama ag páistí óga.

Dar le Máire Uí Bhriain, Cathaoirleach Forbairt Naíonraí Teoranta, "Is tréimhse an-tábhachtach i saol linbh í an tréimhse forbartha idir 0 agus 6 bliana d'aois. Trasnaíonn an tréimhse seo an t-am a chaitheann páistí i naíonraí agus i ranganna na naíonán sa bhunscoil. Mar sin beidh ana-chabhair sa leabhrán nua seo don dá leibhéal agus tá súil againn go rachaidh sé chun leasa na bpáistí."

Ailbhe agus Cloda Ní Chonghaile a fhreastalaíonn ar Ghaelscoil Eiscir Riada, Leamhcán. PIC: MARK STEDMAN/PHOTOCALL IRELAND.

Chun an leas is fearr a bhaint as an taighde tá súil ag an dá eagraíocht scéim phíolótach a chur sa tsúil le linn 2012 chun an dea-chleachtas bunaithe ar thorthaí agus ar fhianaise a chinntiú. Beidh an scéim seo ina cabhair mhór do naíonraí agus Gaelscoileanna sa todhchaí, leis an gcleachtas is fearr agus is úsáidí a aithint agus a chur i bhfeidhm chun an t-aistriú is oiriúnaí agus is éasca a chinntiú do pháistí.

Thosaigh na heagraíochtaí an taighde don leabhrán seo in 2009 agus tá sé lán le moltaí agus eolas do mhúinteoirí agus do stiúrthóirí naíonra.

Seolfaidh Gaelscoileanna Teo. an leabhrán go dtí na bunscoileanna agus na naíonraí agus tá sé ar fáil ó oifig Forbairt Naíonraí Teoranta (01 8535101) agus ó oifig Gaelscoileanna Teo. (01 8535191).

Deiseanna d'oideoirí agus d'fhoilseoitheoirí na Gaeilge

SHEOL an Coimisiún Fulbright an tuarascáil 'Idirmhalartuithe: Foghlaim & Teagasc na Gaeilge i SAM: Tuarascáil Taighde agus Chomhdhála' inné. Léirigh na figiúirí go bhfuil 87 institiúid acadúil agus neamhacadúil atá ag teagasc na Gaeilge i Meiriceá. Léiríonn sé sin go bhfuil deis ann chun ábhair níos fearr - téacsleabhair agus teoracha gramadaí agus foghraíochta atá bunaithe ar an Aibítir Idirnáisiúnta Foghraíochta - a fhoilsiú do na múinteoirí agus mic léinn atá á fhoghlaim.

Sa bhealach seo, bheadh na foghlaimeoirí thall ansin in ann foghlaim faoi nósanna agus cultúr na gcainteoirí dúchais agus na gcainteoirí líofa Gaeilge trí rudaí a scríobh na cainteoirí iad féin. Foghlaimeoidh siad rudaí atá fíor agus cothrom le dáta fúinn.

"Is tuarascáil an-tráthúil í seo agus Rialtas na hÉireann ag ullmhú d'Fhóram Diaspóra Domhanda Dheireadh Fómhair," a deir an tAire Stáit do Ghnóthaí Gaeltachta, Donnchadh Mac Fhionnlaoich. "Tá sé thar a bheith croíúil a leithéid d'ardleibhéal suime a fheiceáil i SAM i bhfoghlaim na Gaeilge.

Easpa Gaeilge san Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre

Katie McGreal

MÁ chuireann tú isteach ar do scrúdú tiomána i nGaeilge, ní chiallaíonn sé sin gur féidir leat é a dhéanamh i nGaeilge.

Ar shuíomh an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre, tá rogha agat iarratas a chur isteach don scrúdú tiomána i nGaeilge nó i mBéarla, ach chun an scrúdú a dhéanamh i nGaeilge caithfidh tú cinnte a dhéanamh de go roghnaíonn tú an leagan Gaeilge de pé catagóir feithicle a roghnóidh tú. Níl sé seo soiléir ar an suíomh áfach.

"Tá sé mar chuid den taithí atá againn go mbíonn daoine a chuireann iarratas don scrúdú isteach i nGaeilge ag iarraidh an scrúdú a dhéanamh i mBéarla," a deir Annette Regan ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus í ag míniú cén fáth go bhfuil ort an gníomh beag seo a dhéanamh ionas gur féidir leat an scrúdú a dhéanamh i nGaeilge. Ach, deir sí go bhfuil tástálaí le Gaeilge ar fáil agus is féidir an scrúdú a dhéanamh i nGaeilge, is cuma cé acu i nGaeilge nó i mBéarla a chuireann tú iarratas isteach. Ar suíomh an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre, deirtear, "Beidh tú ábalta iarratas a dhéanamh ar thástáil tiomána i nGaeilge agus cuirfidh muid an tástáil tiomána i gcrích i nGaeilge de réir mar is gá."

Carr ag fágáil an ionaid tástála tiomána ar Bhóthar Orwell i mBaile Átha Cliath. PIC: MARK STEDMAN/PHOTOCALL IRELAND.

Níl an suíomh iomlán ar fáil i nGaeilge.

San ionad tástála i gCathair na Gaillimhe, ní bhíonn tástálaí le Gaeilge ar fáil i gcónaí nuair a chuirtear iarratas isteach i nGaeilge.

Tá an eagraíocht ag labhairt leis an gCoimisinéir Teanga faoi láthair faoina ndualgais mar gheall ar an nGaeilge.

An rialtas ag lorg airgid na gCaorach ar ais

Katie McGreal

AN Nollaig seo caite, fuair feirmeoirí caorach airgead tríd an scéim Grassland Sheep ón Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia ach thugadar an iomarca airgid do roinnt feirmeoirí agus anois tá an Roinn ag lorg an airgid ar ais.

"Tógfar an t-airgead as an méid a gheobhaidh na feirmeoirí i mbliana, muna dtugann siad ar ais é," a deir Michael Murphy ó Fheirmeoirí Aontaithe na hÉireann.

Thóg sé trí bliana chun an scéim a shocrú agus gheall an Roinn go mbeadh sí ar siúl ar feadh trí bliana: 2010, 2011 agus 2012.

Gaelscéal AR SCOIL
www.oideachas.gaelsceal.ie

Ná bígí gan 'Gaelscéal ar scoil' i mbliana!

Le tacaíocht ó COGG, Comhar na Múinteoirí Gaeilge agus an tSeirbhís Tacaíochta Dara Leibhéal.
San fhorlíonadh oideachais Gaelscéal ar Scoil i mbliana beidh :

- Nótaí don rang Gaeilge agus ceachtanna gramadaí gach seachtain i gcomhair an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta le Mícheál Ó Ruairc.
- Nótaí tacaíochta do mhúinteoirí, curtha ar fáil gach dara seachtain ag Comhar na Múinteoirí Gaeilge.
- Sraith phictiúr uair sa mhí agus lámhleabhar i gcomhar leis an tseirbhís tacaíochta dara leibhéal chun an méid is mó a bhaint as an tsraith phictiúr sa rang.
- Nótaí don rang OSSP agus OSPS gach seachtain.
- Freisin, beidh ailt ghairmthreorach le Patricia Uí Fhlaithearta le fáil ar leathanaigh nuachta an pháipéir.

Bígí ag faire amach d'ábhar breise oideachasúil ar shuíomh Gaelscéal ar Scoil ag www.oideachas.gaelsceal.ie i rith na bliana freisin. Is féidir foirm síntiúis a íoslódáil ag www.gaelsceal.ie

Sampla d'ábhair a bheidh le fáil i rith na bliana :

- Ábhar cluastuisceana
- Ábhar léamhthuisceana
- Ábhar teagaisc bunaithe ar mhíreanna idirlín (webisodes) Ros na Rún agus Údar
- Ábhar físe ar théamaí an churaclaim OSSP agus OSPS

Tá síntiúis ar fáil do scoileanna ar phraghas íseal agus tá lascainí ar fáil i gcomhair orduithe móra.

Chun síntiús a ghlacadh téigh i dteagmháil leis an Chomhordaitheoir Oideachais
Caroline Ní Chualáin ag 091-897766 nó seol ríomhphost chuig
caroline.nichualain@gaelsceal.ie

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Comhar na Múinteoirí Gaeilge

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 23 Meán Fómhair, 2011

Fiche Bliain ag Fás

Forbairt £1.9 milliún ar an gCultúrlann oscailte

Seosamh Ó Riain agus Ciarán Mac Fhearghusa

Radharc álainn ar an ionad, an Ghrian ag briseadh tríd ag fógairt ré nua don Chultúrlann.

THÁINIG daoine amach ina gcéadta Dé Luain seo caite go Cultúrlann McAdam Ó Fiaich in Iarthar Bhéal Feirste mar ar athoscail Uachtarán na hÉireann, Máire Mhic Ghiolla Íosa, an t-athchóiriú agus an síneadh úrnua gleoite de luach €2.17 milliún (£1.9 milliún).

Ionann agus teideal an leabhair cháiliúil Fiche Bliain ag Fás le Muiris Ó Súilleabháin, tá an Chultúrlann tar éis fás as cuimse i saol cultúrtha na cathrach ó bunaíodh fiche bliain ó shin í in 1991.

Thóg an tionscadal uaillmhianach uasal seo 11 mhí le cur i gcrích agus fuarthas cistiú ó raon mór comhpháirtithe, lena n-áirítear an Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta (DCAL), an Ciste Idirnáisiúnta d'Éirinn (IFI), Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann, Bord Turasóireachta Thuaisceart Éireann agus an Roinn Forbartha Sóisialta (DSD).

Is liosta beagnach gan áireamh líon na n-áiseanna atá ar fáil san ionad ilfheidhmeach seo. Tá fairsinge ar thrí urlár sa Chultúrlann do léiriú ealaíonta agus amharclainne. Ar na forbairtí nua, tá Dánlann Gerard Dillon ar an mbunúrlar, an spás léirithe ina dtugtar léargas ar leith ar stair agus forbairt na Gaeilge i mBéal Feirste agus spás oibre feabhsaithe chun cur le héagsúlacht na n-imeachtaí a thiteann amach ag an ionad ilchineálach seo.

Le fiche bliain anuas tá ról lárnach ag Cultúrlann McAdam Ó Fiaich chun bealach isteach i saol na Gaeilge a chur ar fáil do dhaoine ó i gcéin agus i gcóngar. Lena chois sin, cuirtear ar fáil meascán mór eicléicteach de ranganna, ceardlanna, léiriúcháin agus taispeántais in iliomad foirmeacha ealaíne.

Mar a dúirt an tUachtarán ina hóráid spreagúil shuimiúil, "Tá múrphictiúr fá scread asail den áit seo a léiríonn fear ag seinm fidle dá gharchlann, agus na focail 'Ceol gan Teorainn' mar theideal air. Is é atá ar fáil sa Chultúrlann seo ná 'Gaeilge gan Teorainn' nó is droichhead é an Ghaeilge a threoraíonn duine isteach i saol na nGael - saol a ghlacann le cách mar atá siad agus a chuireann fáilte rompu de réir thraidisiún na féile agus an chroí mhóir. Is áit í an saol seo a dtig le daoine aithne a chur ar a chéile agus cairdeas a chothú, ionas go mbeidh saol na cathrach seo níos saibhre agus a muintir níos measúla ar a chéile. "

Dúirt an tAire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta, Carál Ní Chuilín, "Fearaim fáilte roimh an deis bheith anseo inniu le haghaidh oscailt oifigiúil Chultúrlann McAdam Ó Fiaich. D'infheistigh mo roinn, Cultúr, Ealaíona agus Fóillíocht, tuilleadh agus £500,000 (€571,020) chun athfhorbairt a dhéanamh ar an gCultúrlann agus is fóirsteanach go bhfuil muid ag nochtadh, sa chomóradh 20 bliain seo, an tsínidh agus athchóirithe nua seo ar an fhoirgneamh álainn agus stairiúil seo."

Chuaigh Gaelscéal chun cainte le Frank Rua McKenna i mBéal Feirste, fear a bhfuil ról ríthábhachtach aige i bhforbairt na Cultúrlainne le fada. D'fhiafraigh muid de Frank céard iad na moltaí a bheadh ag lucht na Cultúrlainne do phobail eile atá ag tabhairt faoi thionscadail dá leithéid.

"Bíodh fís agaibh, bíodh sibh tiomanta don fhís agus ná stopaigí, ná ligigí d'aon chonstaic cur isteach oraibh. Is iomaí constaic a bhí ag Cultúrlann McAdam Ó Fiaich ón gcéad lá riamh agus seo muid inniu agus fiche bliain bainte amach ag Cultúrlann McAdam Ó Fiaich agus tá muid ag dul iontach láidir," arsa Frank.

Agus i gcomhthéacs athbheochan na Gaeilge cé chomh tábhachtach is atá tionscnaimh mar seo?

Dúirt Frank, "Tá sé millteanach tábhachtach. Seo croí Phobal na Gaeilge i mBéal Feirste agus coinníonn sé an pobal le chéile....molaimis d'aon dream eile togra mar seo a chur chun tosaigh agus a chur i gcrích áit ar bith eile in Éirinn."

Agus é ag caint le Gaelscéal ag an gCultúrlann Dé Luain, dúirt Seán Ó Coinn, Leas-Phríomhfheidhmeannach Fhoras na Gaeilge, maidir le féidearthachtaí dá leithéid d'fhoirgneamh sna príomhchathracha timpeall na tíre, "Sin ceann de na rudaí atá aitheanta sa Straitéis (Fiche Bliain), an tábhacht atá le háiteanna a bheith ar fáil do dhaoine le teacht ar an nGaeilge sna pobail éagsúla.....Tá ionaid den chineál seo de dhíth ar fud na tíre le go dtig le daoine fócas a bheith acu do chur chun cinn na Gaeilge."

Bhí an mórtas cine le mothú i nguth Chathaoirleach na Cultúrlainne, Gearóid Ó Caireallain, agus é ag caint le Gaelscéal faoin ionad, "Tá muid iontach buíoch den Uachtarán, Máire Mhic Ghiolla Íosa, as teacht isteach chun an oscailt a dhéanamh. An foirgneamh atá ann anois, seasann sé mar shiombail do ré nua i saol Phobal na Gaeilge. Tá muid tar éis bogadh chun cinn ó ré na gcúlseomraí dorcha san aimsir chaite. Ní mise ach stiúrthóir na Cultúrlainne, Eimear Ní Mhathúna, agus an fhoireann uilig, a rinne an obair chun an pacáiste airgeadais a tharraingt le chéile. Tá céad míle fáilte roimh chách teacht isteach san ionad."

Cathaoirleach na Cultúrlainne, Gearóid Ó Caireallain lena bhean chéile Bríd.

Go n-éirí go geal leo agus thug siad sampla iontach dúinne uilig faoi na féidearthachtaí atá ann don teanga ach cur le chéile.

Imeachtaí na Cultúrlainne

IS liosta le háireamh líon na n-áiseanna atá ar fáil san ionad ilfheidhmeach seo. Ar na forbairtí nua, tá Dánlann Gerard Dillon ar an mbunúrlar, an spás léirithe ina dtugtar léargas ar leith ar stair agus forbairt na Gaeilge i mBéal Feirste agus spás oibre feabhsaithe chun cur le héagsúlacht na n-imeachtaí a thiteann amach ag an ionad ilchineálach seo.

Ní sin, ar ndóigh, deireadh liosta na seirbhísí atá ar fáil ann, ná baol air. Cuireann an t-ionad clár lán imeachtaí ealaíon ar fáil i gcaitheamh na bliana agus is ann do Chaife Feirste; an pointe eolais turasóireachta Oifig Fáilte; Amharclann Shiobhán McKenna; Raidió Fáilte; siopa leabhar/ceardaíochta; an compántas drámaíochta Aisling Ghéar; POBAL, an scátheagras thar ceann na n-eagras Gaeilge; Taca a thacaíonn leis an Ghaeloideachas; agus Tobar, cuideachta léirithe teilifíse. Tá breis agus leathchéad duine fostaithe ann, agus bíonn an Chultúrlann ag cur go suntasach le geilleagar Iarthar Bhéal Feirste.

Cuid d'óráid a thug an tUachtarán Máire Mhic Giolla Íosa

A chairde,

Míle buíochas libh ar fad as fáilte chaoin Ghaelach a chur romham féin agus m'fhear céile Máirtín. Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil le Gearóid Ó Caireallain agus Eimear Ni Mhathúna a thug an cuireadh dúinn a bheith libh. .....

I gcomhphobal atá deighilte chomh mór agus searbh sin mar a bhí an comhphobal seo is minic a ligtear fírinní agus fíricí míchaothiúla thar shúile duine nuair nach bhfeileann siad d'insint taobh amháin nó taobh eile. Is amhlaidh atá an scéal de na mílte mílte Éireannach a throid sa Chéad Chogadh Domhanda agus ní beag an méid oibre maithe atá déanta lena chur chun cuimhne arís agus go tábhachtach chun comhchuimhne. Is mór an méid a rinne athshlánú na caibidle sin inár stair chun baracáidí na mímhuiníne a ísliú agus chun muintir dheighilte a thabhairt isteach i gcomhchaidreamh atá níos sláintiúla. Tá an cumas ag scéal na Gaeilge a bheith ina fhoinse chéanna do mhaitheas óir is scéal é mar an gcéanna nach bhfuil ach leathinste agus ní go neamhchlaonta.

Tá stair agus forás na Gaeilge ar taispeáint le staidéar a dhéanamh air anseo sa Chultúrlann. Léiriú ar leith atá ann ar theanga ársa álainn réalach, teanga atá lomlán le filíocht, le ceol, le litríocht, le polaitíocht agus le saíocht daoine le meonta a cruthaíodh as meascraí éagsúla ar an oileán seo - agus is iomaí castacht agus meascra atá ann. Ní thig le duine ar bith a mhaíomh go dtuigeann siad stair agus cultúr an oileáin seo - nó na n-oileán seo, fiú - gan tuiscint éigin a bheith acu ar an Ghaeilge agus ar an saibhreas atá inti.

Nuair a thug Banríon Éilis II cuairt ar Bhaile Átha Cliath le deireanas is i nGaeilge a bhí na céad fhocail a labhair sí go poiblí. Is é an bronntanas a thug mé di chun an chuairt stairiúil sin a shonrú ná cóip de leabhar frásaí Gaeilge atá ann le ceithre céad bliain agus a bhí curtha i dtoll a chéile dá réamhtheachtaí Éilis ionas gurbh fhéad sí meas a léiriú do chainteoirí Gaeilge trí bheith ag labhairt leo ina dteanga féin.

Go raibh maith agaibh.

Ní mó ná sásta, ámh, a bhí Séamus Mac Seáin, údar an leabhair 'D'imigh sin agus Tháinig seo' agus duine de Ghaeilgeoirí dílse Bhéal Feirste. Dúirt sé ar an suíomh nuacht, Nuacht 24,

"Níl a fhios agam an bhfuil sé céillí agam a bheith ag easaontú leis an dearcadh "happy clappy" a nochtar ar an tsuíomh seo faoin chaint (agus a nochtar go coitianta faoi ócáidí Gaeilge) agus bíodh agus go bhfuil an Ghaeilge foghlamtha go maith ag an bhean uasal Mhic Ghiolla Íosa agus gur labhair sí go maith ar an lá. Ní thig liom féin glacadh leis an athscríobh ar an stair a nocht sí sa chaint. I gcead dí ach ní féidir liomsa glacadh le slad an chéad chogadh domhanda mar chomhartha athmhuintearais idir Caitlicigh agus Protastúnaigh ná gur ag smaoineamh ar na Gaeil bhochta ná ar a leas a bhí chéad Bhanríon Éilis Shasana nuair a d'iarr sí leabhar frasaí Gaeilge a bheith curtha i gcló."

Derbhile Clenaghan (10) as Dún Muirígh agus Turleigh Flannagan - O'Brien (10) as Gort na Móna, ag taispeáint áiseanna laistigh den Spás Léirithe sa Chultúrlann Dé Luain seo caite. [PIC.: BRIAN MORRISON]

Stair na Cultúrlainne

THÁINIG an chultúrlann ar an saol sa bhliain 1991, tráth ar cuireadh Gaelscoil dara leibhéal le naonúr dalta ar bun.

Bhí stair i bhfad níos sia siar, áfach, ag baint leis an áit. Seaneaglais Phreispitéireach a bhí ann roimhe sin a tógadh in 1896 agus a rinne freastal ar an bpobal suas go dtí 1982. Bhí an eaglais ina háras fosta ag Lóiste Dílis Oráisteach uimhir 824, agus tá cuimhne go fóill ag roinnt de phátrúin an lae inniu ar mhórshiúlta Oráisteacha ag teacht is ag imeacht thar fhoirgneamh reatha na Cultúrlainne.

Déanann ainm na cultúrlainne ceiliúradh ar bheirt fhear. Robert Shipboy McAdam (1808-95), an tionsclaí, fear gnó Preispitéireach agus scoláire Gaeilge a rugadh i mBéal Feirste. Thug McAdam faoi fhoclóir Gaeilge-Béarla a scríobh i gcomhar le cainteoir dúchais, Hugh Mac Donnell as Contae na Mí.

Agus, ar ndóigh, ba é an dara duine ná an Cairdinéal Tomás Ó Fiaich (1923-90), scoláire Gaeilge agus Ollamh na Nua-Staire i gColáiste Phádraig, Maigh Nuad ó 1959 go 1974.

Ba de chroílár éiteas an ionaid riamh meon neamhpholaitiúil, neamhspleách lena raibh an Ghaeilge mar chuid de chomhoidhreacht iomlán na ndaoine.

Ba é an mana oscailte, fáilteach seo a thuill clú agus cáil don Chultúrlann mar leáphota na gcultúr agus ceárta idéanna agus nuála.

An Chultúrlann i gcroílár na ceathrún Gaeltachta ar Bhóthar na bhFál in iarthar Bhéal Feirste.

COISTE GAIRMOIDEACHAIS CHONTAE NA GAILLIMHE

Cuirfear fáilte roimh iarratais ar an bpost bainistíochta seo a leanas

Múinteoir i bhFeighil

(Ionadaíocht Saoire Mháithreachais)

Meánscoil Naomh Eoin, Inis Meáin, Oileáin Árann, Co. na Gaillimhe

Tá fáil ar fhoirmeacha iarratais agus ar shonraí breise (cáilíochtaí, scála tuarastail, coinníollacha seirbhíse) ar shuíomh Gréasáin an Choiste www.countygalwayvec.com. Le do thoil, seiceáil d'fholúntais eile mhúinteoireachta a d'fhéadfadh a bheith i gceist.

Is é an dáta deiridh d'iarratais a bheith faighte ná 4.00 i.n., Dé hAoine, 30 Meán Fómhair 2011.

Seosamh Mac Donncha,
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

TRÁCHTAIREACHT

Ardán: Dípholaitiú – Tuaisceart Éireann 'nua' ag 'glacadh seilbhe' ar an Ghaeilge

Feargal Mac Ionnrachtaigh

IS beag saineolaí teanga, polaitíochta nó socheolaíochta nach mbeadh in aontas le tuairim Naom Chomsky gur 'ceisteanna cumhachta i gcónaí iad ceisteanna teanga'. Mar sin de, tá teangacha fite fuaite leis an pholaitíocht. Tá an nasc seo i bhfad níos soiléire i gcomhthéacs an choilíneachais, nuair atá ansmacht an chultúir dhúchasaigh mar phríomhchloch ar phaidrín an ionraidh choilínigh. Ar an bhonn seo, ní tharlaíonn meath teanga ariamh i bpobail atá saibhir agus faoi phribhléid ach dóibh siúd atá díshealbhaithe agus díchumhachtaithe amháin.

Lena chois sin, níorbh ann don chúlú teangeolaíochta chéanna in éagmais an daorsmachta shochchultúrtha agus soch-eacnamaíochta ach bíonn sé fréamhaithe mar dhlúthchuid den díshealbhú chultúrtha agus pholaitíochta atá tiomáinte ag leithcheal agus ansmacht follasach. Níl aon áit ina raibh an próiseas seo níos soaitheanta ná in Éirinn, a raibh meath cultúrtha ag luas gan comparáid i stair na hEorpa inti, mar thoradh ar choilíneachas foréigneach a shroich a bhuaic le cur i bhfeidhm bruidiúil na scoileanna náisiúnta agus léirscrios an Ghorta Mhóir i lár an naoú haois déag.

Sna cúinsí seo, is tionscnamh polaitiúil é gach iarracht chun athbheochan a dhéanamh ar an chultúr atá i mbaol nó chun 'díchoilíniú' a chur i gcrích. In Éirinn, ba iad bunú Chumann Lúthchleas Gael in 1884 agus Chonradh na Gaeilge in 1893 a sheas mar chomhartha breithe ar an díchoilíniú chultúrtha agus pholaitiúil. Pádraig Mac Piarais féin a dúirt, "Nuair a bunaíodh Conradh na Gaeilge, cuireadh tús le réabhlóid na hÉireann" agus tháinig tuar fán tairngneacht le hÉirí Amach na Cásca in 1916 agus an tréimhse réabhlóideach san blianta ina dhiaidh.

Mar thoradh, gabhadh baill den Chonradh agus cuireadh i ngéibheann iad. D'fhéachtaí ar aon iarracht i dtreo athbheochan teanga mar bhagairt ar smacht cultúrtha na Breataine. Bheadh oidhreacht an choilínithe chultúrtha seo le sonrú go tréan nuair a bunaíodh stát Thuaisceart Éireann fríd an chríochdheighilt in 1920. Bhí naimhdeas agus géarleanúint reachtúil i mbarr a réime leis an teanga agus a gcuid tacadóirí brandáilte mar 'avowed enemies' an stáit Oráistigh. Iomlán coimhthithe ón stát 'páirtí aonaraigh', rinneadh 'dul chun cinn' na Gaeilge a chleachtadh in 'Uladh faoi Cheilt' san Ardscoil Ultach agus Cumann Chluain Ard, áit ar éirigh léi maireachtáil beag beann ar na constaicí. Is ó na síolta modhúla seo a d'eascair an tionscadal réabhloideach féinchuidithe ar Ghaeltacht Bhóthar Seoighe a spreag an Ghaelscolaíocht agus athbheochan chomhaimseartha na Gaeilge i dtuaisceart na tíre chun beatha. Bhláthaigh an togra seo faoi thionchar claochlaithe na Stailceanna Ocrais sna luathochtóidí, agus an teanga ag spreagadh mothúcháin féiniúlachta agus cumhachtaithe i bpobail faoi léigear.

Is sa chomhthéacs seo a d'fhorbair Rialtas na Breataine agus OTÉ (Oifig Thuaisceart Éireann) straitéis scoilteach chun an teanga a chomhshamhlú isteach i ndioscúrsa an 'dá thraidisiún i dTuaisceart Éireann' trí imeallú a dhéanamh ar thograí athbheochana radacacha. Ag an am, bhrúigh OTÉ scoilt i ngluaiseacht na teanga trí thacaíocht airgeadais a sholáthar do thionscadal Ghaeilge tras-phobal darbh ainm Iontaobhas Ultach, a bunaíodh in 1989, i ndiaidh don Cultural Traditions Group an obair thalún ar fad a dhéanamh.

Bhí sé d'aidhm ag an straitéis seo 'Gaeilgeoirí measúla' a chur chun cinn, agus grúpaí athbheochana i gceantair phoblachtánacha bheith thíos leis. Is mar seo a tháinig dioscúrsa 'dípholaitithe' an OTÉ ar an tsaol. I mí Lúnasa 1990, baineadh maoiniú ó Ghlór na nGael, grúpa Gaeilge a bhí ag feidhmiú i bpobal Iarthar Bhéal Feirste, trí pholasaí grinnfhiosrúcháin pholaitiúil ag OTÉ. Ag bualadh an bhuille ba throime ar na naíscoileanna Gaeilge, ní dhearnadh aisiompú ar an pholasaí seo ach tar éis feachtas náisiúnta agus idirnáisiunta ina éadan. An bhunsprioc a bhí ag an 'dípholaitiú' ná íomhá sheicteach a bhrú ar ghluaiseacht na Gaeilge chun iad a lochtú as polasaithe leatroim stáit ina n-éadan de dheasca a gcuid nascanna leis an náisiúnachas agus poblachtánachas.

Níl sa togra seo ach bogadh siombalach sa chluiche cumhachta a fhágann go mbíonn stáit chumhachtacha ag spalpadh an mhiotais go bhfuil siad 'liobrálach' agus cothrom i dtreo teangacha mionlaithe. Is léir gurb é an diúltú leanúnach do chiomhionannas i dtaobh teangacha mionlaithe a chinnteoidh go leanfaidh siad ag imirt ról lárnach i gcoimhlintí polaitiúla fud fad na cruinne.

Gluais chun tosaigh go dtí an tréimhse iar-phróiseas síochana agus gheall Comhaontú Aoine an Chéasta comhionannas a thógáil trí 'éascú agus spreagadh' a dhéanamh ar an Ghaeilge. Mar sin féin, ainneoin an dul chun cinn atá déanta, fulaingíonn Gaeilgeoirí de bharr leatrom bunúsach go fóill, fíric a chinntíonn stádas s'acu mar shaoránaigh den dára grád in achan léiriú. In éagmais aon chosaint dhleathach, is éisceacht iad Gaeil na Sé Chontae i measc chainteoirí theangacha mionlaithe na n-oileán seo. Dar leis an saineolaí teanga, Fernard de Varennes, síolraíonn an ceart chun do theanga dhúchais a fhoghlaim agus a úsáid ó, "a fundamental right and is not some special concession or privileged treatment. Simply put, it is the right to be treated equally without discrimination, to which everyone is entitled." Ó 2006 i leith, tá OTÉ agus roinn an chultúir s'acu, DCAL, ag baint leasa as cárta trumpa an 'dípholaitithe' chun cosc a chur ar an argóint cearta daonna dhoshéanta d'Acht na Gaeilge i dtuaisceart na hÉireann.

I ndoiciméad chomharliúcháin a d'fhoilsigh DCAL ar Acht na Gaeilge in 2007, dúirt siad go hoscailte go raibh an Ghaeilge 'controversial' mar gheall go raibh 'genuine fears and concerns' ag Aontachtóirí de thairbhe 'the erosion of their British identity'. Léiriú a bhí ann ar dhearcadh coilíneach na Breataine a thacaíonn le tuairimí leatromacha trí chur síos orthu mar 'genuine fears' ar bhealach a chosnaíonn séanadh ar chearta phobal na Gaeilge. Lena chois sin, thug an tuairim seo, chomh maith le polasaí an 'dípholaitithe', creidiúint don bharúil mhiotasach, aonteangach go gcuireann éileamh ar chearta don mhionlach isteach ar bhealach éigin ar chearta an mhóraimh. Is é an fhírinne, ar ndóigh, nach é an t-éileamh ar chearta a dhéanann ceist 'conspóideach' nó 'polaitiúil' do theangacha mhionlaithe ach an séanadh leanúnach ar na cearta seo ag rialtais agus stáit ar nós Stát na Breataine in Éirinn.

Feinimeán domhanda atá sa phróiseas seo. Tá ordlathas do theangacha chumachtacha curtha i mbun ag an choilíneachas agus an domhandú a bhuanaíonn na caidrimh chumhachta éagothroma ar an domhan sa lá atá inniú ann. Mar sin, is éard is cuspóir do 'Impiriúlachas teangeolaíochta an Bhéarla' nó 'Linguicide' mar a thugtar air, ná éagothroime shóisialta, eacnamúil, pholaitiúil agus chultúrtha idir teanga an Bhéarla agus teangacha mionlaithe agus a gcuid cainteoirí a neartú. Tionscnamh polaitiúil neamhthrócaireach atá ann a thiomáineann meath teanga ar fud na cruinne. Deir na saineolaithe go gcaillfear 90% de theangacha an domhain, nó níos beaichte arís, 5,400 as 6,000 teanga, i rith an chéid seo. An tréith chomónta atá ag na teangacha seo ná an teagmháil atá acu le mórtheanga a bhain ceannas amach mar gheall ar an chumhacht pholaitiúil, chultúrtha agus shocheacnamaíochta uachtarach atá acu. Is streachailt pholaitiúil í an troid in éadan an fhorlámhais chultúrtha Angla-Mheiriceánaigh seo agus níl a mhalairt de thuairim bunaithe sa réadúlacht.

Ní bhainfear comhionannas amach do Ghaeilgeoirí sa chaoi chéanna nach n-éireoidh le hathbheochan na Gaeilge gan feachtasaíocht pholaitiúil a eagraíonn pobail na tíre seo i dtreo athrú suntasach. Ní hé seo le háiteamh gur chóir go mbeadh an Ghaeilge fán chrann smola ag an pholaitíocht pháirtí. Más soiléir aon rud, is é sin gur gá do phobal na Gaeilge neamhspleáchas agus radacachas s'againn a chosaint agus clár oibre s'againn féin a leagan amach, bunaithe ar mhianta s'againn féin. Níl sa bheart poiblíochta 'dípholaitithe' is déanaí ag DCAL, mar atá 'Líofa 2015', nach bhfaca aon acmhainní substaintiúla ag dul i dtreo na Gaeilge (ó Roinn le dualgas reachtúil chun amhlaidh a dhéanamh), ach sampla eile den Tuaisceart Éireann Nua ag iarraidh 'seilbh' a ghlacadh ar an Ghaeilge chun téarmaí tagartha s'aici féin a bhrú ar an dóigh a gcuireann muid an Ghaeilge chun cinn.

Níl sa togra seo ach bogadh siombalach sa chluiche cumhachta a fhágann go mbíonn stáit chumhachtacha ag spalpadh an mhiotais go bhfuil siad 'liobrálach' agus cothrom i dtreo teangacha mionlaithe. Is léir gurb é an diúltú leanúnach do chiomhionannas i dtaobh teangacha mionlaithe a chinnteoidh go leanfaidh siad ag imirt ról lárnach i gcoimhlintí polaitiúla fud fad na cruinne. Níl amhras ar bith gurb amhlaidh an scéal leis an Ghaeilge agus go nglacfaidh sé tionscnaimh athbheochana le substaint atá eagraithe ón bhun aníos chun todhchaí s'aici a chinntiú. Tionscnaimh a aithníonn, mar a dúirt Máirtín Ó Cadhain, gurb í 'Athghhabháil na Gaeilge, Athghabháil na hÉireann agus gurb í Athghabháil na hÉireann, slánú na Gaeilge.'

Eagarfhocal

Gaelscéal
An Chuasnóg, Baile Ard
An Spidéal,
Co. na Gaillimhe

Bua na Cultúrlainne

BHÍ lá mór acu i gCultúrlann McAdam-Ó Fiaich nuair a d'oscail a Soilse Máire Mhic Giolla Íosa an síneadh nua ar an fhoirgneamh.

Sean-eaglais a bhí sa Chultúrlann; ardeaglais na Gaeilge atá anois ann. Tá caifé ann, tá oifigí ann, tá amharclann ann agus go leor eile. Tá an Ghaeilge beo sa Chultúrlann. Rinneadh athbheochan uirthi agus cuireadh aisling McAdam agus Uí Fhiaich i gcrích - go pointe.

Táthar ann a dhéanfadh beag de sin, Gaeilgeoirí fiú, iad siúd nár leag cos sa Chultúrlann agus nach leagfaidh ar eagla go mbainfeadh an t-eispéireas na boinn ón idéeolaíocht s'acu féin.

Tá ceacht le foghlaim ó Chultúrlann McAdam-Ó Fiaich: is féidir an Ghaeilge a athbheochan. Más féidir é a dhéanamh ar Bhóthar na bhFál, is féidir é a dhéanamh in áit ar bith.

Tá laigí ann ar ndóigh, ach níl mórán ag gearán; níl an t-am acu mar tá siad ag gníomhú.

Is iomaí duine a dúirt gurbh dhodhéanta an Chultúrlann: 'white elephant' a thug siad uirthi i mBéarla. Is daoine lagmhisneacha iad atá gafa leis an éadóchas.

Téann túr na Cultúrlainne suas go hard sa spéir agus tá teachtaireacht láidir á craoladh aige: níl an t-am againn don diúltachas, don éadóchas ná don amaideacht.

Tá athbheochan na Gaeilge faoi sheol i mBéal Feirste. Níl ann ach an tús, ach tús maith a bhí ann agus tús maith leath na hoibre.

Dá mbeadh Cultúrlann i ngach cathair in Éirinn, bheadh athbheochan na teanga go mór chun tosaigh. Cad a bhfuil Gaeilgeoirí ag fanacht leis? An rialtas ab ea?

Beidh sibh ag fanacht i bhfad. B'fhearr sampla Chultúrlann McAdam-Ó Fiaich a leanúint, mana Uí Chadhain agus Mhic Sheáin a leanúint, ná habair é - déan é.

'Gamechanger' - Athrú ó bhonn

NÍL aon amhras faoi, tá an rás don uachtaránacht athraithe go hiomlán ó chuaigh Martin McGuinness isteach ann, agus tá sé athraithe go deo.

Táthar ann atá a rá gur 'win-win' é seo do Shinn Féin , roinnt mhaith nach bhfuil ar dhóigh ar bith báúil do Shinn Féin ina measc.

Ach tá cuid mhór le cailleadh ag Sinn Féin sa chluiche seo. Tá an chríochdheighilt ar ais ar an chlár. Is dócha gurb é an t-ábhar is mó ar an chlár. Beidh Sinn Féin sásta leis seo ar ndóigh. Tá siad ag iarraidh dul i ngleic leo sin a thacaíonn le críochdheighilt na hÉireann.

Ach tá baol ann go gcaillfear an argóint sin agus go ndéanfar an chríochdheighilt a láidriú i ndeireadh na dála.

Tá Martin McGuinness ag iarraidh a bheith mar Uachtarán na hÉireann.

Ach cén Éire í sin? Éire 26 contae nó 32 contae? An stát nó an náisiún? Cad is brí leis an náisiún sin? Cé atá mar chuid de agus an ionann an stát agus an náisiún sin?

Níl aontachtóirí agus náisiúntóirí sa Tuaisceart aontaithe ar mhórán, ach tá siad aontaithe gur Poblacht na hÉireann seachas Éire ba cheart a bheith ar an stát ó dheas agus gur Uachtarán Phoblacht na hÉireann í Máire Mhic Giolla Íosa.

Ba shuimiúil a fheiceáil cén chaoi a rachadh Martin McGuinness i ngleic leis an cheist sin.

Tá ceist ollmhór ann faoin Ghaeilge chomh maith. Níl Gaeilge ag Martin McGuinness agus níor léirigh sé mórán spéise inti riamh.

Muna n-éiríonn leis an Ghaeilge a fhoghlaim, agus a fhoghlaim go tapa, déanfar dochar ollmhór do stádas na Gaeilge agus do Shinn Féin.

Lena chois sin, ba léir nach mbeadh sé fóirsteanach nó cáilithe don ról. Ní féidir Uachtarán na hÉireann 'do gach duine' a bheith ann agus an t-uachtarán sin a bheith gan Ghaeilge, gan trácht ar thábhacht na Gaeilge i dtaca leis an Bhunreacht de.

Obama - Ní féidir leat

AN tseachtain seo, rinne Barack Obama ráiteas sna Náisiúin Aontaithe. 'Mhínigh' sé go raibh sé ag tacú le stát do na Palaistínigh agus ag an am céanna nach raibh. Dar le roinnt sna meáin in Iosrael, rinne sé an ráiteas "is Síonaí" riamh sna NA, seachas iad a rinne na hIosraelaigh féin.

Ní nach ionadh, ní bhfuair Barack an Dá Thaobh - nó ar cheart dúinn a rá, Barack an Taoibh Amháin - ní bhfuair sé aon bhualadh bos as an ráiteas sin agus ní bhfuair sé tacaíocht ach ó náisiún amháin eile. Iosrael féin.

Tá siad ag seasamh leo féin anois.

I ndeireadh na dála, dar le polasaí SAM, sáraíonn cearta Iosrael cearta na bPalaistíneach i ngach cás. Níl sé seo daonlathach ná cothrom agus tá bunús ciníoch leis.

Le tamall anuas, tá SAM ag tacú le cearta daoine Arabacha (nó Arabaithe) i dtíortha éagsúla ach ag obair i gcoinne saoirse polaitiúla na bPalaistíneach agus ag tacú le hIosrael agus an tír sin ag gabháil talamh na bPalaistíneach ar bhonn laethúil. Ar ndóigh, baineann seasamh Obama le cúrsaí toghchánaíochta agus a lena uachtaránacht féin. Cé acu is measa: fimíneacht nó meatacht?

Is é toil na bPalaistíneach go mbeidh stát acu (agus go mbeadh cead acu filleadh ar a mbailte ar fud na Palaistíne, ceantair atá anois mar chuid d'Iosrael). Aontaíonn an chuid is mó den domhan leo. A Uasail Obama, ní féidir leat. Ní féidir leat gníomhú i gcoinne ceart daonna agus ceart daonlathach sa Phalaistín níos mó. Is léir nach bhfuil aon ról le himirt ag SAM sa "phróiseas síochána" sa Phalaistín / Iosrael níos mó. Tá siad go hiomlán claonta i gcoinne na bPalaistíneach. Is í an Eoraip ba cheart a bheith chun tosaigh sna hiarrachtaí seo as seo amach.

CEIST na Seachtaine

Lucht Léite Gaelscéal: Níor cheart an BSL a dhíol

Le Seosamh Ó Riain

GO raibh maith agaibh ó chroí arís mar gheall ar bhur gcuid tuairimí ar cheist na seachtaine i dtaobh cuid de Bhord Soláthair an Leictreachais (BSL) a dhíol.

Is comhlacht stáit leis an rialtas é atá faoi smacht an rialtais. Is le BSL gréasán leictreachais na tíre agus is é a dhéanann bainistíocht air agus a fheidhmíonn 19 mórstáisiún cumhachta ar fud na hÉireann chomh maith le roinnt stáisiún níos lú i 28 láithreán mórthimpeall na tíre.

Tá an baol ann, ar ndóigh, go bhféadfadh oibrithe de chuid BSL dul ar stailc má dhíoltar aon chuid den chomhlacht. De réir eolais ón mbliain 2009 is fiú €4 billiún an comhlacht stáit seo agus dar leis an rialtas, tá an díol riachtanach chun cuid a chur le costas atá leagtha orthu i ngeall ar an gcomhaontú leis an AE agus leis an gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (IMF).



Is léir, áfach, nach bhfuil tromlach na léitheoirí de chuid Gaelscéal ar aon tuairim leis an Rialtas ar an gceist seo. Léirigh 64.3% agaibh nár cheart don rialtas dul i mbun dhíola an chomhlachta. Sheas 21.4% agaibh le cinneadh an rialtais chun cuid den chomhlacht a dhíol agus bhí 14.3% de dhaoine a thug le fios nach bhfuil a fhios acu i dtaca leis an gceist chigilteach seo.

Ceist na seachtaine seo:
An bhfuil tú sásta le caighdeán na n-iarrthóirí i dtoghchán na huachtaránachta?

- **Tá**
- **Níl**
- **Níl, ach níl neart air**
- **Níl a fhios agam.**

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 23 Meán Fómhair, 2011

An colm i measc na gcat

Eoghan Ó Néill

Máistirstróic a bhí ann. Ní fhaca Enda ag teacht é. Ná Eamon. Ná oiread is duine amháin dá gcomhairleoirí dea-íoctha ná dá 'apparatchiks' níos fearr íoctha.

Mar a bheadh simpleoirí ann fágadh ina staicíní áiféise iad nuair a chaith Martin McGuinness an cat i measc na gcolm (nó an ea an colm i measc na gcat!) agus thug le fios go mbeadh sé sa rás don Áras.

Agus cibé dóchas a bhí ag Gay Mitchell nó ag Michael D go mbeadh siad ar aon tuarastal le Máire Nic Ghiolla Íosa (€300,000 nó mar sin sa bhliain) dá mbainfidís, bhuel, d'imigh sin nuair a dhearbhaigh McGuinness go nglacfadh seisean le tuarastal fear oibre dá mbeadh sé san Áras.

Mar a dúirt Máire Mhic Ghiolla Íosa i gcomhthéacs eile, 'Wow!'

Faoi mar a bheadh Kevin McManamon na polaitíochta ann nocht McGuinness as an cheo Dé Domhnaigh seo caite, réab trí líne chosanta an fhreasúra agus scóráil cúl ar leith.

An cúl buacach a bheas ann?

Ní fios.

Nó faoi mar a chruthaigh Stephen Cluxton an Domhnach seo thart níl an cluiche thart go dtí go ndéantar an fheadóg a shéideadh.

Beidh cuid mhór ag brath anois ar an dóigh a saothraíonn Martin McGuinness san fheachtas binbeach colgach a throidfear sna cúig seachtaine amach romhainn.

Ach go fiú mura bhfuil a fhios againn cé a bhainfidh tá barúil mhaith againn cheana féin faoi cé a chaill.

An tiarrthóir neamhspleach don Uachtaránacht, Seán Gallagher, in éineacht le iarrthóir Shinn Féin, Martin McGuinness ag an Chomórtas Náisiúnta Treabhdóireachta i mBaile Átha Í i gCill Dara [PHOTOCALL IRELAND/TONY KINLAN]

Chaill Fianna Fáil.

Ba den chiall agus den cheart acu Brian Crowley a chur chun tosaigh. Fear cothrom a bhfuil íomhá dhearfach aige, a rinne obair mhaith don pháirtí agus a shaothródh vóta maith dá gcuirfí chun tosaigh é.

Ach anois nach bhfuil iarrthóir páirtí acu beidh Sinn Féin sa tóir ar gach uile cheann den 387,358 vóta a shaothraigh Fianna Fáil sa toghchán deiridh.

Agus gheobhaidh siad sciar acu.

Tá cuid de na polaiteoirí is de na 'hacks' is de na tráchtairí nach bhfágfaidh uaigh gan oscailt sna seachtainí amach romhainn agus iad ag iarraidh salachar a aimsiú ar iarcheannaire an IRA i nDoire.

Agus ní mór dúinn uilig ceisteanna a chur.

Rinne an IRA dochar mór don phobal ó thuaidh, don pobal Aontachtach go háirithe.

Agus rinne siad dochar don tír ar fad.

Ach ní mór a bheith réadúil faoi.

Seo tír ina raibh cogaíocht ag dul leis na glúnta.

Tá go leor daoine a chaith blianta fada in Áras an Uachtaráin, in Áras an Taoisigh agus in go leor árais eile stáit a rinne sleacht ar chúlbhóithre sa lá agus feallmharú i lár an bhaile faoi choim na hoíche.

Tá ceisteanna le freagairt ag Martin McGuinness go cinnte.

Ach ba mhaith liom go gcuirfí ceisteanna air lena chois faoina dhearcadh faoi inimircigh, faoin Ghaeilge, faoin eacnamaíocht. Faoin dóigh ar féidir post na hUachtaránachta a úsáid chun cuidiú leo sin atá imeallaithe. Agus chun brú morálta a chur orthu sin a bhfuil cumhacht acu. Ba mhaith liom cloisteáil uaidh faoin dóigh a ndéanfadh sé muid bródúil as Uachtarán mar é.

Ba mhaith liom cloisteáil ó iriseoirí ar suim leo muid a chur ar an eolas faoi Martin McGuinness ina iomlán, idir lochtanna agus bhuanna. Seachas iriseoirí ar suim leo fulaingt na n-íospartach a úsáid chun cic a thabhairt do Shinn Féin.

Agus is mó de chiceáil Shinn Féin a bheidh ann sna seachtainí amach romhainn ná fíor-iriseoireacht.

Tá an bhunaíocht ó dheas, na meáin ó dheas, ag gortú go fóill as an dóigh ar bhuail Sinn Féin máistirstróic orthu.

Tá Fintan bocht O'Toole buartha go gcuirfí coireanna cogaidh i gcoinne an Uachtaráin McGuinness dá mbeadh sé san Áras. Bhuel a Fintan, 'The Black Provo' a thabharfaí tráth ar an iar-Uachtarán Nelson Mandela. Fear nár chleacht teagasc Ghandi go dtí go raibh sé ina sheanleaid déanta.

Tá Terry Prone ag lúbadh na teanga ar shlí nár lúbadh riamh í chun a mhíniú dúinn nach raibh lámh riamh ag De Valera i bhforneart sula deachaigh seisean isteach sa Pháirc.

Gay Byrne?

Ar TV3 ar seisean, "When I look at him (Martin McGuinness) I see a former IRA man and a gunman.....you get nowhere with them because they lie, they lie all the time, they lie consistently and they don't mind lying, because they have been trained to lie."

Tá an bhunaíocht pholaitiúil is chumarsáide ó dheas ag gortú.

Tá na 'political tourists', mar a thug tráchtaire RTÉ ar Shinn Féin tráth, tá siad anois i lár an aonaigh. Agus beag beann ar RTÉ tá siad ag fáil éisteachta.

Má mhaireann an rialtas seo an cúrsa ar fad beidh toghchán ann in 2016.

An tUachtarán McGuinness san Áras, agus an Taoiseach, Piaras Ó Dochartaigh, in Oifigí an Rialtais?

Tharla rudaí ní b'iontaí!

€80,000 sa mhí ar an dallamullóg

Conall Ó Móráin

€2.4 milliún - i scéim an tsaoil ní fiú dada é. Is é sin má chuirtear an méid sin i gcomparáid leis an €50,000,000,000 atá orainna chur isteach sna bainc chun iad a choimeád ar fónamh.

Tháinig an dá fhigiúr thuasluaite ó thuairisc ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, John Buckley, a foilsíodh i rith na seachtaine. De réir Buckley is é an figiúr mór sin an t-uasmhéid a bheidh orainn a dhíol as peacaí na mbaincéirí agus na bhforbróirí.

Ach an dá mhilliún go leith Euro sin, nó gar a dhóthain dó, sin figiúr a chuireann an t-olc céanna orm agus a chuireann figiúr na mbanc. Agus cén fáth sin?

Mar, mar a thaispeánann tuairisc an Uasail Buckley, leanann an cur amú airgid ag géaga an Stáit ar aghaidh gach aon bhliain.

B'fhéidir go bhfuil muintir NAMA agus an Bhainc Cheannais den tuairim gur cuma cé mhéad a chaithfear ar chomhairleoirí agus a leithéid mar, sa mhórscéim, nach ndéanann sé puinn difir.

Is amhlaidh, agus mé ag léamh na tuairisce seo, go bhfuil 'morgáiste' na tíre chomh mór go bhfuil daoine sa Státseirbhís gur cuma leo má tá an tír ag ceannach agus ag ól fíon Montrachet ar €100 an buidéal mar nach beag an méid é i gcomparáid leis an mhórfhigiúr? Leanaimis ag ithe agus ag ól mar sin.

Mar shampla, deir an tuairisc linn go bhfuil €35 milliún caite ar chomhairleoirí bainc chun comhairle a chur ar an NTMA agus ar an mBanc Ceannais.

Seo an NTMA céanna a dhíol pá gar do €1,000,000 mar thuarastal bliana le Michael Somers a bhí i gceannas ar an eagras.

Má thoilleann tú milliúin Euro chun fo-rannóg rialtais a rith (ceann nár choimeád slán an tír cuimhnigh) - rud náireach ann féin - b'fhéidir go bhfuil do chloigeann chomh fada thuas sna scamaill nach bhfeiceann tú nach cóir agus nach gá milliúnaithe eile a chruthú as an ngéarchéim.

Tá na céadta duine ag obair sa Bhanc Ceannais agus san NTMA agus cheapfá, eatarthu, go mbeadh an traenáil agus ábaltacht ina measc nach mbeadh orthu comhairleoirí den sórt sin a fhostú. Mura bhfuil daoine sa dá eagras oilte sna cúrsaí seo cad is eol dóibh?

Nach é sin an fáth go bhfuil siad ann sa chéad dul síos? Má tá orthu iad a earcú, déanadh siad sin, ach ar gnáth-thuarastal fostaí agus ní ar an rathúnas a lorgaíonn comhairleoirí sealadacha.

Is féidir argóint a dhéanamh go ndeachaigh cúrsaí in olcas chomh tapa sin go raibh ar an mBanc Ceannais agus an NTMA speisialtóirí d'fhostú go mear.

Ach dá mbeadh na speisialtóirí céanna fostaithe ag an mBanc Ceannais ó thús an mbeadh muid

Cad is fiú post an Árais?

Páidí Ó Lionáird

THOSNAÍOS i bpost nua an tseachtain seo caite. Tá bliain mar léachtóir le cúrsaí cumarsáide faoi mo chúram agam agus mé ag tosnú ag bun an dréimire ó thaobh tuarastail de. Nílim ag gearán ná é, ní hé go bhfuil postanna mar seo flúirseach ná iomadúil agus ... tá a fhios agam gur cinnte go bhfuil 450,000 duine amuigh ansan ar bhreá leo an deis, bídís cáilithe nó ná bíodh.

Tá scáth agus eagla orm áfach. Eagla mar go bhfuilim ag súil go nglaofaidh Ceann na Scoile isteach orm lá éigin agus go ndéarfar liom go bhfuil duine éigin eile tagtha chucu á rá leis go ndéanfaidh siad an cúram ceannann céanna ach ar thuarastal níos ísle ná an chéim is ísle ar a bhfuilimse.

Dáiríre! Féach cad atá tarlaithe le seachtain anuas sa bhfeachtas toghcháin Uachtaránachta?

Ar dtúis chualamar go raibh fonn ar an Seanadóir Labhrás Ó Murchú cur lena chuid gabháltas agus Áras an Uachtaráin a chur i dteannta Bhrú Ború, atá le cois Chaiseal Mumhan, agus an iliomad gabháltas eile atá i seilbh Chomhaltas Ceoltóirí Éireann.

Ansan bhí an fiasco a bhain le hathiontráil an tSeanadóra David Norris sa "rás", d'ainneoin nach bhfuil a dhóthain geallúintí faighte go fóill aige. An é nach gcloiseann sé gaoth an phobail? Aontaím le John Waters a deir gur cóir deis a thabhairt dó ionas gur féidir deis amháin eile éisteachta a thabhairt dó.

Ansan bhí sárbheart Shinn Féin. Níorbh eol d'éinne cé a bhí ar intinn acu a sheasamh sa toghchán, fiú go raibh a fhios acu féin cé a bhí i gceist. Bhí sé leath-ráite ag a gceannaire go mbeadh duine éigin le tréithe poblachtánacha á sheasamh acu ach nach gá gur ball de Shinn Féin a bheadh ann. Luadh ainm Michelle Gildernew.

Ach níorbh í a bhí ar intinn acu. Ba é Martin McGuinness, LeasChéad-Aire an Chomhthionóil ó thuaidh, a bhí ar intinn acu, an té nár luadh in aon chor. Sárbheart cinnte. Ní chloisfimís faoi gan na cait a bheith caite i lár na gcolúr áfach, sean-chleas Shinn Féin.

Dana Rosemary Scallon ag dul isteach i rás na huachtaránachta an tseachtain seo [PIC : PHOTOCALL]

B'amhlaidh go raibh McGuinness i mbun a mhachnaimh féin agus é ar chuairt gnó go dtí na Stáit Aontaithe. Gnó an Tuaiscirt.

Nuair d'fhill sé áfach, níorbh fhada é ag cur síos ar an sórt feachtais a bheadh ar intinn aige a rith. Sheasfadh sé ar na bun-phrionsabail a bhain an tsíocháin amach ó thuaidh. É anois ina leas-cheannaire ar na sé chontae ach cad mar gheall ar a thréimhse mar leas-cheannaire ar an IRA? Nó 'Óglaigh na hÉireann' mar a thugadar orthu féin go minic?

Dá n-éireodh leis an toghchán a bhuachaint, bheadh sé i gceannas ar an aon bhuíon de 'Óglaigh na hÉireann' is cóir a aithint, Arm na hÉireann. An bhfuil ceisteanna fós le freagairt aige mar sin?

Bhuel n'fheadarsa an bhfuil nó nach bhfuil. Deir sé go bhfuil amhlaidh déanta aige cheana féin le fiosrúcháin Saville ó thuaidh. D'admhaigh sé a pheacaí agus a chúlra. Tá dílseoirí ó thuaidh a deir gur amhail le naomh é. Dílseoirí? Agus fós níl aon iontaoibh as anseo sa Deisceart? Tá sé maith go leor don mbord is airde ó thuaidh ach níl dúinne anseo sa Deisceart is léir.

Mar bharr ar a iarratas, áfach, dúirt sé nach dtógfadh sé ach an buntuarastal tionsclaíoch mar chúiteamh ar a chuid iarrachtaí.

Chiallódh sé sin go mbeadh foireann oibrithe ag obair mórthimpeall air san Áras, iad ar fad ag tuilleamh níos mó ná fear a' tí, Uachtarán na hÉireann.

Ach bheadh níos mó agus níos fearr le teacht go fóill.

Thiocfadh Ó Murchú ar ais le ráiteas á rá nach dtógfadh sé aon tuarastal in aon chor dá dtoghfaí é! Dhéanfadh sé ionadaíocht ar mhuintir na hÉireann ar neamhní!

An tslí ina bhfuil an scéal ag dul, feictear dom go gcaithfidh duine de na hiarrthóirí teacht ar sheift éigin á rá go n-íocfaidh siad praghas ar an ngradam agus an phribhléid a bheith mar Uachtarán na hÉireann. Nach raibh conspóid éigin mar seo béal dorais acu cúpla bliain ó shin?

Agus cad mar gheall ar Dana?

Ó sea, tá sí ar ais agus sa tóir ar thacaíocht ó Fhianna Fáil, tacaíocht dar dhiúltaigh Gay Byrne agus a diúltaíodh don Seanadóir Ó Murchú, ag cur bhuíon bheag an pháirtí atá fágtha san Oireachtas agus atá faoi léigear, faoina thuilleadh léigir. Ceapadh i ndiaidh uafás an olltoghcháin d'Fhianna Fáil go raibh dóchas éigin ag teacht as ceapachán Mhichíl Martin mar cheannaire ach is cosúla le riarthóir é atá ag réiteach an pháirtí dá laethanta deiridh, saghas eotanáis pholaitíochta.

Pé scéal é, tá an rás chuig an Áras tosnaithe i ndáiríre. Cuirfear na hiarrthóirí ar fad faoin spotsolas anois ar feadh míosa, iniúchadh ar gach gné de shaol na n-iarrthóirí - gnó, caidrimh, easnaimh agus an uile ní a bhaineann leo féin agus a gclanna, an salachar sin ar fad atá le múscailt. Níor mhaith liom a dtrioblóid ach cuirfidh sé tús luath le comóradh céid Éirí Amach na Cásca.

An chun aontais nó easaontais na tíre a bheidh tréimhse naoú Uachtarán na hÉireann?

a chur ar mhuintir na hÉireann

sa pholl mór dubh ina bhfuil muid anois?

Tá a fhios againn go léir gur maith leis an sórt seo daoine tuarastail dheasa mhóra a thabhairt dóibh féin ach fiú dá mbeadh €250,000 an duine dá fháil acu is deacair a chreidiúint go mbeadh 140 duine den sórt sin ag teastáil - luach €35 milliún acu. Ach nach cuma? Níl ann ach airgead an phobail? Ach céard faoin mblúirín beag sin, an €2.4 milliún sin a luaigh mé ag an tús?

Sin an figiúr a thug tuairisc Buckley dúinn ar an mhéid a caitheadh go dtí seo ar 'bhainistíocht ghéarchéime' mar a thugann siad air. Is é sin, dhíol rannóga Stáit €2.4 milliún chun an teip a rinneadh i measc rannóga Stáit a chur 'faoi cheilt' mar cinnte dearfa níor tugadh míniú cruinn ná macánta dúinn ar na cliseanna a tharla idir an Rialtóir Airgeadais, an Banc Ceannais, an Roinn Airgeadais agus an NTMA go dtí seo. Luach €2.4 milliún de mhífhaisnéis chun focal deas, neamhchonspóideach a thabhairt air.

Níl an tuairisc beacht go díreach ar an achar ama a bhí i gceist leis an 'bhainistíocht ghéarchéime' a chosain oiread sin ach, ag breathnú air, agus mé flaithiúil, tá an chuma air gur tréimhse 30 mí atá i gceist. Ciallaíonn sé sin gur chosain sé €80,000 sa mhí casadh a chur ar na scéalta a tugadh dúinn.

Níl an tuairisc beacht go díreach ar an achar ama a bhí i gceist leis an 'bhainistíocht ghéarchéime' a chosain oiread sin ach, ag breathnú air, agus mé flaithiúil, tá an chuma air gur tréimhse 30 mí atá i gceist. Ciallaíonn sé sin gur chosain sé €80,000 sa mhí casadh a chur ar na scéalta a tugadh dúinn.

I gcúrsaí cumarsáide níl faic níos foirfe ná an fhírinne. Dá mbeadh an scéal chomh simplí gurb iad na baincéirí sna bainc phríobháideacha agus na forbróirí amháin údar na tubaiste eacnamaíochta, ní bheadh ar na húdaráis ach an mhéar a shíneadh ina dtreo.

Ach tá a fhios againn nach bhfuil an cheist chomh simplí leis sin agus is é atá sa €2.4 milliún ná an cruthúnas go bhfuil siad sáite, a bheag nó a mhór, sa ghnó gránna iad féin.

Dá mbeadh muintir an NTMA agus an Bhainc Cheannais cinnte fúthu féin agus dá mbeadh muinín acu nach raibh siad féin ciontach ar bhealach éigin sa mhéid a tharla ní bheadh aon ghá €80,000 sa mhí a chaitheamh chun iarracht a dhéanamh an dallamullóg ar chur ar mhuintir na hÉireann.

Is iad muintir na hÉireann atá ag díol as an tseafóid seo. Seo muidne ag díol airgid ionas nach gcloisfidh muid an fhírinne lom.

Ní hamháin go bhfuil sé seo seafóideach ach, níos measa, tá sé iomlán soiniciúil.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 23 Meán Fómhair, 2011

ANAILÍS

Díchoimisiúnú na gCoimisiún

Ar lean ó leathanach a haon

Cuireadh 63 iarratas isteach faoin scéim anuraidh, agus 53 iarratas arú anuraidh. Bhí dosaen foilsitheoirí luaite leo sin ar fad. Ina measc bhí O'Brien Press, ar leabhra Béarla is mó a fhoilsíonn siad, agus tá neart foilsitheoirí eile ann a mbíonn beagán leabhra Gaeilge ar a liosta: New Island, Arlen House, Mercier, Gill & Macmillan, Poolbeg, Four Courts agus tuilleadh.

Dá gcuirfí ceithre iarratas isteach thar gach foilsitheora díobh sin chomh maith leis na foilsitheoirí lánGhaeilge, bheadh níos mó iarratas ann ná ariamh.

Mar sin, níor chuspóir don teorainn nua líon na ndeontas ná líon na n-iarratas a laghdú. Ní fhéadfadh sí a dhéanamh ach srian a chuir le méid na leabhra a chuirfeadh foilsitheoir ar leith amach.

Tá níos mó deontas tugtha faoi Scéim na gCoimisiún do leabhra a bhí le foilsiú ag Coiscéim ná aon chomhlacht eile, ní nach ionadh ós é an foilsitheoir Gaeilge is mó é. Leis an teorainn seo, nach raibh baint ar bith aici le táirgeadh leabhar, is léir go raibh duine éicint ag iarraidh bac a chur roimh Choiscéim.

An foilsitheoir, Pádraig Ó Snodaigh ó Coiscéim i mbun oibre ina oifig.
[PIC : FEARGHUS Ó SNODAIGH]

Ní léir cén fáth, áfach, nó níl aon rud i miontuairiscí bhord Fhoras na Gaeilge a thabharfadh le fios gur pléadh an teorannú nua. I ndáiríre, ní fhéadfaí foráil mar é a chur i bhfeidhm gan athrú ar an bpróiséas iarratais, ag glacadh iarratas ó fhoilsitheoirí seachas ó scríbhneoirí – ach fágadh an próiseas mar a bhí, agus iarratais ag teacht ó scríbhneoirí. Níor pléadh an coinníoll nua le duine ar bith: aniar aduaidh a tháinig sé.

Tháinig coinníoll eile aniar aduaidh leis: go gcaithfeadh foilsitheoirí na hiarratais a luafaí leo a rangú in ord fiúntais. Cén chaoi a ndéanfaí sin, úrscéal a chur i gcomórtas le leabhar staire, cuimhní cinn le cnuasacht filíochta? Agus an chuid is aistí de, níorbh amhlaidh go nglacfadh an Foras le ord fiúntais seo an fhoilsitheora. Cheapfá nach rabhthas ag iarraidh orthu ach léim a chaitheamh le teann umhlaíochta.

Cuireadh naoi n-iarratas déag isteach ar Scéim na gCoimisiún i mbliana agus Coiscéim luaite leo mar fhoilsitheoir. Bhí cuid de na scríbhneoirí Gaeilge is fearr dá bhfuil ann ina measc – agus mise freisin! Ba bheag é mo dhóchas féin ó diúltaíodh don iarratas a rinne mé anuraidh, ach is cinnte go raibh níos mó ná ceathrar ar an dream sin a mb'fhiú deontas iad faoi scéim chothrom ar bith. Ach ní bhfaighidh duine ar bith acu pingin rua.

Dhiúltaigh Coiscéim ceithre iarratas a roghnú is a rangú agus an chuid eile a dhíbirt. Comhlacht atá ag déanamh a dhíchill le deich mbliana fichead scríbhneoirí Gaeilge a chothú, bhí sé in aghaidh a chlaonta uilig cúnamh a chosc ar scríbhneoirí. Ní hionadh ar bith ach an oiread nach nglacfadh sé páirt in iarracht ciorrú lena chuid foilsitheoireachta.

Tá naoi nduine dhéag thíos le doicheall dothuigthe an Fhorais, cuid acu atá ag iarraidh beatha a bhaint de scríbhneoireacht na Gaeilge.

Ní mise is measa as, déarfainn, ach is ábhar bróid dom go bhfuil foilsitheoir agam nach bhfuil sásta dréimire a dhéanamh dá chuid scríbhneoirí. Meas tú an roinnfidh na foilsitheoirí eile a n-oird fiúntais linn? "Is saothar fíorthábhachtach an leabhar nua seo uainn. Ach níl sé chomh tábhachtach le leabhar eile a fhoilseos muid i gceann cupla mí..."

Ó tháinig Bord na Leabhar Gaeilge faoina choimirce, tá smacht Fhoras na Gaeilge ar an bhfoilsitheoireacht ag géarú, ag druidim leis an drochshúil a chaith an seanGhúm uirthi go dtí na 1950idí. Anois tá comórtas X Factor déanta acu de scéim fhiúntach. Ní dóibh is dual foilsitheoireacht na Gaeilge a chur chun cinn.

SÚIL SIAR na Seachtaine

Tá Lón Cogaidh i raic an "Plassy" go fóill

Inniu 8 Meán Fómhair, 1961

Donncha Ó hÉallaithe

Oíche an 8 Márta 1960 chuaigh an Plassy ar carraig amach ó chósta thoir theas Inis Oírr, le 11 de chriú ar bord. Ba leis an Limerick Steamship Company an long lastais a bhí ag déanamh a bealaigh ón bhFianait i gCiarraí go Gaillimh in aghaidh gála anoir aneas nuair a chlis an t-inneall. Gan stiúir air, cuireadh an Plassy ar Charraig Fínise thart ar 250m amach ón oileán.

D'éirigh le muintir Inis Oírr éacht a dhéanamh an oíche úd agus gach duine den 11 ar bhord na loinge a thabhairt slán. Léiríonn sraith ghrianghraf a tógadh ar an oíche, atá ar taispeáint san Ionad Ealaíne ar Inis Oírr, cé mar a sábháladh criú an Plassy 51 bliain ó shin.

An Plassy mar atá sí inniu.

Tamall gearr ina dhiaidh sin chaith stoirm eile an long isteach ar an gcladach, áit a bhfuil a bhfuil sí socraithe ó shin. Tá sí ar cheann de na hiarsmaí ar an oileán a mheallann na mílte cuairteoir chuile bhliain agus cáil fhorleathan bainte amach aici de bharr í a bheith le feiceáil ag tús gach clár sa tsraith teilifíse iomráiteach Father Ted.

Leathchéad bliain ó shin bhí scéal scantrúil ar an nuachtán seachtainiúil INNIU ag Deasún Breathnach faoin Plassy. Ba iriseoir leis an Irish Independent é Deasún, a bhíodh ag scríobh ar INNIU faoin leasainm Rex Mac Gall. Thug sé le fios go raibh piléir fós fágtha ar bhord an Plassy, bliain go leith tar éis a triomaithe ar an gcladach.

"Táthar a bhaint na bpiléar amach ón long bhriste "Plassy" in Inis Thiar ainneoin na raice a tógadh anuraidh ar na nuachtáin faoi. Anuraidh ba lón gunnáin a fionnadh istigh sa long, ach lón raidhfil atáthar a thógáil amach aisti I mbliana.

Ábhar scannail den chéad scoth a bhí ann anuraidh - cailíní agus buachaillí ó Cho. An Chláir ar chúrsa Gaeilge in Inis Thiar agus iad ag caitheamh na bpiléar agus na maidhmitheoirí isteach sa tine a d'admhaigh siad cois chladaigh.

Ar ámharaí an tsaoil, cé go raibh na piléir ag pléascadh agus ag scinneadh amach go tiubh, níor mharaigh siad aon duine, buíochas le Dia.

Cuimhneacháin as Árainn

Faoin am sin bhí mo mhac ar a shaoire san oileán. Nuair a tháinig sé abhaile céard a bhí le taispeáint aige dom ach beart mór de philéir agus de mhaidhmitheoirí! Is maith an rud é go raibh sé de chiall aige a leithéid a thabhairt suas.

Scrúdaigh mé iad, agus ba léir dom nach raibh mórán maithe iontu mar lón cogaidh. Ba chontúirteach an mhaise don té a thriailfeadh iad, áfach. Ba léir dom go bhféadfaidís duine a mharú nó a ghortú go dona, dá mbeifeá á mbualadh le cloch nó dá gcaithfea isteach sa tine iad.

Thujg mé suas do na Gardaí iad agus d'inis mé faoin gcaoi a dtáinig mise orthu. Cheistigh siad mo mhac agus chuala mé ina dhiaidh sin gur thóg na gardaí cuid mhaith acu as an "Plassy".

Ach má rinne is amhlaidh nár scrúdaigh siad an tseanraic faoi mar ba cheart a dhéanamh, mar chonaic mé féin go raibh cuid mhaith fágtha ann, istigh sa long agus lasmuigh di.

Dá dteaspeánfaidís an dúthracht chéanna a bhíonn acu agus iad ar thóir an phoitín, ní bheadh aon ábhar clamhsáin agam anseo inniu. Tá súil agam nach bhfanfaidh siad go dtí go mbeidh duine óg éigin gortaithe go dona!

Mistéir an "Plassy"

Ach céard is bun le mistier an "Plassey"? Cén chaoi ar tharla go raibh a leithéid de last ar bord long de chuid na hÉireann?

An í an smugláil a bhí i gceist - lón cogaidh a thabhairt isteach anseo nó isteach i dtír éigin eile?

De réir mar a chuala mise, agus creidim gurb í an fhírinne atá ann, mar scéal, d'fhan an stuif seo i dtóin na loinge gan fhios do mhuintir Chomhlacht Galtan Luimnigh.

Is amhlaigh a bhí an long á húsáid ag an gcabhlach Sasanach le linn an chogaidh dheireannach mar bhá bainte mianach.

Tarlaíonn sé go minic nach dtugtar faoi deara lón cogaidh fágtha I ndearmad ar long mar an "Plassy" go dtí go mbristear suas í nó go dtarlaíonn timpist di."

NUACHT RÉIGIÚNACH

CONNACHTA NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Táillí taistil as Cill Rónáin agus táillí nua i Ros an Mhíl

Máirtín Ó Catháin

TIOCFAIDH an cheist chonspóideach faoi tháillí ag calaphort Chill Rónáin in Inis Mór faoi bhráid Chomhairleoirí Contae na Gaillimhe Dé Luain seo chugainn.

Tá cinneadh le tógáil acu an lá sin. Má coinnítear leis na moltaí atá ann go dtí seo beidh táille €1.20 an duine le cur ar dhaoine a bheidh ag taisteal ar na báid; 80 cent a bheidh ar mhuintir an oileáin.

Is iad na comhlachtaí atá i mbun na seirbhísí a bhaileoidh na táillí sin. Beidh táillí le gearradh freisin ar bháid eile a bhaineann leas as an gcalaphort i gCill Rónáin. Níl a fhios ar féidir na currachaí a choinneáil saor ó tháillí fós.

Chosain an calaphort nua i gCill Rónáin os cionn €40m ach tá praghas le n-íoc as an bhforbairt anois. Teastóidh €200,000 sa mbliain le cothabháil agus forbairt a dhéanamh ar an gcalaphort nua.

Tá táille de €1.20 i bhfeidhm ar phaisinéirí a fhágann Ros an Mhíl ag dul go hÁrainn faoi láthair, cé go bhfuil sé ina chonspóid faoi sin. Baineann an táille seo le reáchtáil chalaphort Ros an Mhíl féin. Bheadh an táille i gCill Rónáin le cur leis sin.

Dá réir sin bheadh €2.40 an paisinéir le n-íoc ag lucht báid phaisinéirí agus d'fhéadfadh seo an táille taistil a mhéadú.

Feictear do Chomhairle Contae na Gaillimhe gur féidir bille bliantúil an chalaphoirt i gCill Rónáin a íoc de bharr na dtáillí nua atá molta acu anois. Meastar go dtéann os cionn 100,000 duine sa mbliain go hÁrainn.

Tá lucht báid phaisinéirí go láidir in aghaidh na dtáillí nua seo. Cuireann sé costas agus obair bhreise orthu. Ach shocraigh Comhairleoirí Contae Chonamara le gairid cloí a bheag nó a mhór leis na moltaí i dtaobh na dtáillí. Tuigtear go bhfuil brú ag teacht orthu i gcónaí as Árainn agus ó lucht báid phaisinéirí. Tiocfaidh an crú ar an tairne Dé Luain ach a gcaithfear bhótáil.

Idir an dá linn ní fada a bheidh deis ag lucht báid phléisiúir agus báid bheaga leas a bhaint as calaphort Ros an Mhíl in aisce.

Tá caladh - no 'marina' - nua le forbairt i Ros an Mhíl le haghaidh luaimheanna, báid phléisiúir agus báid bheaga oibre (currachaí ina measc).

Beidh spás ann do 30 bád. Beidh táille cúpla míle euro sa mbliain ar luaimheanna ann; ní raibh tada le n-íoc acu roimhe seo.

Beidh táille ar bháid eile freisin. Ní bhaintí pingin ar bith amach ar churrachaí i Ros an Mhíl go dtí seo ach d'fhéadfadh athrú a bheith air sin ach a mbeidh an caladh nua feistithe amach.

Oíche Chultúir faoi lán seoil san Iarthar

Áine Ní Chuaig

IS í an Oíche Chultúir an ócáid is mó sa tír le hardán a thabhairt do ghníomhachtaí cultúrtha na tíre agus léiríonn sí íomhá den tionchar láidir atá ag imeachtaí cultúrtha ar an tsochaí. Ar fud na tíre anocht, beidh saothar ó ealaíontóirí ar taispeáint mar chuid d'Oíche Chultúir 2011. Fanfaidh na hionaid ar oscailt níos déanaí san oíche agus eagróidh siad imeachtaí atá saor in aisce agus oscailte don phobal.

Le cúig bliana anuas tá an Oíche Chultúir éirithe ina mór-ócáid náisiúnta. Tugann an tráthnóna deis don phobal, d'eagraíochtaí agus do ghrúpaí cultúrtha tréithe den chultúr áitiúil a fheiceáil agus a thaispeáint in aon oíche amháin, agus a bheith páirteach in ócáid náisiúnta ag an am céanna.

GAILLIMH

Osclóidh Leabharlann James Hardiman ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh a gcuid doirse don phobal ag 7.00in chun súil a chaitheamh ar an ábhar luachmhar litríochta agus amharclannaíochta atá acu ansin sa chartlann. Tógtha ó shraith DruidSynge, taispeánfar Riders to the Sea agus The Shadow of the Glen ón scríbhneoir J.M. Synge ag 9.00in. "Tugann an Oíche Chultúir deis iontach don phobal a theacht isteach chun féachaint ar ábhar na cartlainne agus tá imeachtaí suimiúla eile eagraithe againn don oíche," a deir John Cox ó Leabharlann James Hardiman na hOllscoile.

CONAMARA

Tá Fíbín Teo. ag tabhairt faoi léirithe náisiúnta agus idirnáisiúnta don Oíche Chultúir. Tá fáilte roimh an phobal freastal ar chleachtadh speisialta de 'An Triail' idir 4.00-6.00in i Seanscoil Shailearna, Indreabhán. Léireoidh Fíbín Teo. athchóiriú rathúil de 'An Rón Dall' san Irish College, Lováin, an Bheilg mar chuid den Oíche Chultúir freisin. Tá an léiriú seo, a cheanglaíonn ceird na scéalaíochta, ealaín bheo agus ceol beo ar aon stáitse amháin, tar éis a bheith ar stáitse sa Bhreatain agus san Afraic i mbliana agus rachaidh siad ar chamchuairt chuig an Iorua, Nua-Eabhrac agus Páras amach anseo.

Is é Josie Sheáin Jeaic Mac Donncha a bheidh mar Fhear an Tí ag seisiún mór ceoil, amhránaíochta agus damhsa a thionólfar in Áras Shorcha Ní Ghuairim i gCarna ó 7.30-9.00in, áit a mbeidh filíocht agus scéalaíocht ar an gclár freisin. Tá Pléaráca ag eagrú Oíche Cois Teaghlaigh in Ionad Fiontair Ros Muc, le scéalaíocht ó Mháirín Mhic Lochlainn. Beidh neart fonnadóireachta agus ceoil ag an ócáid a thosóidh ag 7.30in. Oíche Airneáin a bheidh ar an Spidéal agus is é Seán Ó Coisdealbha a bheidh mar Fhear an Tí sa mBoluisce ó 8.30in ar aghaidh. Oíche cheoil, damhsa, filíochta agus amhránaíochta le scoth na n-ealaíontóirí áitiúla atá geallta.

MAIGH EO

Reáchtálfar imeachtaí i 25 ionad ar fud Mhaigh Eo ó 3.30in inniu mar cheiliúradh ar an Oíche Chultúir. Beidh beagnach 70 imeacht saor in aisce ar siúl ar fud an chontae ag freastal ar chuile aoisghrúpa, chun blas a fháil ar an gcultúr saibhir atá sa chontae. Tá raon leathan imeachtaí ar bun, idir cheardlanna do theaghlaigh, scannáin, thaispeántais, thaispeántais cheirde, sheisiúin cheoil agus go leor eile.

Tá Comhar Dún Chaocháin Teo. ag eagrú dhá imeacht mar chuid den Oíche Chultúir. Beidh taispeántas grianghraf dar teideal 'Muintir Dhún Chaocháin' sa tSeanscoil i gCeathrú Thaidhg ó 3.00-6.00in agus tá fáilte roimh chuile dhuine bualadh isteach agus a dhul siar ar bhóithrín na smaointe. Sa tSeanscoil ag 9.00in, cuirfear tús le hoíche airneáin i gcomhluadar an cheoltóra chlúitigh Vincent McGrath agus beidh ceol, damhsa agus seanchas den scoth ann chomh maith.

SLIGEACH

Is oíche mhór shiamsaíochta ó shnagcheol go ceol traidisiúnta a bheidh á chur i láthair ag Cathy Jordan ón mbanna Dervish in Amharclann Hawk's Well ar Shráid an Teampaill i Sligeach. Beidh Junior Davey agus Declan Folan mar bheirt de na haíonna speisialta ag an ócáid a thosóidh ag 8.00in.

Baba Ní Fhlatharta, Club Árus na nGael, ag bronnadh seic €1,720 ar Kathy Keighery ó Jack and Jill Foundation. Bailíodh an t-airgead mar thoradh ar an raifil ag comóradh 25 bliain an Chlub. Bainfidh Jack and Jill Foundation leas as an airgead seo chun seirbhís bhanaltrachta a chur ar fáil do pháistí óga le fadhbanna néareolaíochta agus freisin chun tacaíocht a thabhairt do theaghlaigh na bpáistí sin.

COMÓRTAS

Tá cóip den albam nua **Sólás** ó Chaitríona Ní Cheannabháin le bronnadh ag Gaelscéal ar dhuine de na léitheoirí. Freagair an cheist thíos agus seol do fhreagra in éineacht le d'ainm, seoladh agus uimhir guthán chuig: Comórtas Sólás, Gaelscéal, An Chuasnóg, An Spidéal, Co. na Gaillimhe nó seol ríomhphost chuig eolas@gaelsceal.ie

Ceist: Cén baile fearainn i gConamara ar rugadh agus tógadh Caitríona Ní Cheannabháin inti?

(Spriocdháta: Dé Céadaoin 28 Meán Fómhair 2011 @ 5.00in)

Beidh Caitríona ar stáitse mar aoi speisialta in éindí leis an cheoltóir chlúiteach Alan Stivell in Amharclann na Cathrach Gaillimh san oíche amárach 24 Meán Fómhair ag 8.00in. Tá Stivell mar dhuine de na ceoltóirí cláirsí is mó riamh a bhain cáil amach agus bhí aithne dhomhanda ar an taifead "Renaissance De La Harpe Celtique" a d'eisigh sé ins na seachtóidí. Rinne sé athbheochan nua-aimseartha ar cheol thraidisiúnta agus ar chultúr na Briotáinne. Tá na milliúin albam díolta ag Stivell agus tar éis blianta fada a chaitheamh ag plé le ceol roc/ceilteach, tá sé anois ar ais ar a dhúchas ag seinm an chláirseach aonarach. Ticéid €25/€20 ar fáil ó www.tht.ie nó 091-569777.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 23 Meán Fómhair, 2011

Gliomach buí neamhghnách faighte amach ón Chlochán

Áine Ní Chuaig

BRONNADH dhá ghliomach neamhghnácha ar Galway Atlantaquaria le déanaí. Dessie an t-ainm atá tugtha ar ghliomach ollmhór a bhfuil deich bpunt meáchain ann a fuair an t-iascaire Michael Hassan i bPort Rois, Co. Aontroma. Ceaptar go bhfuil sé ar cheann de na cinn is mó atá ar taispeáint sa tír. Bíonn sé deacair aois gliomaigh a dhéanamh amach ach, mar go bhfuil sé chomh mór sin, ceaptar go bhfuil sé ar an saol le leathchéad bliain nó os a chionn. Go deimhin bhí an t-ádh dearg ar Dessie mar ní minic le gliomaigh chomh mór leis potaí na n-iascairí a sheachaint ar feadh an fhaid sin!

Tá an dara gliomach atá á bhronnadh ar Uisceadán Náisiúnta na hÉireann atá lonnaithe ar Bhóthar na Trá i bhfad níos lú ná Dessie ach tá dath buí neamhghnách air. Is iondúil gur dath láidir gorm a bhíonn ar ghliomach ach bíonn dath buí mar sin ar cheann amháin amach as 30 milliún. Is é Peter Lacey a rug greim ar an cheann seo amach ón Chlochán, Co. na Gaillimhe.

Tá na gliomaigh nua ag socrú isteach go maith in Uisceadán na Gaillimhe in éindí leis na cinn eile neamhghnácha atá ann, ina measc ceann ar dhath gorm/oráiste ar a dtugtar Mattie. Is ar iasc dúchasach agus ainmhithe uisceacha a dhéantar speisialtóireacht san uisceadán agus tá áthas an domhain ar an fhoireann go bhfuil réimse éagsúil gliomach ar taispeáint acu mar gur ainmhí thar a bheith aitheanta iad.

"Tá muid thar a bheith buíoch de na hiascairí ar fad a bhfuil iasc agus ainmhí bronnta acu ar an uisceadán le cur ar taispeáint," a deir Kevin O'Hara, bainisteoir Uisceadán na Gaillimhe. Bíonn an tUisceadán oscailte Luan go Domhnach, 10.00rn-6.00in, agus is féidir gach eolas a fháil ar an suíomh: www.nationalaquarium.ie.

Anna Uí Dhurcáin ag ceiliúradh tar éis do Shiopa Uí Dhurcáin i mBaile na hAbhann, Connemara an 3ú háit a bhaint amach i gComórtas Ollmhargadh Costcutter 2011. Tá an siopa, Tigh Dick mar is fearr aithne air, bunaithe ó 1933 agus rinneadh athchóiriú mór ar an siopa trí bliana ó shin. Tá clú agus caill ar an deilí sa siopa agus tá Oifig an Phoist á rith ag Eoin Ó Durcáin. Tá deichniúir ag obair go lánaimseartha san ollmhargadh agus deichniúir eile páirtaimseartha.

Ceardlann Scríbhneoireachta i nGaillimh

Katie McGreal

TÁ Cló Iar-Chonnacht ag eagrú ceardlainne do scríbhneoirí Gaeilge ar an Aoine, 11 Samhain i gColáiste na hOllscoile, Gaillimh. Táthar ar fáil tacaíochta ón gComhairle Ealaíon.

Beidh sé dírithe, den chuid is mó, ar scríbhneoirí óga/nua nach bhfuil aon leabhar foilsithe acu go fóill ach a léiríonn cumas scríbhneoireachta. Tabharfar áit ar an gceardlann freisin do dhornán scríbhneoirí aitheanta, rud a chabhróidh leis na scríbhneoirí nua.

Tugtar cuireadh do scríbhneoirí ar mhaith leo a bheith páirteach sa cheardlann sampla dá saothar: gearrscéal, cúig nó sé de dhánta nó mír ghearr as úrscéal (úrscéalta do dhéagóirí san áireamh) a sheoladh chuig Eagarthóir Cúnta CIC, Áine Ní Cholchúin ag an seoladh thíos roimh 28 Deireadh Fómhair 2011.

Roghnófar na saothair is feiliúnaí agus déanfar iad a phlé agus a mheas ag an gceardlann. Seolfar saothar gach scríbhneora chuig gach iarrthóir (a bheidh ag freastal ar an gceardlann) roimh ré ionas go mbeidh deis acu iad a léamh. Tríd an modh oibre seo beidh na hiarrthóirí ar fad in ann páirt ghníomhach a ghlacadh sa cheardlann, agus foghlaim ó laigí agus ó bhuanna shaothar a chéile.

Beidh áit do dheichniúr ar an gceardlann. Níl aon táille i gceist don cheardlann seo ach beidh iarrthóirí freagrach as a gcuid costais taistil féin agus lóistín sa chás go mbeadh a leithéid i gceist.

Tuilleadh eolais ar fáil ó aine@cic.ie nó 091 593307.

Ógras ar an gCeathrú Rua

Áine Ní Chuaig

BEIDH Ógras don aoisghrúpa 12-16 bliain d'aois ag tosnú arís ar an 28 Meán Fómhair ar an gCeathrú Rua i gConamara. Is i dteach ósta Tigh Josie a bheidh an clárú ó 6.00-7.30in ar an gCéadaoin seo chugainn. Tá costas €10 ar an gclárú agus baintear amach €3 in aghaidh na hoíche ina dhiaidh sin. Reáchtáiltear réimse leathan imeachtaí, idir cheol, dhrámaíocht, chluichí, cheardlanna, chispheil, eitpheil agus hip hop do na déagóirí, chomh maith le turais chuig an bpictiúrlann, Cluichí Tailteann agus an tOireachtas. Foilsítear Nuachtlitir an Chlub freisin. Tá tuilleadh eolais ag Christina (085) 1028282 nó Brenda (087) 9270152. Is féidir ríomhphost a sheoladh chuig: gaillimh@ogras.ie

'I dtreo Poblacht Nua' i nGaillimh

Katie McGreal

TÁ comhdháil á reáchtáil ag Sinn Féin in Óstán Bhá na Gaillimhe ar an Aoine, 7 Deireadh Fómhair ag 7in. Beidh 'I dTreo Poblacht Nua' mar theideal ar an gcomhdháil.

Labhróidh Gerry Adams TD, Uachtarán Shinn Féin, Stein Bredal, Oifigeach Ceardchumainn le Union YS Statoil, agus Terence McDonough, léachtóir san eacnamaíocht in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh ag an ócáid.

Pléifear bonneagar fuinnimh, úinéireacht agus smacht ár n-acmhainní nádúrtha, conas an leas is fearr a bhaint as ár gcuid fiontar sa talmhaíocht agus san iascaireacht, chomh maith le buncheist an aontaithe. Seo an ceathrú comhdháil den chineál seo atá á reáchtáil i mbliana. Bhí comhdháil i Muineachán, i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh cheana agus, le blianta beaga anuas, d'eagraigh Sinn Féin roinnt comhdhálacha idirnáisiúnta i Nua-Eabhrac, Londain, Toronto agus San Francisco. Deir Uachtarán Shinn Féin, Gerry Adams, "D'fhógair an rialtas le linn na seachtaine go raibh sé ar intinn acu sciar mionlaigh den ESB a dhíol. Tá baol ann go ndéanfar tuilleadh cinntí den chineál seo maidir le hacmhainní straitéiseacha a dhíol, Coillte ina measc."

LAIGHIN NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Cruinnithe poiblí faoi Ghaelscoilean na nua

Katie McGreal

TÁ an Foras Pátrúnachta ag lorg tacaíochta ó mhuintir Bhaile an Chairpintéaraigh, Thamhlachta agus Bhaile Chill Dara chun pátrúnacht a fháil ar na scoileanna nua sna ceantair sin ionas go mbeadh siad ina nGaelscoileanna.

D'fhógair an Roinn Oideachais go mbunófar 20 bunscoil nua sna blianta amach romhainn. Beidh ceithre cinn de na scoileanna sin i mBaile an Chairpintéaraigh, i dTamhlacht agus i mBaile Chill Dara.

Bheartaigh an Foras iarracht a dhéanamh Gaelscoileanna a bhunú sna háiteanna seo de bharr ardú ar an méid cainteoirí Gaeilge atá sna ceantair seo. Léirigh torthaí Dhaonáireamh 2006 gur cainteoirí Gaeilge iad 42.2% de dhaonra Chill Dara, figiúr atá níos airde ná an figiúr a léiríodh i nDaonáireamh 2002.

Táthar ag eagrú cruinnithe poiblí sna ceantair seo chun buanna agus láidreachtaí an phátrúin do Ghaelscoileanna a phlé. Labhróidh Caoimhín Ó hEaghra, ardrúnaí an Fhorais ag na cruinnithe agus beidh urlabhraí agus príomhoidí Ghaelscoileanna ann freisin chun níos mó eolais a thabhairt do dhaoine faoin nGaeilge agus faoin oideachas lán-Ghaeilge.

Deir Caoimhín, "Feictear dúinn go bhfuil gá le Gaelscoileanna nua sna ceantair fháis seo mar gheall ar an mborradh atá feicthe ar Ghaelscoileanna fud fad na tíre."

Tá an Foras ag súil leis an oiread tacaíochta agus is féidir a fháil ón bpobal sula gcuirfear na hiarratais go dtí an Roinn ar 7ú Deireadh Fómhair, 2011. Beidh an cruinniú faoi Bhaile an Chairpintéaraigh ar siúl ar an Luan seo in Draíocht, Ionad Bhaile Bhlainséir ag 8in agus an cruinniú faoi Thamhlacht ar an Máirt ag 8in in Óstán Maldron, Bealach Bhaile an Fhaoitigh. Beidh an cruinniú deireanach ar siúl don scoil i mBaile Chill Dara in Ionad Oideachais Chill Dara, Bóthar Friary, Baile Chill Dara ar an

Scannáin Bob Quinn ar TG4

Áine Ní Chuaig

TAISPEÁNFAR sraith de shaothar an scannánóra Bob Quinn ar TG4 gach oíche Mháirt as seo go Nollaig, ag tosú ar 27 Meán Fómhair ag 9.35in. Le linn na sraithe, beidh deis ag an lucht féachana saothar éagsúil de chuid Quinn a fheiceáil, ina measc '*Why Don't They Shoot People*?' a rinneadh i 1966 do RTÉ agus 'Damhsa an Deoraí' (2004).

Rugadh Bob Quinn i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1935 agus d'oibrigh sé mar léiritheoir teilifíse le RTÉ sular shocraigh sé ar aistriú siar go Conamara i 1969. Ba ansin a bhunaigh sé an comhlacht Cinegael in éindí le Seosamh Ó Cuaig agus Toni Cristofides.

Sa tsraith seo, labhróidh Quinn leis an bhfile Theo Dorgan ag tús chuile chlár agus tabharfaidh sé réamhrá faoi na scannáin éagsúla. Osclóidh an tsraith le 'Fág an Bealach' (1973), an chéad chlár a rinne Quinn i gConamara, ag díriú isteach ar Choláiste na bhFiann i Ros Muc agus taispeánfar 'Why Don't They Shoot People?' díreach ina dhiaidh ag 10.05in ar an Mháirt seo chugainn.

Taispeánfar 'Atlantean' sa tsraith, an clár ceithre pháirt a rinne Quinn nuair a thug sé turas ar na tíortha Ceilteacha agus ar Thuaisceart na hAfraice ar thóir foinse ceol agus damhsa Chonamara. Aon duine a bhfuil dabht orthu faoi dhearcadh Quinn ar fhoinse an tsean-nóis, deir an stiúrthóir gur fiú dóibh a dhul ar cuairt ar an Músaem Náisiúnta i mBaile Átha Cliath áit a bhfuil 'Faddan More Book of Psalms' ina n-insítear faoin tionchar a bhí ag Tuaisceart na hAfraice agus ag an gCríostaíocht Choptach ar an luath-eaglais Éireannach. Fuarthas an leabhar i bportach i dTiobraid Árann le déanaí agus ceaptar go raibh sé ansin le 1200 bliain. Deirtear gur manaigh Coptacha a rinne clúdach an leabhair uair éigin roimh 800 A.D. agus gur tháinig sé díreach go hÉirinn ón Éigipt.

Beidh saothar ficsin a rinne Quinn le feiceáil ar an scáileán freisin, leithéidí 'The Family' agus 'Poitín' a craoladh den chéad uair ar Lá Fhéile Pádraig 1979. Bhí 'Poitín' ar an chéad fhadscannán riamh a léiríodh go hiomlán i nGaeilge agus bhí Cyril Cusack, Dónal McCann agus Niall Tóibín i measc an tsárchliar a roghnaigh Quinn don scannán. Críochnóidh an tsraith ar an Máirt 20 Nollaig le 'Vox Humana' (*Notes for a Small Opera* - 2008), an saothar is déanaí le Quinn, ag ceiliúradh Amhránaithe Barócacha na Gaillimhe.

gCéadaoin ag 8in. Tá fáilte roimh chách.

Osclófar scoil i mBaile Chill Dara agus scoil eile i dTamhlacht i Meán Fómhair 2012 agus osclófar an dá scoil eile i Meán Fómhair 2013. Níl figiúr cinnte ag an bhForas mar gheall ar an méid daltaí a thosóidh sna scoileanna nua seo ach táthar ag súil le idir 17 agus 20 dalta nua sa chéad bhliain.

Ionad Gaeilge nua i mBaile Loch Garman

Katie McGreal

D'OSCAIL an Taoiseach Enda Kenny an tIonad Gaeilge 'An Tobar' san Ionad Oidhreachta Westgate i mBaile Loch Garman ar an Aoine seo caite.

Is ionad é ina mbeidh na ranganna Gaeilge, damhsa agus ceoil a chuireann Na Macallaí, eagraíocht a chuireann an Ghaeilge agus an cultúr Gaelach chun cinn, ar siúl. Beidh Caifé Gaelach agus club óige ann freisin, chomh maith le ceolchoirmeacha, dánlann agus taispeántais ealaíne.

Go dtí seo, bhí na ranganna, na ceolchoirmeacha agus na himeachtaí eile ar siúl in áiteanna éagsúla timpeall an bhaile.

Beidh fáilte roimh Bhéarla san ionad ach is í an Ghaeilge phríomhtheanga na háite.

"Ní dhúnaimid an doras do Bhéarlóirí ach b'fhéidir go dtiocfaidh siad anseo chun Gaeilge a fhoghlaim," a deir Darren Ó Ceallaigh, cathaoirleach Na Macallaí.

Thug Comhairle Buirg Loch Garman an foirgneamh seo don ghrúpa ar feadh dhá bhliain agus, ina dhiaidh sin, táthar le bogadh ar ais go dtí an foirgneamh FDYS ar phríomhshráid an bhaile ina rabhadar lonnaithe.

Ar feadh an dá bhliain seo, ní bheidh aon oibrithe lánaimseartha ag obair ann agus beidh an áit ar oscailt nuair atá imeachtaí ar siúl ach, muna bhfuil rud éigin ar siúl, ní bheidh sé ar oscailt. Má bhogann siad amach go dtí an phríomhshráid arís, táthar ag siúl go mbeidh fostaithe lánaimseartha acu.

Níl an t-ionad nua réidh le dul go fóill, ní rabhadar ag iarraidh an deis a chailliúint leis an Taoiseach ach táthar ag súil go mbeidh sé ar oscailt i gceann coicíse nó míosa.

Poist nua i mBaile Átha Cliath

Katie McGreal

D'FHÓGAIR an Taoiseach Enda Kenny poist tógála nua sa chomhlacht Pfizer i mBaile Átha Cliath an tseachtain seo agus tá poist nua sa réimse teicneolaíochta faisnéise ag teacht go dtí an chathair freisin.

Tá Pfizer chun €145 milliún a infheistiú san áis déantúsaíochta atá acu i gCaisleán Grange i gCluain Dolcáin. Táthar ag iarraidh táirgiúlacht a fhás tríd an infheistíocht seo. Beidh dhá aonad próiseála nua acu agus cruthóidh siad 400 post tógála leis an bhfás.

Faoi láthair, tá 1100 duine fostaithe acu agus chruthaigh siad anchuid post sa tír seo nuair a tháinig siad anseo in 1969.

Cruthóidh comhlacht teicneolaíochta faisnéise nua 80 post nua sa chathair agus tá an comhlacht forbairt bogearraí idirnáisiúnta, HCL Technologies, chun brainse a lonnú sa chathair freisin. Fostóidh siad daoine nua thar na trí bliana atá romhainn. Tá ceanncheathrú an chomhlachta lonnaithe san India ach táthar ag iarraidh an comhlacht a fhás.

Alt sagairt cáinte ag Deoise Fhearna

Colm Ó Broin

TÁ cáineadh déanta ag Deoise Fhearna ar shagart áitiúil a dúirt go raibh 'mná céile agus máithreacha' na hÉireann níos ciontaí ná easpaig i leith ionsaithe gnéis ar pháistí a cheilt.

Scríobh an tAthair Paddy Banville alt san Irish Catholic a mhaígh nach ndearna mná céile agus máithreacha sa tír a ndóthain chun stop a chur le mí-úsáid ghnéasach a rinne a ngaolta ar a bpáistí.

Dúirt an sagart ó Bhaile Uí Choiléain i ndeisceart Loch Garman go gceapfaidh daoine amach anseo nach raibh aon rud eisceachtúil sa cheilt a rinne an Eaglais Chaitliceach ar ionsaithe ar pháistí toisc gur cleachtas forleathan a bhí ann i measc clanna.

Rinne sé cur síos ar chásanna inar theip ar mháithreacha rud ar bith a dhéanamh nuair a fuair siad amach go raibh a bpáistí á n-ionsaí go mígheanasúil mar an "teip is uafásaí."

Dúirt sé nach raibh sé ag iarraidh an méid a rinne an Eaglais Chaitliceach i leith ionsaithe ar pháistí a chosaint, ach nach raibh san eaglais ach "tús pictúir atá i bhfad níos mó."

Scríobh sé freisin nach mbeadh mórán daoine sásta glacadh leis an méid atá á rá aige toisc go bhfuil siad ag teacht salach ar thuairimí 'cearta' poiblí.

Mhol sé don Taoiseach Enda Kenny "dul níos faide" ná an cáineadh a rinne sé ar an Vatacáin agus breathnú ar mhí-úsáid ghnéasach i ngach cuid den tsochaí.

Cháin Deoise Fhearna an méid a scríobh an tAthair Banville faoi mhná céile agus máithreacha.

"Níl sé úsáideach sa díospóireacht seo go luafaí dream ar leith," arsa an t-urlabhraí. Dúirt sé go raibh aiféala air ach go háirithe gur baineadh úsáid as an bhfrása 'mná céile agus máithreacha.'

Mhol an t-urlabhraí díospóireacht níos leithne ar an bhfadb áfach.

"Tá gach cineál mí-úsáid ghnéasach, má tharlaíonn sé san eaglais, i dteaghlaigh nó sa tsochaí i gcoitinne, tá sé coiriúil." "Caithfidh an comhrá seo a bheith ag an tsochaí, cuma cé chomh pianmhar is atá sé, ar mhaithe leis na híobartaigh atá ag fulaingt i gcónaí."

Gasúir áitiúla ag baint sásaimh as Féile na bhFataí i Rath Cairn ag an deireadh seachtaine.

BEWLEY'S @ 6!
Beidh Mick O'Brien & Caoimhín Ó Raghallaigh ag ceiliúradh a n-albam nua 'Aoibhinn Crónán' in Amharclann Bewley's ar Shráid Grafton, Dé Máirt 27ú ó 6.00-8.00in mar chuid de shraith tráthnónta siamsaíochta le GAEL LINN. Táille: €15. Áirithint riachtanach mar tá spás teoranta. Teil: (087) 2547574.

Ceiliúradh 40 bliain i gColáiste Íosagáin

Katie McGreal

TÁ Coláiste Íosagáin ar Bhóthar Stigh Lorgan ag ceiliúradh 40 bliain ar an bhfód i mbliana.

Beidh Aifreann do dhaltaí agus do phobal na scoile ar an Domhnach, 2 Deireadh Fómhair ag 3in chun buíochas a ghlacadh as an méid atá curtha i gcrích ó bunaíodh an scoil.

Is é Ardeaspag Bhaile Átha Cliath, an Dr Diarmuid Martin, a bheidh mar phríomhcheiliúraí ag an Aifreann agus beidh fáiltiú sa scoil ina dhiaidh. Cuireann lucht na scoile fáilte roimh iarscoláirí, iarmhúinteoirí agus baill eile de chairde an choláiste chuig an ócáid.

Faoi láthair, tá cór agus ceolfhoireann na scoile ag obair don cheolchoirm scoile a bheidh ar siúl i mí na Nollag mar chuid den cheiliúradh.

Má tá suim ag iarscoláirí na scoile páirt a ghlacadh, canadh nó seinnt don ócáid, seol ríomhphost chuig coriosagain40@gmail.com.

Is meánscoil lán-Ghaeilge, lán-chailíní í Coláiste Íosagáin le 490 dalta faoi láthair agus bhí thart ar 480 sa scoil nuair a thosaigh sí 40 bliain ó shin.

Imeachtaí Laighean

Oíche Chultúir 2011 i gConradh na Gaeilge anocht ó 5in

Ranganna sean-nóis do dhaoine fásta i nGaelcholáiste Cheatharlach gach Céadaoin ó 7.30 - 8.30in ag tosú 5 Deireadh Fómhair.

Ceardlann chun an t-ábhar 'Gaeilge a labhairt sa bhaile' a phlé, á reáchtáil ag Comhluadar i 6 Sráid Fhearchair anocht ag 7in.

Féile Litríochta Gaeilge i mBaile Átha Cliath, 14 - 22 Deireadh Fómhair. Tuilleadh eolais ó www.imram.ie.

Seirbhís Ardteampeall Chríost i nGaeilge i gCumann Gaelach na hEaglaise ar an Luan, 12.45in.

Seó 'That's about the size of it' le Niamh Shaw in The Lab ar Shráid Uí Fhoghlú anocht ag 6in.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 23 Meán Fómhair, 2011

MUMHAIN
NUACHT



Seoltar scéalta chuig:
nuacht@gaelsceal.ie

Rath ar chúrsa in Uíbh Rathach agus sráidbhaile nua aimsithe

Breandán Mac Gearailt

BHÍ Caitlín Breathnach, Riarthóir Chomhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh an-sásta leis an líon daoine a ghlac páirt agus a cháiligh sna cúrsaí FETAC a reáchtáil an Comhchoiste sa cheantar. Dúirt Caitlín gur éirigh le timpeall ochtó duine teastais a ghnóthú i réimsí éagsúla, rud a chuir an-mhisneach ar an gComhchoiste. Dúirt sí gur mheas sí go raibh an raon ábhar a cuireadh ar fáil agus an líon daoine a ghlac páirt agus a cháiligh mar ábhar misnigh don gcoiste agus don gceantar. "Tá siad seo an-tábhachtach, an-riachtanach agus an-áisiúil don bpobal anseo in Uíbh Rathach," ar sí.

Ar na cúrsaí a eagraíodh, bhí Staidéar Gnó; Cúnamh Sláinte; Sláinte, Sábháilteacht agus Obair; Gaeilge; Tíleáil agus Garchabhair. Reáchtáladh an ócaid sa halla pobail ar an Dromaid.

Dála an scéil, "Is é an Dromaid/Dromad an sráidbhaile nua is déanaí in Éirinn. Ní raibh ann ach geitirí, crothóga agus gairfean talún, agus de gheit tá anois séipéal, siopaí, tábhairne, páirc chaide, tithe agus raon mór áiseanna fostaíochta agus soláthair eile éagsúla. Údarás na Gaeltachta, Forbairt na Dromaide agus Roinn na Gaeltachta an tríonóid ba bhun leis an mbaile nua.

Scéalta Chorca Dhuibhne

Breandán Mac Gearailt

File aitheanta le bheith ar an mBuailtín

OÍCHE Dé Céadaoin seo chugainn, an 29ú Meán Fómhair is í an file aitheanta Biddy Jenkinson a bheidh i lár an aonaigh in Siar Ó Thuaidh i dTábhairne Uí Chatháin ar an mBuailtín, mar a mbeidh sí mar aoi speisialta ag an eagraíocht, Aos Cró. Is é an gníomhaí, seandálaí agus file Simon Ó Faoláin atá i gceannas na hoibre.Tugann an Faolánach cuireadh d'aon duine gur mian leis nó léi bheith i láthair agus cuireann sé fáilte fé leith rompu siúd a chuireann a smaointe ar phár go filiúil agus a bhíonn sásta iad a léamh má oireann dóibh. Deirtear go mbíonn na hócáidí seo an-taitneamhach go minic.

Féile na Bealtaine

AG cruinniú de choiste Fhéile na Bealtaine an tseachtain seo caite aontaíodh go mbeadh an chéad Fhéile eile, a leanann suas le seachtain, ag tosnú ar an dara lá de Mheitheamh 2012. Tar éis go leor cainte, cur agus cúitimh, aontaíodh fanacht go dtí an chéad chruinniú eile le go bhféadfadh baill diansmaoineamh a dhéanamh ar théama na bliana seo chugainn.

Dúirt feidhmeannach na féile an Dr Peadar Ó Fionáin gur mór an chailliúint don gcoiste Pádraigín (nó Trish) Hendricks atá ag ardú a seolta agus ag dul ar imirce go dtí Adelaide na hAstráile. Bhí blianta caite ag Trish, bean go bhfuil Gaolainn ar a toil aici, ar an gcoiste mar leasfheidhmeannach agus ba í tuairim na coitiantachta gur shár-eagraí díograiseach í. Dúirt Trish, a d'fhág Éire ar an Máirt seo caite, gur bhain sí an-sásamh as bheith bainteach leis an bhFéile agus á heagrú, "ach," ar sí, "cosúil leis an nuachtán Fiolar Sciobairín, bead ag caitheamh súil ghéar oraibh sna míonna agus blianta romhainn, agus mar a deirtear sa dán Valparasó, filleadh arís, lá éigin."

Dúirt Peadar go raibh súil aige nach mbeadh "an lá rófhada go mbeadh Trish ar ais."

Is é Mícheál Ó Coileáin, Oifigeach Comhshaoil Chomhairle Contae Chiarraí agus ball an-ghníomhach den gcoiste, a bheidh ag dul i mbun dualgaisí Trish. "Ó, brathfam uainn go mór í," arsa Clár Ní Ghealbháin Uí Shé, atá ag feidhmiú mar Rúnaí don gCoiste, "mar is duine í go bhfuil ansuim aici sna healaíona agus tá pearsanacht gheanúil, chairdiúil aici."

Bua Bhaile Átha Cliath agus muintir Chorca Dhuibhne

COMHGHAIRDEACHAS le sinsir chaide Bhaile Átha Cliath a dhein gaisce i bPáirc an Chrócaigh ar an Domhnach seo caite. Is mó lá agus oíche Shathairn caite acu sa dubhluachar, arsa Seosamh Ó Maoileoin ó Imeall Átha. Bhí díomá ar Sheosamh a bhí gníomhach i gcúrsaí CLG i Meiriceá gur theip ar Chiarraí ach níorbh aon díobháil an chraobh a scaipeadh anois agus arís, dar leis. Deir sé go ndéanfaidh bua Bhaile Átha Cliath cur go mór le neart CLG sa mhórchathair, "agus tá a fhios agat," ar sé, "go mbeidh lá eile againn." Bhí Seosamh ar a shlí ó Pháirc an Chrócaigh agus é meáite fanacht thar oíche le sásamh a bhaint as pléaráca agus mórchomóradh Bhaile Átha Cliath.

Is é a scrios Ciarraí, dar le Seosamh, ná an iomarca pasála gan dealramh, go mór mhór i mbéal an bháide, nuair ba cheart dóibh tabhairt fé scór a aimsiú seachas bheith ag meilt ama ag caitheamh na peile anonn is anall. Chaill Baile Átha Cliath Craobh Chaide na Mionúr de bharr pasanna a chuaigh amú. "Féach cad a tharla d'fhear báide caide mionúir Bhaile Átha Cliath agus do thosaithe Chiarraí nuair a chuaigh a bpasanna amú. Chaill an dá fhoireann de thoradh pasanna briollacha," arsa Seosamh. Beam ar ais, a dúras le fear an phoist Máirtín Ó Grífín. Ardimreoir caide ba ea Máirtín, ní rófhada ó shin.

"Ní mór liom do Bhaile Átha Cliath a mbua, ach n'fheadar fé bheith ar ais go luath! "D'fhéadfadh fanacht fhada bheith againn," arsa an fear óg stuama. Bhí na saineolaithe seo againne ag plé "saorchiceanna nár chalaois iad" a tugadh, cúig cinn do Bhaile Átha Cliath, ag áireamh an chinn dheireanaigh, maraon le dhá chárta dhearga nár dáileadh agus dhá shaorchic nár chalaois iad a bronnadh ar Chiarraí.

Bhí fear in aice liom ag an gcluiche agus chuaigh de a thuiscint cad a thug ar CLG a srón a cur i bpraiseach 9/11 Mheiriceá. "Is í obair chalaoiseach Mheiriceá fé ndear an scriosta sin," ar sé. Bhí sé ag tagairt do na fir thine ó Nua-Eabhrac a bhí i lár na páirce le linn leathama. Ros Cománach ba ea é a bhí sásta gur thug Baile Átha Cliath an lá leo, "ach dhéanfaimis gan aon fhocal Béarla bheith ar an ticéad mar a bhíodh, ná an rogha cheoil choimhthíoch, chiotaigh seo."

Bainfidh na Baile Átha Cliathaigh sásamh as a mbua. A chonách sin orthu.

Beidh Bia blasta ar fáil sa Daingean

MARBH le tae agus marbh gan é. Is dócha go bhféadfá tae a fhágaint ar lár agus bia a chur ina ionad, mar beidh Féile Bia agus Fíona sa Daingean an tseachtain seo chugainn, ag tosnú ar an Déardaoin agus ag leanúint go dtí an Luan. Is féidir le daoine dul ag blaistínteacht ar fud an bhaile agus a mbreith féin a thabhairt. Anuraidh bhí breis agus daichead bialann/seastán ann ina bhféadfadh duine bia in aisce a bhlaiseadh. Dar le Siobhán Ní Dhuibhir, duine den lucht eagair go bhfuiil sé fíorthábhachtach bheith ag cur abhaile ar dhaoine gur ceart táirgí bia bhaile a fhorbairt. Dar léi gur cheart bheith coitianta ag iarraidh feabhas a chur ar chúrsaí agus a thuiscint cé chomh sláintiúil agus sábháilte is féidir le bia áitiúil a bheith. Dar leis an mbialannaí Pádraigín Ní Fhiannachta ó bhialann Uí Fhiannachta i mBóthar an Doirín sa Daingean, gur éirigh go seoigh leis an bhféile anuraidh. "Bhí an saol agus a mháthair ann," ar sí, "agus ba ionadh do scata an méadú mór atá tagtha ar líon na dtáirgeoirí bia shláintiúil áitiúil le déanaí."

Is liosta le háireamh an líon daoine a bhíonn ag glacadh páirte, ag tabhairt léachtanna, ag cóiriú, ag réiteacht bia agus ag moltóireacht. Anuraidh ba í an Teachta Eorpach Maighréad McGuinness a bhí mar aoi speisialta.

Ómós le tabhairt do Shéamus Creagh ag Féile Cheoil Chorcaí

Seán Ó Loingsigh

AG Féile Cheoil Chathair Chorcaí a bheidh ar siúl an deireadh seachtaine seo chugainn ón nDéardaoin an 29 Meán Fómhair go dtí an 3 Deireadh Fómhair tabharfar ómós don veidhleadóir Séamus Creagh a d'imigh ar shlí na fírinne dhá bhliain ó shin.

Bhí tionchar mór ag an gceoltóir agus ag an amhránaí Séamus Creagh ar an saol ceoil i gcathair agus i gcontae Chorcaí ar feadh tréimhse 40 bliain, agus i dTalamh an Éisc mar ar chaith sé tamall dá shaol chomh maith.

Is é an ceoltóir agus an cumadóir amhrán Con Fada Ó Drisceoil a bheidh mar fhear a' tí ag an gceolchoirm ómóis a reachtálfar oíche Dé Sathairn an 1 Deireadh Fómhair in ionad Triskel.

Ina measc siúd a bheidh ar stáitse beidh ceoltóirí iomráiteacha a sheinn le Séamus le linn a shaoil - Jackie Daly, Aidan Coffey, Matt Cranitch, Paddy Keenan, Tommy Peoples, Dave Hennessy, Conal Ó Gráda, Colm Murphy, Graham Wells agus Billy Sutton ó Thalamh an Éisc, chomh maith leis an amhránaí Danny Maidhchí Ó Súilleabháin ó Chúil Aodha, ceantar inar chónaigh an ceoltóir, as Co. na Mí ó dhúchas, leis ar feadh tamaill 30 bliain ó shin.

Cuirfear tús leis an bhféile oíche Déardaoin seo chugainn (29ú) i lárionad Triskel le ceolchoirm leis an gceathrar ban cáiliúil as Tír Chonaill atá sa ghrúpa 'T with the Maggies' - Moya Ní Bhraonáin ón ngrúpa Clannad, Máiréad Ní Mhaonaigh de chuid Altan, Tríona Ní Dhomhnaill ón mBothy Band agus a deirfíur Máiréad a chanadh tráth le Skara Brae. Ar an oíche chéanna seinnfidh an grúpa Craobh Rua ó Bhéal Feirste i dtábhairne an Spailpín Fánach.

Beidh na mná chun cinn arís i gceolchoirm dhéanach a bheidh ar siúl oíche Dé Sathairn sa Spailpín Fánach mar a mbeidh an grúpa Cherish the Ladies ó Nua-Eabhrac ar stáitse.

Ceann des na coirmeacha ceoil go bhfuiltear ag súil go mór leis ná an ceann dar teideal 'Folk the Recession' a bheidh ar siúl in ionad an Pavilion oíche Dé Sathairn le Mick Hanly, Séamus Begley, Eleanor Shanley, Frankie Lane agus Paul Kelly.

Tá céilí mór le bheith i Sráid an Chapaill Bhuí i rith an lae ar an nDomhnach agus reachtálfar ceardlanna a léireoidh uirlisí éagsúla ceoil mar is iondúil ag an bhféile bhliantúil a reachtáladh ar dtúis in 1979.

Ar na haíonna eile a bheidh i láthair ag an bhféile, beidh an veidhleadóir Gerry O'Connor as Dún Dealgan, an t-amhránaí Barry Gleeson as Baile Átha Cliath, agus na grúpaí ceoil ghoirm Lee Delta Blues Club agus an Dizzy Blues Band. Beidh an grúpa Lúnasa sa chathair don bhféile chomh maith leis na hamhránaithe Julie Felix agus Karen Casey.

Ar an Luan an 3 Deireadh Fómhair beidh ceolchoirm speisialta in ionad Triskel le Micheál Ó Súilleabháin agus a chomhleacaí Mel Mercier mar ómós don gceoltóir agus don gcumadóir Seán Ó Riada a fuair bás ar an ndáta sin 40 bliain ó shin.

Síle Ní Shuibhne ó Bhaile Bhúirne a bhuaigh Buan-Sciath Threasa Ní Mhuimhneacháin i 'meascrás' ag Gala Snámha Chúil Aodha le gairid, an tumadóir ab fhearr faoi 10 Emma Coombs as Cúil Aodha agus a deirfiúr Hannah a bhain an dara háit in imeachtaí snámha agus tumtha. [PIC.: Ó LOINGSIGH]

Príomhfheidhmeannach Gael Linn, Antoine Ó Coileáin, agus iar-bhall Cheoltóirí Chualann, an t-amhránaí Seán Ó Sé, ag an seoladh de thaispeántas chnuasach ghrianghraf Sheáin Uí Riada ag ócáid Cheiliúradh an Riadaigh san Ionad Cultúrtha i mBaile Bhúirne. [PIC.: Ó LOINGSIGH]

Pangur Bán ag crónán arís tar éis 40 bliain

Seán Ó Loingsigh

AGUS iad imithe chun cinn ina ngairmeacha éagsúla le 40 bliain anuas tháinig an grúpa ceoil Pangur Bán, a cuireadh ar bun in Ollscoil Chorcaí in 1971, le chéile ar stáitse arís ag ceolchoirm a bhí lán go doras san Ionad Cultúrtha i mBaile Bhúirne an deireadh seachtaine seo caite. Ní raibh an mhír seo ar an gclár ag an gceolchoirm a eagraíodh go speisialta mar chuid de Cheiliúradh an Riadaigh agus tháinig sé aniar aduaidh ar an slua a bhí ag baint ana-thaitneamh as seinnt iontach an phianadóra Micheál Ó Súilleabháin nuair a d'fhógair an t-ollamh le ceol in Ollscoil Luimnigh go raibh seachtar dá chomhscoláiri óna ré ollscoile i gCorcaigh chun teacht ar stáitse leis tar éis briseadh 40 bliain.

Thug an Súilleabhánach le fios gur ghoill bás Sheáin Uí Riada i mí Dheireadh Fómhair 1971 go mór ar a scoláirí ceoil in Ollscoil Chorcaí agus gur bheartaíodar grúpa ceoil ar nós Cheoltóirí Chualann an Riadaigh a chur ar bun. Agus ansan scaoileadh an cat bán amach as an mála - an Súilleabhánach féin ar an bpianó, stiúrthóir an Ionaid Chultúrtha, Bríd Cranitch, ar an veidhlín, stiúrthóir Fhéile Chórúil Chorcaí, John Fitzpatrick, leis an mbodhrán, Bainisteoir Chathair Luimnigh, Tom Mackey, ar an bpíb uilleann, an fliúiteadóir Méadhbh de Búrca as Ceathrú Thaidhg agus cathair Chorcaí ó dhúchas, an ceoltóir Máire Ní Dhuibhir as Cúirt Mhic Shéafraidh go bhfuil cónaí anois uirthi i gceantar Bhaile Locha Riach, an t-amhránaí iomráiteach Nóirín Ní Riain agus buaiteoir Ghradam Ceoil TG4 2010, Seán McKiernan.

Bhí beirt bhall den ghrúpa in easnamh oíche Dé Sathairn - an tSiúr Máire Ní Bhuachalla as cathair Phort Láirge agus deirfiúr Bhríd Cranitch, Eilís, nach raibh in ann a bheith i láthair. Ba í Máire Ní Bhuachalla a smaoinigh ar Phangur Bán tar éis do Mhicheál Ó Súilleabháin an t-ainm Planxty a mholadh. Chuir duine den mbuíon úr in iúl don bpianadóir óg ag a gcéad chruinniú go raibh a leithéid de ghrúpa ann cheana féin agus go rabhadar le seinnt an oíche úd in amharclann an Gaeity i mBaile Átha Cliath mar a chas Ceoltóirí Chualann ag an gceolchoirm is cáiliúla sa cheol Gaelach cúpla bliain roimis.

Chas na seana-chairde píosaí ceoil cóirithe a bhíodh acu ar stáitse 40 bliain ó shin agus tugadh le fios go mbeadh ceolchoirm oifigiúil á déanamh acu amach anso. Níos luaithe san oíche sheol iarscoláire eile ón ré cheolmhar úd in Ollscoil Chorcaí, an scannánóir ceoil Philip King as Corca Dhuibhne agus cathair Chorcaí ó dhúchas, taispeántas grianghraf de Sheán Ó Riada, cnuasach a thaispeánann an ceoltóir agus an cumadóir ón uair go raibh sé ina leanbh go luath sna 1930í suas go dtí tréimhse a shaoil i gCúil Aodha.

Agus é ag cur síos ar an dtábhacht a bhaineann leis na pictiúir, thug an ceoltóir agus an craoltóir le fios nach raibh mórán ábhar cartlainne ann maidir le Seán Ó Riada "ó thaobh moving images de" agus go raibh grianghrafanna sa chnuasach nach raibh feicithe aige cheana. "Agus mise ag déanamh cláracha agus scannánaíochta le níos mó ná 30 bliain anuas, cheap mé go raibh gach íomhá de Sheán Ó Riada feicithe agam, ach ní raibh," a dúirt Philip King.

Mhínigh stiúrthóir an Ionaid Chultúrtha, Bríd Cranitch, gur cuireadh an cnuasach le chéile le grianghrafanna a fuarthas ón leabharlann in Ollscoil Chorcaí agus ó chlann mhuintir Uí Riada, chomh maith le ceann amháin a bhí curtha ar fáil ag tigh tábhairne an Corner House i gCorcaigh. Beidh an taispeántas le feiscint go dtí an 7 Deireadh Fómhair.

An grúpa Pangur Bán a athbhunaíodh ag Ceiliúradh an Riadaigh san Ionad Cultúrtha - John Fitzpatrick, Bríd Cranitch, Méadhbh de Búrca, Micheál Ó Súilleabháin, Máire Ní Dhuibhir, Nóirín Ní Riain, Tom Mackey agus Seán McKiernan. Agus iad imithe chun cinn ina ngairmeacha éagsúla le 40 bliain anuas tháinig an grúpa ceoil a cuireadh ar bun in Ollscoil Chorcaí i 1971 le chéile ar stáitse arís ag ceolchoirm a bhí lán go doras san Ionad Cultúrtha i mBaile Bhúirne an deireadh seachtaine seo caite.

ULAIDH NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Oirialla

Siúlóid Shléibhte Chuaille

DE ghnáth, is ina suí a bhíonn daoine ag Ciorcal Comhrá ach ní mar sin a bheas lucht Chuaille Dé Sathairn seo chugainn, 1ú Deireadh Fómhair, mar bheidh Siúlóid Shléibhte Chuaille ar siúl - trí mheán na Gaeilge.

Beidh na Gaeilgeoirí ag fágáil carrchlós Thigh Chorr na Muclach (The Cornamucklagh House ar an phríomhbhóthar idir Iúr Chinn Trá agus Ó Méith) ar 11rn.

Siúlóid 4-5 uair an chloig atá i gceist agus beidh béile agus oíche cheoil ar fáil i dTigh Chorr na Muclach i ndiaidh na siúlóide. Costas €10-15 ar an bhia.

Níos mó eolais: Conchúr (conchur@yahoo.com) 00 353 (0)86 8539397 nó Neville 00 353 (0)86 6003935.

Gleann Cholm Chille

Bean a bhí ar iarraidh faighte

Anton Mac Cába

FUARTHAS bean Mheiriceánach a bhí ar iarraidh ar feadh cúig lá i nGleann Cholm Chille. Thángthas uirthi i sean-reachtaireacht lámh le hEaglais na hÉireann sa Ghleann thart ar am dinnéara Dé Chéadaoin.

Maidin Dé Sathairn seo caite, chuaigh Kelly Jones (42) amach le Sliabh Liag a shiúl. Bhí sé amuigh uirthi go raibh táithí ar shiúl cnoc aici. Leis, bhí na h-éadaí cuí uirthi. Nuair nár fhill sí tráthnóna, glacadh

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 23 Meán Fómhair, 2011

Obair ar bhealach a fhad leis an aerfort

Eoin Mc Garvey

CÉ go bhfuil obair riachtanach á déanamh faoi láthair ar an phríomhbhóthar ó Croithslí i dTír Chonaill a fhad le hAnagaire i dtreo Aerfort Dhún na nGall, tá airgead á lorg anois do bhealach eile atá riachtanach ó thaobh an aerfoirt de.

Meastar go mbeidh mórchuid na hoibre ar bhealach Chroithslí críochnaithe roimh dheireadh na míosa seo agus leathnú agus díriú maith á dhéanamh air. Tá an bealach dúnta i rith an lae le linn na hoibre agus seo ag cur as do go leor daoine ach beidh an luach saothair le feiceáil.

Tá coiste curtha ar bun anois le hiarracht a dhéanamh airgead a fháil do bhóthar an Ghleanna in Anagaire, bealach a ritheann ón N56 i Loch an

Iúir a fhad le hAnagaire agus a úsáideann daoine a bheadh ag teacht ó dheisceart an chontae a fhad leis an aerfort. Tuigtear go bhfuil suim de €96,600 curtha ar fáil ag an Chomhairle Contae le tús a chur leis an obair ar an bhealach ach de réir daoine sa cheantar ní dhéanfaidh seo mórán den obair atá riachtanach. Is drochbhealach amach is amach é seo idir dhrochdhromchla, choirnéil agus é bheith cuar. Ní raibh an bealach seo fiú oscailte do thrácht le linn na drochaimsire anuraidh de bharr nach raibh sé ar chlár leagtha grin na Comhairle Contae - agus seo príomhbhealach a fhad leis an aerfort!

Rinneadh plé ar an bhealach seo ag cruinniú thoghcheantar na nGleanntaí an tseachtain seo agus tugadh le fios go bhfuil plean ann lena dheisiú ach nach mbeidh sé ag tarlú inniu ná amárach. Beidh costas de €320,000 ag baint lena choiriú mar is ceart ach is thar trí bliana a bheas an t-airgead seo á chur ar fáil. Ní bheidh obair ar bith ag tarlú ar an bhealach go dtí an bhliain seo chugainn mar gur mhol bainisteoir na mbóithre, Breandán McFadden, gur cheart an obair bheith fágtha go dtí an tEarrach.

Baineann comhlachtaí busanna sa cheantar, trucail tógála agus trucail mhóra ola úsáid go laethúil as an bhealach seo agus, má thagann beirt acu le chéile ag an aon am amháin, bíonn an-dua ann. Tharla go leor taismí ar an bhealach seo chomh maith thar na blianta agus cé go ndearnadh roinnt oibre ar dhroichead anuraidh, is fíorbheag a chuidigh sé.

leis gur bhain timpiste di agus tosaíodh ar a cuardach.

Bhí foireann Tharrtháil Sléibhe Dhún na nGall amuigh, chomh maith le daoine de bhunadh an cheantair. Am ar bith thar an tréimhse nuair a bhí an aimsir glan, bhí héileacaptar amuigh.

Tháinig fear de bhunadh na háite uirthi sa reachtaireacht. Bhí hipiteirme uirthi. Thug héileacaptar go hospidéal Shligigh í. Tá sí 'compordach', dar leis na Gardaí. Ní fios an bhfuil cúram síciatrach le tabhairt di. Dúirt daoine san áit go raibh antorann ón héileacaptar. "Caithfidh gur chuala sí é," arsa bean amháin. Dúirt urlabhraí na nGardaí nach bhfuil a fhios acu cé chomh fada agus a bhí sí sa tsean-reachtaireacht; tá sin le fiosrú.

Is faoiseamh mór do phobal Ghleann Cholm Chille ar tharla, nó bhí an-imní orthu. "Tá lúcháir ar achan duine go bhfuarthas í," arsa Margaret Cunningham, go bhfuil B&B aici in aice na hEaglaise.

Doire

Múinteoirí Gaeilge ag teastáil

Katie McGreal

Tá Coiste Forbartha Charn Tóchair, Tír Chiana, Machaire ag lorg múinteoir Gaeilge a bhfuil taithí aige/aici le múineadh don GCSE agus do dhaoine fásta.

Beidh na ranganna ar siúl gach Luan ag 7.30 - 9.30in ar feadh 20 seachtain, ag tosú ar an Luan seo chugainn in An Carn, Tír Chiana, Machaire.

Má tá spéis agat sa phost, seol do CV chuig seamusmacconmidhe@yahoo.com nó cuir scairt ar 028 79549978.

Cead ag Coláiste Ailigh seomraí sealadacha a thógáil

Anton Mac Cába

THUG Comhairle Baile Cheantar Leitir Ceanainn cead pleanála fá choinne dhá sheomra ranga réamhdhéanta ag Coláiste Ailigh, an meánscoil Ghaeilge ar an bhaile.

Is ar bhonn sealadach an cead. Tá na seomraí le bheith ann go ceann cúig bliana, ansin iad le tabhairt ar shiúl.

Tá Coláiste Ailigh ag gníomhú le 11 bhliain. Tá beagnach 200 dalta ann. Bhí foirgneamh nua don scoil le bheith réidh i mbliana. Ní bheidh sé réidh go dtí Meán Fómhair 2012. Tá sé á thógáil faoi chomhpháirtíocht phríobháideach phoiblí.

Dúirt Proinsias Mac a' Bhaird, an príomhoide cúnta, go raibh brú mór ar an scoil. "Bhí na prefabs de dhíth orainn," ar seisean. "Bhí 54 isteach sa chéad bhliain i mbliana.

"Thosaigh an Ghaelscoil (i Leitir Ceanainn) ag tógáil isteach dhá rang. Mar sin, tá dhá rang anois ag teacht isteach chugainn."

Chuir Scáileáin Thuaisceart Éireann fáiltiú ar bun chun comóradh a dhéanamh ar aon léiritheoirí faoi oiliúint déag a ghlac páirt sa scéim traenála de chuid Chiste Craoltaí na Gaeilge (ILBF) a mhair bliain amháin. Leis na léiritheoirí faoi oiliúint anseo tá Maurice Hayes, Cathaoirleach Choiste Infheistíochta ILBF, Carál Ní Chuilín, an tAire Cultúrtha agus Áine Walsh, Ceannasaí ILBF.

Captaen na foirne - Máire Nic Mhánais agus í ag tabhairt óráide i ndiaidh d'fhoireann CLG Mhná Chloich Cheann Fhaola Craobh Shóisir Chontae Dhún na nGall a bhuachan le gairid.[Pic.: Judy Ní Ógáin]

Imeachtaí Uladh

Buaileann **Grúpa Tuismitheoirí agus Tachrán Gaelach** le chéile gach Aoine ag 9.30 - 11.30rn i Halla an Phobail i gCaisleán an Mhuilinn.

'An Ghaeilge i gCóras Scolaíochta na hÉireann' in léachtlann William Conor in Ollscoil Uladh, Béal Feirste Dé hAoine agus Satharn 7 - 8 Deireadh Fómhair.

Oíche Chuairteoireachta i nDaonbhaile an Athar McDyer i nGleann Cholm Cille anocht ag 8in. Cead isteach saor in aisce.

Grúpa léitheoireachta agus comhrá i Leabharlann Cheannais Mhic Eoin, Sráid Farnham, an Cabhán ar an Satharn 1 Deireadh Fómhair, 1in.

Seoladh leabhair nua le hEoghan Ó Néill, 'Cathracha i gCóngar is i gCein' amárach sa Chultúrlann i mBéal Feirste ag 1in.

BEATHA NUACHT Litríochta

Síolta na samhlaíochta curtha ag Ó Siadhail ina úrscéal nua

Seolfaidh an Dr Máire Ní Annracháin Beirt Bhan Mhisniúla le Pádraig Ó Siadhail ar an Aoine, 7 Deireadh Fómhair ag 6.30in in Áras na Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Labhair Meadhbh Ní Eadhra le Pádraig faoin úrscéal nua.

Pádraig Ó Siadhail

SAN úrscéal nua seo le Pádraig Ó Siadhail, is é Pádraic Ó Conaire, mórúdar de chuid nualitríocht na Gaeilge, agus beirt de na mná i saol an Chonairigh (Caitlín Ní Aodha agus Mary Morrison) na príomhphearsana. Cad a spreag an t-údar dul i mbun pinn agus an scéal a scríobh?

"Na blianta fada ó shin, tharla gur tháinig mé ar chóip de dhráma Béarla a scríobh Pádraic Ó Conaire agus bean Cheanadach arbh ainm di Katherine Hughes (Caitlín Ní Aodha). Ar feadh i bhfad bhí mé ag bailiú eolais faoin bhean sin agus faoin pháirt a d'imir sí san fheachtas bolscaireachta ar son Phoblacht na hÉireann i Meiriceá sa tréimhse 1916-1921," a mhíníonn Ó Siadhail. "An rún a bhí agam ná a beathaisnéis a scríobh ach d'éirigh mé as sin cheal foinsí faoi mhíreanna móra de shaol pearsanta Hughes, a cairdeas leis an Chonaireach san áireamh. Bhuel, má bhíonn foinsí agus fo-nótaí de dhíth ar an scríbhneoir acadúil, is leor samhlaíocht mhaith a bheith ag an scríbhneoir ficsin agus shocraigh mé ar m'insint féin ar chumann na beirte a chur le chéile."

Is cinnte nach bhfuil easpa samhlaíochta ag an údar seo agus mar a deir sé féin, "más fuath leis na scoláirí bearnaí, is iontach leis an scríbhneoir ficsin iad toisc gur féidir leis dul i mbun oibre, i mbun cumadóireachta, ansin."

Scéal triúir é an leabhar seo, agus ghoid Ó Siadhail teideal an leabhair, Beirt Bhan Mhisniúla, ó Phádraic Ó Conaire.

An raibh sé doiligh ar an Uasal Ó Siadhail a bheith ag scríobh faoi Phádraic Ó Conaire agus Caitlín Ní Aodha, fíordhaoine, go háirithe mar gur scéal ficsin a scríobh sé?

"Maidir leis an Chonaireach agus le Katherine/Caitlín, ní thig linn mórán a rá faoina gcairdeas go cinnte," ar sé. "Tá neart bearnaí i scéal bheatha an Chonairigh in ainneoin an taighde uilig atá déanta ag scoláirí."

Is iad na bearnaí seo a thug an deis do Ó Siadhail an leabhar seo a scríobh. Thosaigh sé ag obair ar an scéal timpeall 1997, tamall de bhlianta ó shin anois.

"Bhí mé i ndiaidh trí úrscéal a fhoilsiú taobh istigh de thréimhse sé bliana, 1990-1996, agus chreid mé san am go mbeadh an ceann seo réidh taobh istigh de chúpla bliain. Bhuel, ní go 2009 a chríochnaigh mé an chéad dréacht. Bhí mé gafa le rudaí eile – taighde acadúil agus cúrsaí riaracháin, tógáil clainne, gnáthchúraimí an tsaoil – idir an dá linn."

Rud a sheasann amach faoin leabhar seo ná go bhfuil áit ag Meiriceá Thuaidh, Londain agus Baile Átha Cliath ann. An gceapann Ó Siadhail go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh údair Éireannacha agus scríbhneoirí Gaeilge ag scríobh faoi áiteanna agus tíortha eile seachas an tír seo, mar atá déanta aige féin? Deir sé nach bhfuil freagra aige ar an cheist sin.

"Tharla gur tharraing mé isteach suíomh Mheiriceá Thuaidh agus Londan i m'úrscéal toisc go bhfóireann siad don scéal," ar sé. "Ach ní mór dom a admháil gur breá liom saothar Ronan Bennett, an scríbhneoir Béal Feirsteach. Tá úrscéalta leis suite san Afraic, i Meiriceá, sa Rúis, i Sasana agus i Meiriceá Láir, ach in ainneoin na suíomhanna difriúla, is iad dála na hÉireann, an Tuaisceart go háirithe, is príomhábhar dó. An-scríbhneoir é."

Is as Doire Cholm Cille ó dhúchas do Phádraig, ach tá cónaí air in Halifax i gCeanada ón mbliain 1987. Deir sé gur cathair 'measartha beag' é, amuigh ar imeall an Aigéin Atlantaigh.

"Is aoibhinn liom sin. Ní fhéadfainn cónaí i gcathair mhór dála Bhaile Átha Cliath arís. Dream lách iad muintir na háite den chuid is mó."

Agus an bhfuil mórán Gaeilgeoirí eile thart air?

"Níl mórán daoine eile ann a bhfuil an Ghaeilge acu diomaite de mo chuid páistí," ar sé. "Ach tá feabhas an-mhór i ndiaidh teacht ar an scéal ar an ollscoil ina bhfuil mé ag teagasc. Ní chreidfeá an méid Gaeilge atá le cluinstin timpeall oifig Léann na hÉireann ar an ollscoil na laethanta seo. An-tógáil croí é sin domsa go pearsanta agus go proifisiúnta."

"Tá an t-úrscéal in ísle brí. Sin an seánra is tábhachtaí agus is ansa liom."

An raibh dúil ag Pádraig sa scríbhneoireacht i gcónaí?

"Bhí dúil níos mó agam sa léitheoireacht ná sa scríbhneoireacht, déarfainn. Níor luigh mé isteach ar an scríbhneoireacht go dtí gur thosaigh mé ar an staidéar iarchéime," a deir sé. "Tar éis dom imeacht go Ceanada, áis a bhí sa scríbhneoireacht chruthaitheach chun na hoícheanta fada geimhridh a chur isteach. Nós é ó shin."

Míníonn Ó Siadhail dom céard é an rud is fearr leis faoi bheith ag scríobh.

"Uaireanta, bíonn tú ag streachailt le gné éigin den scéal ar feadh i bhfad ... cor sa phlota nó an charachtracht. Gan choinne, tagann tú ar fhuascailt na faidhbe. Is doiligh sin a shárú ... go dtí gurb ann don chéad ghéarchéim reacaireachta eile."

Agus an bhfuil aon rud ar bun aige i láthair na huaire?

"Bíonn rudaí idir lámha agam i gcónaí: an t-úrscéal don aos óg ar thosaigh mé air a sé nó a seacht de bhlianta ó shin. Tá mé ag obair le cumann Éireannach ar Prince Edward Island (áit dhúchais Katherine Hughes) chun a beathaisnéis a chríochnú faoi dheireadh. Agus caithfidh duine éigin athbhreithniú ceart criticiúil a dhéanamh ar bheatha agus ar shaothar Earnáin de Blaghd ina n-iomláine lá de na laethanta seo. An tsíorfhadhb ná easpa ama ... agus an spadántacht."

Is cinnte go gcaithfear an cheist a chur ar Phádraig, cén bharúil atá aige ar litríocht na Gaeilge agus an treo ina bhfuil sí ag dul?

"Tá an t-úrscéal in ísle brí. Sin an seánra is tábhachtaí agus is ansa liom. Ach ansin ó am go chéile tagann úrscéal amach a bhaineann geit nó an gáire féin asat mar léitheoir. An-leabhar é Rún an Bhonnáin le Proinsias Mac a' Bhaird, é cliste agus uaillmhianach mar shaothar ina shlí féin. An rud is measa liom i gcónaí ná an tost tar éis do leabhair teacht amach, easpa léirmheasanna sna meáin Ghaeilge go háirithe. Molaim go hard an obair mhór atá ar siúl ag Cumann na Scríbhneoirí Úra agus misneach na mball. Ach an dá cheist mhóra atá ann faoi thodhchaí agus faoi threo litríocht na Gaeilge ná caighdeán na litearthachta ag gach aoisleibhéal agus ceist na léitheoireachta féin .i. cad as a dtiocfaidh an chéad ghlúin léitheoirí eile," ar sé.

Deir Pádraig liom nach fear mór físe, nó cúise, nó straitéise, nó plean é.

"B'fhéidir gur duine leithleasach mé ach is fearr liom an obair sin a fhágáil faoi dhaoine eile," ar sé. "Ar ndóigh, tá daoine ann a dtaitníonn an ealaín sin leo! Agus mé thar lear, tá an t-ádh orm agus tá an tsaoirse agam a bheith ag plé leis an Ghaeilge i mo shlí féin – ach gan a bheith buartha mórán faoi chúis na Gaeilge agus faoi cheist na teanga sa bhaile."

Cé nach fear mór comhairle é Pádraig ach an oiread, molann sé do scríbhneoirí úra a bheith ag léamh, ag taisteal, ag tabhairt rudaí faoi deara agus ag blaiseadh den saol.

"Ansin is féidir leo a bheith ag scríobh, agus ag athscríobh, agus ag léamh a thuilleadh," ar sé.

Bhain Beirt Bhan Mhisniúla an duais d'Úrscéal - Ficsean Liteartha, i gcomórtais liteartha an Oireachtais 2010. Is iad Cló Iar-Chonnacht a d'fhoilsigh an leabhar.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 23 Meán Fómhair, 2011

TEILIFÍS agus RAIDIÓ

Le Katie McGreal

'Ceist GAA le Hector' ar ais arís

Katie McGreal

THOSAIGH an dara sraith den quizchlár 'Ceist GAA le Hector' an tseachtain seo caite ar TG4. Is quizchlár le ceisteanna faoi Chumann Lúthchleas Gael amháin atá ann.

"Níl aon quizchlár eile den chineál seo ann," a deir Hector Ó hEochagáin a chuireann na ceisteanna ar na hiomaitheoirí arís i mbliana.

Nuair a cuireadh tús leis an tsraith seo anuraidh, ba é an chéad uair riamh é a rinneadh quizchlár den chineál seo agus is léir gur éirigh go maith léi nó tá sí ar ais arís i mbliana.

Beidh idir shiamsaíocht agus fhaisnéis sa tsraith agus cuirfear ceisteanna ar na hiomaitheoirí faoi gach gné de stair, imreoirí agus imeachtaí Chumann Lúthchleas Gael agus faoi na cluichí: peil ghaelach, an chamógaíocht agus an iománaíocht ó 1888 go dtí 2011. Clúdófar stair na gcluichí agus na heagraíochta, scóir, aclaíocht chumasach, agus eachtraí grinn agus áiféise a tharla le linn na mblianta.

Beidh 16 fhoireann ó cheann ceann na tíre in iomaíocht lena chéile i rith na sraithe chun corn Ceist GAA a bhuachaint. Is as Maigh Eo, an Dún, an Clár, Gaillimh, Sligeach agus roinnt áiteanna eile iad agus tá siad uilig ina mbaill de chlub CLG nó bainteach le ceann acu. Ní bheidh ach beirt ar gach foireann i mbliana toisc go bhfuil beirt chaptaen foirne ann, Evanne Ní Chuilinn ó RTÉ Sport agus Mícheál Ó Domhnaill ó GAA BEO. De bharr na beirte seo, tá i bhfad níos mó Gaeilge le cloisteáil ar an gclár.

"Tá sé i bhfad níos fearr i mbliana," a deir Hector, "ó thaobh na Gaeilge de agus ó thaobh craice sa stiúideo."

Evanne Ní Chuilinn, captaen foirne i mbliana in éineacht le Mícheál Ó Domhnaill

Bhí sé deacair orthu anuraidh teacht ar thriúr ó na clubanna GAA le Gaeilge líofa agus, ar ndóigh, bhí sé níos éasca beirt a fháil.

Tá Hector ag labhairt le TG4 agus RTÉ mar gheall ar an todhchaí agus na cláir eile a dhéanfaidh sé

Bhí an-chuid réamhoibre le déanamh don chlár. Caitheadh thart ar 3 mhí ag obair air ag déanamh taighde ó thaobh ceisteanna de, ag teacht ar na daoine cuí agus bhí an-chuid daoine ag teastáil chun na grafaicí uilig atá ag teastáil do quizchlár a dhéanamh - físeáin, guthanna srl.

Tá duais iontach le buachaint i mbliana. Ní hamháin go bhfuil corn Ceist GAA ann ach gheobhaidh an fhoireann is fearr deireadh seachtaine traenála ag an óstán Carlton House i gCill Dara freisin.

Tá daoine de gach aois sna foirne agus tagann siad ó gach páirt den chlub - imreoirí contae, cathaoirligh, bainisteoirí clubanna agus tá siad uilig thar 18 mbliana d'aois.

"Tá an t-uafás eolais acu!" a deir Hector mar gheall ar chaighdeán na n-iomaitheoirí.

Rinneadh an taifead iomlán i stiúideo TG4 taobh istigh de choicís i mí an Mheithimh agus rinne Sonta Teo, an comhlacht léiriúcháin atá lonnaithe i gConamara, léiriú ar an tsraith. Tá 15 chlár ar fad sa tsraith agus beidh siad le feiceáil ar TG4 go dtí mí na Nollag. Beidh luathbhabhtaí ann mar aon le babhtaí ceathrú ceannais agus leathcheannais agus craolfar an cluiche ceannais ag deireadh na sraithe.

Faoi láthair, tá Hector ag labhairt le TG4 agus RTÉ mar gheall ar an todhchaí agus na cláir eile a dhéanfaidh sé. Tá sé ag baint suilt as a sheó raidió ar 2fm go luath gach maidin cé go bhfuil na maidineacha luatha crua go leor air. Seo an chéad uair a bhí sé ar an raidió agus i ndiaidh bliana tá sé fós ag baint suilt as. Is cuma leis cé acu, teilifís nó raidió, a mbíonn sé air.

Éist le

Raidió na Gaeltachta: An Saol ó Dheas
Craolfar an clár ó Bhaile an Sceilg an tseachtain seo, áit a bhfuiltear ag ceiliúradh Lá an Phátrúin. Bíonn imeachtaí éagsúla ar siúl - oilithreachtaí, imeachtaí spóirt, ceol, siúlóidí treoraithe, léachtaí agus Aifreann mar chuid den fhéile. Labhróidh Helen Ní Shé le muintir an bhaile faoin lá. Déardaoin @ 12in.

Athlone Community Radio: Inniu, Inné, Amárach
Is clár lán-Ghaeilge é seo ina labhróidh Eugene McGovern faoi chúrsaí reatha agus nuacht sa cheantar. Tá mír spóirt agus roinnt ceoil Éireannaigh fite fuaite sa chlár. Dé Domhnaigh @ 5.30in

RTÉ Raidió 1: The God Slot le Eileen Dunne
Sa tsraith nua seo fiosróidh Eileen Dunne tuairimí mhuintir na tíre ar an chreideamh agus ar an spioradáltacht. An tseachtain seo, déanfar plé ar na círéibeacha i Sasana le déanaí, na cúiseanna a bhí leo agus ról an réigiúin sna círéibeacha. Dé hAoine @ 10in.

'Fíorscéal' - Sraith nua

THOSAIGH sraith nua de Fíorscéal ar TG4 Dé Máirt. Sraith ocht gclár atá ann a thugann aghaidh ar mhórcheisteanna idirnáisiúnta trí shúile na léiritheoirí teilifíse is misniúla agus is conspóidí ar domhan. Labhrófar faoi anchuid ábhar éagsúil.

An tseachtain seo, pléadh margadh ollmhór an phósta san India. Is sa tír sin a bhíonn 40% de phóstaí an domhan. An tseachtain seo chugainn, pléifear an dochar uafásach a bhaineann le dumpáil bruscair a bhfuil nimh nó ábhar díobhálach ann. Is ea cósta na Somáile an áit is saoire chun an bruscar seo a chaitheamh ach tá go leor dochair déanta ag an mbruscar seo don phobal áitiúil.

Clúdófar roinnt ábhar eile freisin: botox, foireann sacair na hAfraice, laochra spóirt na hIndia agus roinnt eile.

Tá sé le feiceáil ar TG4 ag 10.30in ar an Máirt.

Cúig chéim chun dath gréine bréagach a fháil

Comhairle ó **Fhiona Ní Mháille**

IS é an rud is measa faoin fhómhar a bheith ag teacht chuig ár dtír bheag ná nach féidir linn dath gréine nádúrtha a fháil. Ná bí buartha faoi seo - is féidir linn an dath céanna a fháil ó bhuidéal. Tá sé níos sláintiúla, níos fearr le haghaidh do chraicinn agus ní bheidh craiceann agat cosúil le leathar i gceann cúpla bliain. Mar gheall ar tháirgí scéimhe, is féidir linn dath álainn a fháil an bhliain ar fad. Ní le haghaidh an tsamhraidh amháin atá dath gréine. Cosúil lena lán cailíní Éireannacha, is breá liom nuair a bhímse maranáidithe i fake tan. Nuair a bhíonn dath láidir mahagaine ar mo chraiceann, bím réidh chun dul amach san oíche. Thar na blianta, d'fhoghlaim mé rud nó dhó faoi conas dath deas a fháil gan droch-chraiceann a bheith mar thoradh air. Dáiríre píre, bíonn mo chraiceann dóite fiú amháin sa bháisteach, ach b'fhearr liom fake tan a úsáid mar breathnaíonn tú níos tanaí agus níos sláintiúla le dath deas ort. Faoi láthair in Hollywood, tá na réaltaí scannán is mó, cosúil le Robert Pattinson agus Kristen Stewart, ag rá go bhfuil craiceann nádúrtha níos gnéasaí - agus ag féachaint orthu, chreidfeá go bhfuil pointe maith acu. Ach é sin ráite, ní dóigh liom go mbreathnaíonn a lán daoine in Éirinn cosúil le Robert Pattinson nó Kristen Stewart! Mar sin, teastaíonn cabhair uathu chun féachaint níos fearr. Táimse fós ag iarraidh an datha gréine dheas sin, agus tá cúpla bealach foghlamtha agam chun é seo a dhéanamh.

Tá cúpla céim éasca agam chun dath deas a chur ar an gcraiceann:

Bearr aon ghruaig atá ag fás ar do chosa. Ní théann aon fake tan ar do chraiceann i gceart agus cosa cosúil le Tarzan agat.

Ná húsáid leaba ghréine riamh. Dar leis an Irish Independent, úsáideann 25% de mhná na hÉireann leaba ghréine gach uile sheachtain. Ní éisteann siad leis na mílte dochtúir a deireann go bhfuil sé go dona le haghaidh do chraicinn. Is iad na dainséir is mó a théann leis na leapacha gréine ná ailse, damáiste UV, damáiste súile, damáiste don chóras imdhíonachta agus aosú réamhaibí.

Ná téigh amach faoin ngrian gach cúpla nóiméad chun dath gréine a fháil. Deireann eolaíocht nua linn go bhfuil an iomarca gréine níos measa dár gcraiceann ná a bheith ag caitheamh tobac. Tá na réaltaí is mó in Hollywood, cosúil le Julia Roberts agus Jennifer Aniston, chomh buartha sin faoin damáiste a dhéanann an ghrian dá gcraiceann go gcaitheann siad griansciath fiú amháin nuair atá siad taobh istigh, mar níl siad ag iarraidh go dtiocfaidh an ghrian isteach trí na fuinneoga. Má oibríonn sé do Julia, bainfidh mise triail as! Tá an ghrian tábhachtach dár gcoirp, mar tugann sé Vitimín D dúinn. Cabhraíonn Vitimín D lenár gcoirp chun cailciam a thógáil isteach, an mianra a stopann oistéapóróise, ach le haghaidh craiceann álainn, dean cinnte go dtugann tú aire dó!

Tá dath gréine iontach ag an chuid is mó de na réaltaí in Hollywood, cosúil le Cheryl Cole - ach seo é a rúin - ní fíordhath gréine é! Maidir leis an ngníomhaireacht mainicíní Assets, úsáideann naocha fán gcéad de na mainicíní fake tan. Deireann úinéir Assets, Mags Humphries, go bhfuil na dearthóirí agus na grianghrafadóirí ag iarraidh go mbeidh craiceann an-gheal ag a gcuid mainicíní faoi láthair.

Is é an fake tan is fearr liom ná fake tan Sally Hansen. Ní imíonn sé nuair a thosaíonn sé ag cur báistí, mar sin, ní chaithfidh tú a bheidh buartha faoin aimsir agus tú ag caitheamh dath gréine bréagach. Déan cinnte nach gcaitheann tú éadaí bána agus tú ag caitheamh aon fake tan. Má thosaíonn tú ag cur allais, rithfidh sé síos do lámha agus do chosa agus beidh sé soiléir do chuile duine timpeall ort nach bhfuil do dhath gréine fíor. Ná déan dearmad, is é an saghas fake tan is measa ná nuair a chuireann tú fake tan nua ar shean-fake tan. Breathnaíonn na cailíní seo cosúil le Oompah-Loompahs. Breathnaíonn an craiceann salach, ní cheapfá go bhfuil dath gréine air, agus breathnaíonn na cailíní seo cosúil le duine éigin a chuaigh ag snámh in Doritos. Chun an fhadhb seo a stopadh, úsáid ciarsúir! Chun dath nádúrtha a fháil, cuir maothóir ort féin ar dtús!

Níl tú ag iarraidh an chuma seo a bheith ort - an bhfuil??

Buaiteoirí Babóg Baby

- Áine Nic Garbeithe, Tír Chonaill.
- Colm Ó Suilleabháin, Co. na Gaillimhe.
- Áine Máire Ní Ghruagán, Co. an Chláir.
- Cliodhna Ní Chuarta, Co. na Gaillimhe.
- Máire Ní Fhlionn, BÁC 8.

COMHSHAOL

Abhcóideacht ar son an mhíl mhóir ag fadú a mharaithe sa tSeapáin

Ar lean ó leathanach a haon

Sa chuóta seo a chruthaigh sí do gach séasúr seilge, áirítear 935 droimeiteach beag (*Balaenoptera acutorostrata*; *Minke whale*; muc-mhara-mhionc), 50 droimeiteach (*Balaenoptera physalus; fin whale*; muc-an-scadain) agus 50 míol mór dronnach (*Megaptera novaeangliae; humpback whale*; muc-mhara-crotach).

Tá sé mar chuspóir ag *Sea Shepherd Conservation Trust* Tearmainn na Míolta Móra um um an Antarctacha chosaint. Agus baineann siad úsáid as gníomhartha ionsaitheacha lena dhéanamh. Cuireann siad soithí seilge go tóin poill sa chaladh nó iad a chur as fónamh ar dhóigheanna eile; nó déanann siad bruscán mara leis na soithí seilge amuigh ar an fharraige mhór. Deir siad go bhfuil sé mar aidhm acu an tseilg a dhéanamh neamhbhrabúsach do lucht seilge an mhíl mhóir. Anuraidh, de réir an *Sea Shepherd Conservation Trust*, níor éirigh leis na Seapánaigh ach 17% dá gcuóta a fháil sa tearmann agus bhí orthu filleadh abhaile mí níos luaithe, toisc na hoirbheartaíochta a d'úsáid *Sea Shepherd*.

Ach cad é an tionchar atá aige seo sa tSeapáin - tír nach n-itheann mórán d'fheoil an mhíl ar aon nós? An féidir leis an agóideoir san Iarthar tionchar a imirt ar na Seapánaigh nuair nach dtuigeann siad a gcultúr ná a meon? De réir taighdeoirí Astrálacha, léiríonn an t-aos óg sa tSeapáin tuairimí naimhdeacha in éadan na n-agóideoirí atá in aghaidh na seilge a dhéanann na Seapánaigh. Agus tugann 65% de na Seapánaigh tacaíocht don tseilg anois ar son cúiseanna eolaíocha. Baineann cuid de seo le meon an tSeapánaigh.

Ar dtús, níl coincheap leas na n-ainmhithe (*animal welfare*) ag tromlach na Seapánach. Is acmhainn iad na míolta móra dóibh gur féidir a úsáid. Ar a bharr sin, ní ghlacann na Seapánaigh le heasumhlaíocht shibhialta (*civil disobedience*). Mar sin, nuair a choigistigh Greenpeace Japan fianaise, cúpla bliain ó shin, ar scannal faoi fheoil an mhíl mhóir sa tSeapáin, d'amharc na Seapánaigh air mar ghoid - rud a chuir leis an tacaíocht don tseilg sa náisiún.

Creideann Atsushi Ishii, cé nach bhfuil nós náisiúnta ann sa tSeapáin le feoil an mhíl mhóir a ithe, nach bhfuil gníomhartha *Sea Shepherd Conservation Society* ach ag cur leis an naimhdeas i measc na Seapánach in aghaidh na n-agóidí in éadan sheilg an mhíl mhóir. Mar sin, creideann Atsushi Ishii go bhfuil *Sea Shepherd Conservation Society* ag cur moille ar iarrachtaí eile - iarrachtaí sa tSeapáin féin fiú - leis an scéal a leigheas don mhíol mhór.

Is é an tuairim atá ag Ishii, dá ligfí d'fhórsaí an mhargaidh, agus dá scoirfí leis na hionsaithe díreacha ar shoithí an luchta seilge, go mbainfí an sprioc ar leas an mhíl mhóir amach níos gasta. Níl ráchairt ollmhór ar fheoil an mhíl mhóir sa tSeapáin. Tá muiceoil agus circeoil i bhfad níos saoire sa tSeapáin agus níos blasta. Beidh táirgí na feirmeoireachta i gcónaí níos saoire ná feoil na seilge a fhaightear i bhfad i gcéin. Toisc nach bhfuil an ráchairt ar an mhíol mhór chomh mór sin, tá an carn stoic den fheoil sin níos airde anois ná mar a bhí, ó bhí na 1980í ann, cé go bhfuil líon na míolta móra níos lú agus praghas na feola féin níos saoire. Creideann Ishii dá ligfí leis an tseilg, sula i bhfad go gcarnfaí na costais a bhaineann le taisceadh na feola leo, agus go ndéanfadh sé sin an tionscnamh ní ba neamhbhrabúsaí ann féin.

Síleann Atsushi Ishii go ndéanann an agóidíocht ón Iarthar an cás polaitíochta sa tSeapáin níos deacra leis an tseilg a stad. Dá mbeadh deis acu é a dhéanamh - agus gan na hionsaithe ón Iarthar ar bhród agus ar mheon na Seapáine - creideann Ishii gur féidir díriú isteach ar mhórchúiseanna eile a chuireann na míolta móra i mbaol: athrú aeráide, truailliú fuaime, agus buailte ó longa. Is fadhbanna iad seo a bhaineann le gach tír a bhfuil cósta farraige aige, agus atá le réiteach go gasta. Ní hí an tSeapáin amháin atá ag cur na míolta móra i mbaol.

Droimeiteach beag (Minke Whale) ar bord 'Long Monarchain' Seapánach. Deir an tSeapáin go bhfuil cúis 'eolaíochta' leis an tseilg seo.

Feoil mhíol mór á dhíol ag margadh éisc i Tokyo

Lógó 'Sea Shepherd'

Míol mór á marú ag seilgeoirí Seapánacha

FOLÚNTAIS / CÚRSAÍ

NUI Galway
OÉ Gaillimh

Fáiltítear roimh iarratais ar na poist seo a leanas:

Coláiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Léinn Cheiltigh

Stiúrthóir Cónaitheach Druid
(Téarma Socraithe)
Spriocdháta: Meán oíche Déardaoin 22 Meán Fómhair 2011

Coláiste an Leighis, an Altranais agus na nEolaíochtaí Sláinte

Déan Oideachas Leighis (páirt aimseartha: 0.3)
Ospidéal Portiuncula, Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe.
Spriocdháta: Meán oíche Déardaoin 6 Deireadh Fómhair 2011

Le tuilleadh eolais a fháil agus le hiarratas a dhéanamh téigh chuig www.publicjobs.ie

Is fostóir comhionannas deiseanna í Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

SUNDAY TIMES UNIVERSITY OF THE YEAR 2009-10

publicjobs.ie
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
Public Appointments Service



www.nuigalway.ie

De dhíth
Oifigeach Forbartha Gaeilge
Post lánaimseartha go Mí na Nollag 2013

Critéir Riachtanacha
- Gaeilge líofa idir labhairt agus scríobh.
- Taithí ar bhainistiú cláir agus agus forbairt straitéisí.
- Duine fuinniúil gníomhach féinmhuiníneach a dtig leis/léi obair a dhéanamh as a stuaim féin agus mar chuid d'fhoireann.
- Scileanna maithe ríomhaireachta.
- Ceadúnas tiomána glan.

Critéir Inmhianaithe
- Taithí ar theagasc.

Tuarastal Túsphointe Scála £24,089 ag brath ar thaithí agus cháilíochtaí.

Seoltar CV chuig:
Maighréad Ní Chonghaile, Rúnaí
Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain
Teach Mhic Reachtain
156 Bóthar Aontroma
Béal Feirste
BT15 2AH

Urraithe ag
Foras na Gaeilge

Spriocdháta iarratais: 29ú Meán Fómhair 2011.
Agallaimh 3ú Deireadh Fómhair 2011.

Tá an post seo á mhaoiniú ag Foras na Gaeilge.
Is fostóir comhdheiseanna é Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain.

THE HONORABLE SOCIETY OF KING'S INNS

DEISEANNA OIBRE DEN SCOTH LEIS AN AONTAS EORPACH DO CHAINTEOIRÍ GAEILGE

- **Ard-Dioplóma sa Dlítheangeolaíocht agus san Aistriúchán Dlíthiúil**
- **Ard-Dioplóma san Aistriúchán Dlíthiúil**

Earcaíonn **an tAontas Eorpach aistritheoirí dlíthiúla** agus **dlítheangeolaithe** go tráth rialta. Tá ganntanas ar an AE faoi láthair maidir le haistritheoirí dlíthiúla agus dlítheangeolaithe[1] le Gaeilge.

Deireadh Fómhair 2011 - Bealtaine 2012 tairgfidh Óstaí an Rí cúrsaí páirtaimseartha ardleibhéil chun rannpháirtithe a chumasú le cur isteach ar fholúntais mar aistritheoirí dlíthiúla le Gaeilge agus dlítheangeolaithe le Gaeilge le hInstitiúidí an AE.

Seasfaidh na cáilíochtaí seo freisin don té ar suim leis fostaíocht taobh amuigh d'Institiúidí an AE.

Reáchtálfar scrúdú iontrála in Óstaí an Rí, Sráid Henrietta, Baile Átha Cliath 1 Déardaoin an 29ú Meán Fómhair 2011 6pm-7pm.

Iarratais ar áiteanna ar na cúrsaí le bheith istigh faoi 4pm Dé Máirt, an 27ú Meán Fómhair 2011.

Foirmeacha iarratais & tuilleadh eolais ar fáil ag www.kingsinns.ie agus ó : daithi.maccarthaigh@kingsinns.ie 087-2368364.

Cuireann an Roinn Ealaíon Oidhreachta agus Gaeltachta tacaíocht ar fáil don dá chúrsa seo.

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of Arts, Heritage and the Gaeltacht

[1] Daoine, a bhfuil cáilíocht ghairmiúil sa dlí nó céim sa dlí acu, a dheimhníonn go bhfuil leaganacha éagsúla de achtachán i dteangacha éagsúla ag teacht lena chéile.

An bhfuil folúntas agat?

Tóg fógra le Gaelscéal, lascaine le fáil ar leathanach folúntais.

Déan teagmháil le Patricia ag 086-0234251 nó fograi@gaelsceal.ie

Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelsceal.ie

Le tacaíocht ó
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta
Comhar na Múinteoirí Gaeilge

Gaeilge- Ardteistiméireacht 2012 le Mícheál Ó Ruairc

Ceapadóireacht - Díospóireacht/Óráid

Scríobh an chaint a dhéanfá, i ndíospóireacht scoile, ar son nó in aghaidh an rúin seo a leanas:-
'B'fhearr an seansaol ná an saol atá inniu ann.'

A CHATHAOIRLIGH, a mholtóirí, a lucht éisteachta agus a chomhscoláirí, ní féidir liomsa aontú leis an rún seafóideach seo. A leithéid de ráiméis! Tá lucht an fhreasúra ar a ndícheall ag iarraidh a chur ina luí oraibh go raibh an seansaol go hiontach. Ag éisteacht leo ag caint, mheasfá go raibh sibh ag éisteacht le scata seanóirí! Ní daoine óga in aon chor iad lucht an fhreasúra, a dhaoine uaisle, ach scata seanóirí!

Ach le bheith dáiríre, táim in aghaidh an rúin seo ar chúiseanna áirithe a luafaidh mé libh anois. Ar an gcéad dul síos, táim lánchinnte go bhfuil an saol atá againn inniu i bhfad Éireann níos fearr ná an saol a bhí ann céad bliain ó shin. Seo an mhílaois nua is tá a lán dul chun cinn déanta sa thréimhse ó thús an chéid seo caite. Tá athruithe móra tagtha ar an saol. Ba mhaith liom cuid de na hathruithe sin a lua.

Féach ar an dul chun cinn atá déanta i ngach gné den saol, geall leis.

Má thógaimid cúrsaí oideachais mar shampla amháin. Ba bheag seans a bhí ag gnáthógánaigh na tíre seo aon dul chun cinn a dhéanamh i gcúrsaí oideachais go dtí 1967. Bhí cosc iomlán ar pháistí bochta na tíre dul ar aghaidh go dtí an dara leibhéal gan trácht ar an tríú leibhéal. Bhí cúrsaí oideachais agus na poist mhóra i seilbh lucht an rachmais. Bhí ar gach éinne eile dul ar imirce nó glacadh le poist shuaracha sa tír seo. Cothrom na Féinne? Ní dóigh liom é.

Bhí an seansaol crua. Bí cinnte de sin, a dhaoine uaisle. Ní raibh áiseanna spóirt ná siamsaíochta ann d'óige na tíre is ní raibh faic na fríde le déanamh acu. Beidh lucht an fhreasúra ag cur ar bhur súile go bhfuil a lán fadhbanna againn sa lá atá inniu ann, go bhfuil brú agus strus ar dhaoine, go bhfuil ár dtimpeallacht i mbaol, go bhfuil an óige, ach go háirithe, millte ag fadhbanna na ndrugaí agus an ólacháin. Ach ná tugaigí aon éisteacht dóibh, a dhaoine uaisle, mar, i ndeireadh na dála, nach bhfuil sé soiléir go bhfuil dul chun cinn dochreidte déanta le céad bliain anuas agus táimid i bhfad Éireann níos fearr as anois ná mar a bhí ár sinsear a tháinig romhainn.

Ar an ábhar sin, tá súil agam go dtabharfaidh sibh an chluas bhodhar don rún seafóideach seo atá á mholadh go míéifeachtach ag lucht an fhreasúra. Táim cinnte go n-aontaíonn sibh liom, agus sibh ag éisteacht liom i halla compordach na scoile seo. gur fearr go mór an saol atá ann inniu ná an seansaol.

Go raibh míle maith agaibh.

Gluais

lucht an fhreasúra - the opposition
millte - destroyed
dul chun cinn - progress.

Prós Comónta Ainmnithe - Hurlamaboc le Eilís Ní Dhuibhne

(i) Déan cur síos gairid ar an léiriú a fhaighimid sa sliocht seo as úrscéal ar shaol lucht an rachmais in Éirinn na linne seo.

FAIGHIMID léiriú cumasach, éifeachtach ar shaol lucht an rachmais sa sliocht seo. Is daoine baothghalánta, saibhre iad na carachtair a chuirtear os ár gcomhair sa sliocht. Tá siad ardnósach agus sotalach. Conaíonn siad in Ascaill na Fuinseoige, bruachbhaile baothghalánta. Bíonn siad ag faire ar a chéile agus bíonn an ghráin dhearg acu ar aon duine eile ar an mbóthar nach bhfuil inchurtha leo féin.

Is iad an lánúin, Lisín agus Pól, na príomhphearsana sa sliocht. Tá Lisín ag ullmhú le haghaidh ceiliúradh a dhéanamh ar fiche bliain a bpósta. Tá sé i gceist aici cóisir mhór a eagrú le haghaidh na hócáide, cóisir a thabharfadh le fios dá comharsana gur bean tí den scoth atá inti agus go bhfuil sí chun tosaigh orthu go léir. Tá a saol - agus saol a fir chéile agus a clainne - go léir eagraithe ag Lisín. Is bean dhathúil, álainn, fhaiseanta, ghealgháireach, thanaí, fhionn í. Bean fhoirfe.

Níl meas mhadra aici ar éinne nach ndéanann de réir gach éinne a chónaíonn ar Ascaill na Fuinseoige. Eibhlín, máthair Emma Ní Loinsigh, mar shampla. Tá gruaig dhubh uirthi agus ar an ábhar sin tá sí faoi dhrámh mar gruaig fhionn atá ar gach bean eile ar an mbóthar! Níl aon phost ag Lisín agus caitheann sí a cuid ama ag iarraidh a híomhá a fhorbairt sa chomharsantacht. Fear ciúin é Pól. Tá sé lofa le hairgead. Tá an chosúlacht ar an scéal go bhfuil sé faoi bhois chait ag Lisín.

Pictiúr de nósanna maireachtála lucht an rachmais le linn ré an Tíogair Cheiltigh a chuirtear os ar gcomhair sa sliocht seo.

Gluais

inchurtha le - cosúil le
faoi dhrámh - out of favour
faoi bhois chait - faoi smacht.

Cúinne na Gramadaí 3

'Dá' agus 'An Modh Coinníollach'.
Úsáidtear 'dá'/'mura' le **coinníoll dúnta** (ie. Is beag seans atá ann go gcomhlíonfar an coinníoll!)
Cuireann 'Dá'/'mura' **urú** roimh thúschonsan agus **n-** roimh thúsguta.
Ní bhaintear úsáid as **mé, tú, siad** sa Mhodh Coinníollach.

Dún	**Bris**	**ól**
Dhúnfainn	Bhrisfinn	d'ólfainn
Dhúnfá	Bhrisfeá	d'ólfá
Dhúnfadh sé/sí	Bhrisfeadh sé/sí	d'ólfadh sé/sí
Dhúnfaimis	Bhrisfimis	d'ólfaimis
Dhúnfadh sibh	Bhrisfeadh sibh	d'ólfadh sibh
Dhúnfaidís	Bhrisfidís	d'ólfaidís
Dhúnfaí	Bhrisfí	d'ólfaí

Samplaí
Dá mbeadh airgead agam cheannoinn carr.
Dá n-ólfá deoch bainne thiocfadh feabhas ort.
Múra ndéanfainn m'obair bhaile bheadh fearg ar an múinteoir.
Dá mbeinn i gceannas na tíre ní bheadh éinne bocht.
Dá n-íosfá iasc bheifeá níos sláintiúla.

Cleachtaí
(i) Dá (bris: sé) an fhuinneog (tá) fearg ar a thuismitheoirí.
(ii) Muna (déan: sibh) an obair ní (tar) feabhas ar bith oraibh.
(iii) Dá (imigh: mé) in am ní (tá: mé) déanach don cheolchoirm.
(iv) Dá (tá) tart ort an (ól: tú) deoch uisce?
(v) Cad a (déan) a máthair dá (bris: sí) a cos?
(vi) Dá (ith: tú) an lón ní (tá) ocras ort.
(vii) (Téigh: mé) go Páras dá (tabhair: tú) an t-airgead dom.

Cúinne na Gramadaí 3! Freagraí
(i)measa (ii)deacra (iii)fear (iv)giorra (v)binne (vi)faide (vii)moille.

Ná bígí gan Gaelscéal ar Scoil! Tá Gaelscéal ar Scoil ar fáil do mhúinteoirí agus do dhaltaí ar phraghas íseal agus tá lascainí le fáil i gcomhair orduithe móra. Is féidir foirm shíntiúis a íoslódáil ag www.gaelsceal.ie nó téigh i dteagmháil leis an gcomhordaitheoir oideachais ag 091-897766 / caroline.nichualain@gaelsceal.ie

Gaelscéal ar scoil

www.oideachas.gaelsceal.ie

Le tacaíocht ó
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta
Comhar na Múinteoirí Gaeilge

Gaeilge – Teastas Sóisearach 2012 le Mícheál Ó Ruairc

Filíocht - Mothúcháin

IMEAGLA
Fágtha i m'aonar
i seomra feithimh
an fhiaclóra
léimeann lampaí
pléascann plandaí
béiceann ballaí
agus scoilteanna fuinneoga
mantanna
i mbéal an tráthnóna
- Mícheál Ó Ruairc

Cad é an mothúchán is láidre sa dán seo?

Imeagla an mothúchán is láidre sa dán. Tá 'imeagla' i bhfad Éireann níos láidre mar mhothúchán ná 'eagla'. Is ionann 'imeagla' agus 'eagla ollmhór'. Mar shampla bíonn eagla ar dhuine roimh mhadra ach bíonn 'imeagla' ar dhuine (de ghnáth) roimh leon nó roimh thíogar. Bíonn tú sceimhlithe i do bheatha nuair a bhíonn imeagla ort. Sa dán seo tá an file sceimhlithe ina bheatha roimh an bhfiaclóir. Samhlaíonn sé an fiaclóir le foréigean agus pléascadh agus scoilteadh:

Scoilteann fuinneoga
mantanna
i mbéal an tráthnóna

Déan cur síos ar na híomhánna a úsáidtear sa dán.

Baineann an file úsáid as íomhánna láidre foréigneacha sa dán. Nuair a bhíonn sé fágtha ina aonar i seomra feithimh an fhiaclóra tarlaíonn claochlú ina aigne agus samhlaítear dó go bhfuil sé in áit foréigneach, dainséarach.

An chéad íomhá a úsáideann sé ná 'léimeann lampaí' rud a chiallaíonn go bhfuil eagla agus teannas ag teacht ar an bhfile.

Baineann an dara híomhá - 'pléascann plandaí' - leis an bhfaitíos atá ag fás istigh ina intinn go dtarlóidh rud éigin uafásach dó nuair a rachaidh sé isteach i seomra an fhiaclóra.

Tá an tríú híomhá níos foréigní: 'béiceann ballaí'. Ciallaíonn sé seo go bhfuil fonn air béic a ligean leis an imeagla atá ag teacht air.

Is í an cheathrú híomhá - 'agus scoilteann fuinneoga/mantanna/i mbéal an tráthnóna' - an íomhá is láidre agus is éifeachtaí. Tá an file ag smaoineamh ar a dtarlóidh, dar leis, nuair a rachaidh sé isteach chuig an bhfiaclóir. Tá sé ag smaoineamh ar threalamh an fhiaclóra - an druilire agus an steallaire - agus ar an dochar a dhéanfar dá bhéal nuair a bheidh an fiaclóir ag iarraidh a fhiacail a stoitheadh amach as a bhéal. Tá sé ag smaoineamh freisin ar an mbearna fholamh a bheidh fágtha ina bhéal nuair a bheidh an fhiacail stoite.

Ar thaitin an dán seo leat?

Thaitin an dán liom. Is dán gonta, simplí atá ann. Is maith liom an rithim atá sa dán. Is maith liom freisin an úsáid a bhaineann an file as (i) uaim (ii) rím.

(i) Uaim
léimeann **l**ampaí
pléascann **p**landaí
béiceann **b**allaí

(ii) Rím
'feithimh' agus 'fhiaclóra'
'lampaí' agus 'plandaí' agus 'ballaí'
'fuinneoga' agus 'mantanna'
agus 'tráthnóna'

Cabhraíonn na nithe seo go mór liom taitneamh agus tairbhe a bhaint as an dán. Ar ndóigh, ní mar seo a bhíonn cuairteanna ar an bhfiaclóir a thuilleadh. Sa lá atá inniu ann leis an trealamh nua-aimseartha go léir atá ag an bhfiaclóir, ní gá d'éinne eagla (gan trácht ar imeagla!) a bheith air/uirthi roimh an bhfiaclóir bocht!

GLUAIS
claochlú - transformation/ metamorphosis
steallaire - syringe
trealamh - equipment;
stoitheadh - extract;
uaim - alliteration.

Tuilleadh ábhair do mhúinteoirí agus do dhaltaí le fáil ag www.oideachas.gaelsceal.ie

Ceapadóireacht - Aiste shamplach

Éireannaigh cháiliúla a bhfuil an-spéis agam iontu.

SA lá atá inniu ann tá clú agus cáil ar Éireannaigh ar fud an domhain. Tá Éireannaigh i measc na ndaoine is mó le rá sa domhan inniu. I ngach gné den saol tá na hÉireannaigh chun tosaigh. Caithfidh mé a rá go bhfuil mé thar a bheith bródúil as cuid de na héireannaigh seo a chónaíonn inár measc.

I gcúrsaí litríochta, scannánaíochta agus drámaíochta, tá tús áite bainte amach ag na hÉireannaigh. Cé hé an file is mó cáil ar domhan inniu? An tÉireannach Seamus Heaney a bhuaigh an Duais Nobel sa bhliain 1995. I gcúrsaí scannánaíochta is deacair Neil Jordan a shárú. I gcúrsaí drámaíochta caithfear an chraobh a thabhairt do Brian Friel.

Maidir le cúrsaí ceoil, is liosta le háireamh iad na ceoltóirí agus na grúpaí ceoil a thagann ón tír seo. Tá U2, Westlife agus Snow Patrol ar bharr an liosta gan amhras. Ansin tá leithéidí Paul Brady, Sinéad O' Connor, Jedward agus Van Morrison a bhfuil cáil idirnáisiúnta bainte amach acu.

I gcúrsaí spóirt tá éacht déanta freisin. Aitnítear Brian O' Driscoll ar dhuine de na himreoirí rugbaí is fearr ar domhan. Agus an galfaire Rory McElroy. Agus an peileadóir Robbie Keane. Agus an dornálaí Katie Taylor . . .

Tá a lán daoine eile a fhéadfainn a lua san aiste seo ach ansin bheadh an liosta ró-fhada. Is leor dom a rá go bhfuilim an-bhródúil go deo as na hÉireannaigh seo go léir agus an gaisce atá déanta agus á dhéanamh i gcónaí acu. Is aoibhinn liom léamh fúthu sna nuachtáin agus sna hirisí, iad a chlos ar an raidió agus iad a fheiscint ar an teilifís. Nár laga Dia iad!

GLUAIS
gné - aspect
éacht - gaisce, great deed.

Ábhar ar líne ag www.oideachas.gaelsceal.ie

Cleachtaí bunaithe ar na Rúin

Tá míreanna idirlín darb ainm na Rúin chun a bheith craolta ar an idirlíon amháin gach tráthnóna Máirt agus Céadaoin ag an 4.00 i.n ar feadh cheithre seachtain eile ag www.naruin.ie Tá taifeadadh déanta ag ógánaigh ar na míreanna seo ar sheit Ros na Rún. Is é téama na míreanna seo ná an bhulaíocht. Is féidir cleachtaí don seomra ranga bunaithe ar na míreanna seo a íoslódáil ag www.oideachas.gaelsceal.ie

Gaelscéal ar Scoil
www.oideachas.gaelsceal.ie

Le tacaíocht ó
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta
Comhar na Múinteoirí Gaeilge

OSSP – Oideachas Saoránach Sóisialta Polaitiúil

Daonlathas - An Próiseas Vótála in Éirinn

Cé atá in ann vótáil in Éirinn?
Is féidir le haon saoránach atá ina chónaí i bPoblacht na hÉireann agus atá os cionn 18 mbliana déag d'aois vótáil. Tá liosta de na daoine ar fad a bhfuil cead acu vótáil ar chlár na dtoghthóirí. Má aistríonn tú go teach nua nó murar chaith tú vóta cheana, is gá duit clárú chun vóta a chaitheamh. Is féidir é seo a dhéanamh in oifig an údaráis áitiúil.

Cén uair a dhéanann muid vótáil?
Vótálann saoránaigh i gcineálacha éagsúla toghchán agus i reifrinn.

Toghchán Uachtaránachta
Beidh an chéad deis eile ag saoránaigh vótáil d'Uachtarán nua ar an tír ar 27ú Deireadh Fómhair 2011. Beidh plé á dhéanamh in Gaelscéal ar Scoil sa cheithre seachtaine atá romhainn ar an toghchán uachtaránachta.

Modh toghcháin - An Corás Cionmhar
Eagraítear toghcháin uachtaránachta de réir an Achta um Thoghcháin Uachtaránachta 1993. Is é an córas vótála atá i bhfeidhm in Éirinn ná an córas cionmhar.

Ciallaíonn an córas cionmhar gur féidir le vótálaithe a gcéad rogha d'iarrthóirí agus roghanna eile ina dhiaidh sin a léiriú ar an pháipéar ballóide. Bíonn ainm na n-iarrthóirí, pictiúir de na hiarrthóirí agus suaitheantas an pháirtí le feiceáil ar an pháipéar.

Ról an Uachtaráin
- 7 mbliana an téarma uachtaránachta.
- Ní féidir le huachtarán níos mó ná dhá théarma uachtaránachta a chur isteach.
- Déanann an t-uachtarán ionadaíocht ar an tír ag imeachtaí oifigiúla sa bhaile agus thar lear.
- Níl ról eisiach ná ról polasaí ag an Uachtarán, ach amháin ar mholadh an rialtais.
- Is é an tUachtarán ceannasaí uachtarach ar Óglaigh na hÉireann.
- Ceapann an tUachtarán an Taoiseach bunaithe ar ainmniúchán Dháil Éireann. Ar chomhairle na Dála ceapann an tUachtarán breitheamh, an tArd-Aighne, an tArd-Reachtaire, An tArd-Iniúchóir agus oifigí coimisiúnta Óglaigh na hÉireann.

An tUachtarán reatha - Máire Mhic Giolla Íosa
Is í an tUachtarán reatha, Máire Mhic Giolla Íosa, an t-ochtú Uachtarán ar Éirinn. Sula raibh Máire Mhic Giolla Íosa ina huachtarán d'oibrigh sí mar abhcóide agus mar iriseoir. Tá dhá théarma déanta ag Máire Mhic Giolla Íosa mar uachtarán ar an tír.

Cén fáth gur cheart vótáil i dtoghchán?
Is freagracht an-tábhachtach é vótáil i dtoghchán. Is féidir le gach vóta a chaitear todhchaí na tíre agus a cuid saoránach a mhúnlú. Tá sé de dhualgas ar shaoránaigh na tíre vóta a chaitheamh.

Is í an tUachtarán reatha, Máire Mhic Giolla Íosa, an t-ochtú Uachtarán ar Éirinn.

Gluais

clár na dtoghthóirí - Register of electors
saoránaigh - citizens
toghcháin - elections
Toghchán Uachtaránachta - Presidential election
An Corás Cionmhar - Proportional Representation
páipéar ballóide - ballot paper
iarrthóirí - candidates
suaitheantas - emblem
abhcóide - barrister
iriseoir - journalist
freagracht - responsibility

An tSeachtain seo chugainn:

Féach ar Gaelscéal ar Scoil an tseachtain seo chugainn chun próifíl iarrthóra atá ag seasamh i dtoghchán uachtaránachta 2011 a fheiceáil.

Ná bígí gan Gaelscéal ar Scoil! Tá Gaelscéal ar Scoil ar fáil do mhúinteoirí agus do dhaltaí ar phraghas íseal agus tá lascainí le fáil i gcomhair orduithe móra. Is féidir foirm shíntiúis a íoslódáil ag www.gaelsceal.ie nó téigh i dteagmháil leis an gcomhordaitheoir oideachais ag 091-897766 / caroline.nichualain@gaelsceal.ie

Gaelscéal ar Scoil
www.oideachas.gaelsceal.ie

Le tacaíocht ó
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta
Comhar na Múinteoirí Gaeilge

OSPS – Oideachais Shóisialta Phearsanta agus Sláinte

Dea-nósanna staidéir

AN tseachtain seo caite in Gaelscéal ar Scoil rinne muid plé ar obair bhaile agus staidéar. Seo a leanas dea-nósanna chun cuidiú leat staidéar a dhéanamh.

- **Ullmhaigh áit fheiliúnach staidéir**

Ullmhaigh áit fheiliúnach ina dtig leat staidéar a dhéanamh, áit nach mbeidh aon duine ag cur isteach ort, áit atá compordach agus ina bhfuil do chuid ábhar obair bhaile ar fad timpeall ort.

- **Ná déan an iomarca staidéir ag aon am amháin**

Níor cheart an iomarca staidéir a dhéanamh ag aon am amháin. Tiocfaidh tuirse ort agus ní bheidh tú ag obair go héifeachtúil. Roinn an obair thar thréimhsí níos giorra ama. Is nós maith é briseadh gearr a thógáil go rialta.

- **Socraigh am staidéir**

Socraigh am ar leith chun staidéar a dhéanamh tar éis duit an obair bhaile agus obair eile a bhaineann le hobair scoile a dhéanamh. Déan iarracht an t-am céanna a choinneáil ar leataobh gach lá chun staidéar a dhéanamh. Tugann sé seo deis duit dea-ghnáthamh staidéir a chruthú.

Má bhíonn am staidéir mar chuid de do ghnáthamh laethúil beidh an staidéar níos éasca ort.

- **Ná cuir an staidéar ar an mhéar fhada**

Bíonn sé de nós ag daoine an staidéar a chur ar an mhéar fhada. Déanann daltaí leithscéal nuair a bhíonn sé in am staidéir mar nach dtaitníonn an staidéar leo. Samplaí de leithscéalta a dhéanamh nuair a bhíonn sé in am staidéir ná bualadh le cairde agus breathnú ar an teilifís. Ba cheart cloí leis an am staidéir atá socraithe.

- **Déan na ceachtanna is deacra ar dtús**

Déan obair ar an cheacht is deacra ar dtús. Teastaíonn an iarracht is mó i gcás na gceachtanna is deacra. Ar an bhealach seo beidh tú in ann an méid is mó fuinnimh a chaitheamh ar na ceachtanna deacra.

- **Múch d'fhón**

Múch d'fhón nuair atá tú i mbun staidéir. Fág glaonna agus téacsanna chuig cairde go dtí tar éis am staidéir.



Scileanna Staidéir

Ag tógáil nótaí

Is ceart nótaí ón chéad bhliain a choinneáil mar ullmhúchán don Teastas Sóisearach. Tá nótaí úsáideach freisin le haghaidh scrúduithe um Nollaig agus sa samhradh. Is é an aidhm atá le nótaí a bhreacadh ná achoimre a dhéanamh ar an mhéid atá foghlamtha.

Treoirlínte chun nótaí a thógáil

- Éist go maith sa rang agus déan pointí de na rudaí tábhachtacha a bhíonn le rá ag an mhúinteoir.
- Cuir teideal ar do chuid nótaí.
- Bain úsáid as pointí.
- Cuir líne faoi fhocail atá tábhachtach.
- Scríobh síos tagairtí do théacsleabhair. Beidh tú in ann teacht ar níos mó eolais nuair is gá.

Gluais

Nósanna- habits
ghnáthamh - routine
leithscéalta - excuse's
achoimire - revision
straitéisí - strategy
spléachchártaí - flash card

Scileanna Cuimhne - Straitéisí

Baineann daoine úsáid as straitéisí éagsúla chun cuimhneamh ar eolas.

Abairtí acrainm

Seo straitéis an-úsáideach chun cuimhneamh ar eolas in ord áirithe. Is éard is abairt acrainm ann ná nuair a úsáidtear an chéad litir den fhocal san eolas chun cuimhneamh air.

Spléachchártaí

Is uirlis an-chumhachtach iad spléachchártaí chun cuidiú leat smaoineamh ar eolas cosúil le foirmle matamaitice.

Scéal

Is bealach é cumadh scéalta chun cuimhneamh ar liosta eolais.

Comhrá sa Rang

Má tá aon straitéisí cuimhne agat abair leis an rang iad·

Tuilleadh ábhair do mhúinteoirí agus do dhaltaí le fáil ag www.oideachas.gaelsceal.ie

OIDEACHAS

Faisnéis do Shaoránaigh

LÓ-GHLAO
1890 777 121
Luan go hAoine 9rn go dtí 9rn

Bíodh Eolas agat ar do Chearta: An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre

Ceist: Tá mé ag smaoineamh ar airgead a shábháil trí thosú ag rothaíocht chun na hoibre in ionad an bus a fháil. Cén chaoi a n-éilím an faoiseamh cánach ar rothar nua?

Freagra:

IS scéim spreagtha cánach í an Scéim um Rothaíocht chun na hOibre agus tá sé mar aidhm aici fostaithe a spreagadh chun rothaíocht chun na hoibre agus abhaile arís. Faoin scéim is féidir le fostóirí suas go €1,000 a íoc ar rothar agus ar threalamh rothair do gach duine dá bhfostaithe. Ansin, asbhaintear an aisíocaíocht don rothar agus don trealamh ó d'ollchaiteachas (ciallaíonn sé seo sula n- asbhaintear do cháin ioncaim, ÁSPC, éilimh phinsin nó Muirear Sóisialta Uilíoch) thar tréimhse de suas go 12 mhí.

Níl ar d'fhostóir páirt a ghlacadh sa scéim. Ach, má ghlacann siad páirt ann, ní mór dóibh é a chur ar fáil dá bhfostaithe uile.

Baineann an scéim le rothair nua agus rothair leictreachuidithe (is iad sin rothair cuidithe ag leictreachas ach a dteastaíonn iarracht éigin ón rothaí uathu). Ní chlúdaíonn sí gluaisrothair, scútair nó gléasanna dá leithéid. Baineann sí le trealamh sábháilteachta áirithe freisin, cosúil le clogaid agus éadach frithchaiteach.

Go ginearálta, tugann tú cuairt ar an siopa, an trealamh atá tú ag iarraidh a cheannach a roghnú agus is féidir leis an siopa sonrasc a chur díreach chuig d'fhostóir le haghaidh an chostais. Tabhair faoi deara nach bhfuil an díolúine cánach i gceist má íocann tú as an rothar agus má íocann d'fhostóir ar ais thú - ní mór don fhostóir íoc as an rothar.

Is féidir na hasbhaintí a dhéanamh go seachtainiúil, go coicísiúil nó go míosúil ag brath ar an tsocrú íoctha tuarastail atá agat. Is féidir le d'fhostóir an rothar a cheannach ar do shon agus ní bheidh ort íoc as ansin.

Ní féidir leat leas a bhaint as an scéim ach uair amháin gach cúig bliana. Tá an riail seo i bhfeidhm fiú mura gceannaíonn tú trealamh suas go dtí an t-uasmhéid de €1,000. Ní mór duit an rothar agus an trealamh sábháilteachta a úsáid go príomha do thurais cháilitheacha. Ciallaíonn sé seo turas iomlán nó cuid de thuras (mar shampla idir do bhaile agus an stáisiún traenach) idir do bhaile agus do ghnáthát oibre.

Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil faoin scéim ar shuíomh gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ón Ionad Faisnéise do Shaoránaigh thíos.

Chuir Ionad Faisnéise do Shaoránaigh 'Bíodh Eolas agat ar do Chearta' le chéile. Cuireann an tIonad seo seirbhís shaor in aisce agus faoi rún ar fáil don phobal.

Tá faisnéis le fáil freisin ar líne ag citizensinformation.ie agus ón tSeirbhís Teileafóin um Fhaisnéis do Shaoránaigh, Íosghlao 1890 777 121 nó (021 4521600).

Aistriú ó Oideachas Dara Leibhéal go dtí an Triú Leibhéal - an bhfuil tú réidh?

Patricia Uí Fhlaithearta
Comhairleoir Gairmtreorach

LE hoideachas maith is féidir leat cáilíochtaí a bhaint amach a chabhróidh leat dul ag obair sa ghairm a bhí ag teastáil uait. Chun é sin a dhéanamh, de ghnáth, ní mór duit freastal ar choláiste nó ar an ollscoil. Go minic bíonn ort an baile a fhágáil. Ar nós go leor daoine eile b'fhéidir gurb é seo an chéad uair a bheidh tú i do chónaí as baile. Tugann sé deis duit casadh le daoine eile as páirteanna difriúla den tír nó fiú le daoine ó thíortha eile. Is am é gur féidir leat casadh le daoine a bheas mar chairde agat go deo.

Ar ndóigh, is féidir leis na himeachtaí seo cur isteach ar do thréimhse staidéir. Bíonn saol sóisialta nua agat; seans go mbeadh ort déileáil leis an mbulaíocht nó leis an uaigneas srl. B'fhéidir go mbeifeá ag ceapadh go mbeifeá níos fearr as sa bhaile. Tá sé nádúrtha uaigneas a bheith ort ach má thugann tú seans duit féin ní bheidh sé i bhfad sula n-imeoidh na smaointe sin agus socróidh tú síos sa chúrsa agus sa saol nua.

Ní raibh an buachaill seo réidh don Ollscoil.

Beidh deis agat dul abhaile gach deireadh seachtaine, más mian leat. Tá sé tábhachtach labhairt le daoine eile atá ag dul tríd an rud céanna: do chairde nua, duine éigin sa bhaile nó an tOifigeach Leasa Mac Léinn sa choláiste. Déan iarracht a bheith páirteach in imeachtaí sóisialta, más féidir, ach má tá tú fós ag aireachtáil míshásta agus má cheapann tú nach bhfuil rudaí ag dul i gceart - mar shampla, tá tú faoi strus nó tá fadhbhanna airgeadais agat - bí cinnte labhairt le léachtóir nó le comhairleoir ar an gcampas. Tá go leor cúnaimh le fáil chun do chuid mothúchán agus imní a mhíniú.

Tá an chuid eile den phíosa seo le léamh ar www.gaelsceal.ie

Crosfhocal 23.09.2011



NODANNA

TRASNA

2 Cuir chun bás, ar dheireadh téada (5)
4 Ar strae, caite gan éifeacht (3)
6 Fiche (4)
9 I ndiaidh teacht ar ais (6)
11 Áit súgartha ra scoil (4)
13 Grianghraf a dhéanamh as claonchló (4)
15 Gliondar, mothúchán an-sásta (5)
18 Litir nach consan í (4)
21 Béal, ar éan mar shampla (3)
22 Seomra nó foirgneamh ina mbíonn breitheamh ag éis teach le cás (5)
23 Freisin, chomh maith (5)
25 Grúpa daoine ag canadh, in eaglais mar shampla (3)
26 Cineál crainn a bhfaighfeá i mbaile mór i gContae an Dúin b'fhéidir (3)
28 An lá oibre deireanach den tseachtain b'fhéidir (5)
29 An treo a thógann duine ag imeacht ó sheomra (5)
30 Tacaíocht a thabhairt ina aghaidh ionsaithe (7)

SÍOS

1 Cuir trí thine (2)
3 Rannóg rialtais (5)
5 Focal nó abairt a dhéanann beag de dhuine eile (5)
7 Taobh thiar, ar --- (3)
8 Ní bhíonn sé ann go cur le chéile (5)
10 Grúpa, aos, aicme (5)
12 Tá brón orm, is --- liom (3)
14 Duine a bhfuil galar air a chreimeann feoil an choirp (6)
16 Ag cur rud nó imeacht ag dul ón bhun (4)
17 Feirmeoir a thugann aire do chaoirigh (5)
19 Cas timpeall, rolladh ar an urlár (7)
20 Turas (7)
22 Ábhar lena mbíodh múinteoirí ag scríobh ar chlár dubh tráth (5)
24 Gach, go léir (5)
27 Bia coitianta a fhaightear go minic i mbéile Síneacha agus Indiacha (3)
28 Cara ag fanacht leat sa bhaile? (3)

Crosfhocal 16.09.2011

Buaiteoir na Seachtaine seo:
Pádraic Mac Donncha, Co. na Gaillimhe

Duais na seachtaine

Bronnfar dearbhán €20 urraithe ag Cló Iar Chonnacht ar bhuaiteoir na seachtaine.

Ní mór iarratais a bheith ar ais roimh 28.09.2011 chuig: Crosfhocal Gaelscéal 15 Sráid Mhargadh, Gaillimh

Ainm .....

Seoladh .....

.....

Fón..... Rphost.....

Indreabhán, Conamara, Co. na Gaillimhe. Tel. +353-91-593307
www.cic.ie

CÚRSAÍ SACAIR: SRAITH AIRTRICITY

Cé atá ciontach i slad Rubin Kazan?

Daithí Mac Tighearnáin

TÁIM dearg le fearg tar éis an léasaithe 0-3 a fuair Ruagairí na Seamróige sa chéad chluiche Eorpach a d'imir club Éireannach riamh i mbabhtaí na ngrúpaí. Las gaiscí na Ruagairí in aghaidh Partizan Bhéalgrád coinnle an dóchais do gach club sa tSraith Airtricity agus ar ndóigh don FAI féin. Ach an bhfaigheann siad aon chuidiú lena n-ullmhúcháin? Beag an baol.

Tá tromualach chluichí na Ruagairí de bharr a ratha mar ghaoth a shéideann do chéilithe comhraic na Seamróg sa bhaile níos mó ná dóibh féin, feictear domsa. Bhí an cluiche in aghaidh Rubin Kazan, foireann lán-phroifisiúnta a bhfuil an-taithí acu i Sraith na gCuradh, ar an gcúigiú cluiche acu taobh istigh de dhá lá dhéag!

Níl inár gclubanna ach imreoirí páirtaimseartha. Is ar éigean atá na maithe móra d'imreoirí i Sasana in ann clár oibre mar seo a láimhseáil agus ní gan ghearán uathu, deirimse leat. Coicís ó inniu bhí mé ann nuair a thug na Seamróga aghaidh ar Ruagairí Shligigh i dTamhlacht i gcluiche barr sraithe, an ceathrú cluiche acu in aon lá dhéag! Bhí Sligeach iomlán forlámhach i ngach gné ar na Seamróga tromchosacha, tuirseacha, traochta ach amháin ar an scórchlár (Sligeach gan a bheith ach cúl amháin chun tosaigh ag an deireadh, 2-1). Agus Rubin Kazan ag teacht sé lá ina dhiaidh sin, thug an FAI ar na Fonsaí cluiche eile barr sraithe a imirt in aghaidh Lúthchleas Phádraig Naofa idir an dá linn in ainneoin na gcúinsí eisceachtúla. Arís, níor bhuaigh na Fonsaí (1-1). Cén chaoi a mbeadh na Seamróga fán oíche Eorpach? Ní raibh ach lúdramáin d'imreoirí, iad marbh ar a gcosa, mar chonstaic, mar dhea, ar Rubin, a bhuí le faillí agus gearr-radharcacht an FAI.

Ronan Finn, Ruagairí na Seamróige ag amharc ar Sergei Ryzhikov, FC Rubin Kazan ag stopadh a iarrachta san UEFA Europa League i dTamhlacht, Baile Átha Cliath. [PIC: BARRY CREGG / SPORTSFILE]

Is cuma sa tsioc leis na clubanna eile abhus faoi Ruagairí na Seamróige. Is den tseang iad agus ní den sách agus ní bhíonn an dara rogha acu ach a bheith ag tochras ar a gceirtlín féin agus ba ar a leas uilig meath na Seamróg sna comórtais bhaile. Is ar an FAI a bhí, agus atá fós, an bríste, é de chumhacht acu tabhairt ar na clubanna glacadh le síneadh séasúir ionas nach mbeadh ar aon fhoireann níos mó ná cluiche amháin sa tseachtain a imirt chun seans cothrom a thabhairt do na Seamróga i ngach comórtas. Ach i dtráth gnímh díreach i ndiaidh Bhéalgrád, shuigh siad. Tá an dúrud damáiste míchothrom déanta do na Seamróga i ngach comórtas dá bharr, é feiceálach don saol mór óna gceithre chluiche dheireanacha, pointe suarach amháin ón tsraith as sé cinn, slad Rubin orthu, agus a ndíbirt ó Chorn FAI 0-1 in aghaidh Shligigh. Imreoidh Spurs in aghaidh Ruagairí na Seamróige an Déardaoin bheag seo. Ar an teilifís: cluiche ceannais Chorn EA Sports, Corcaigh v Doire, beo ar Setanta Ireland Dé Sathairn ar 6.00in. MNS ar RTÉ 2 Dé Luain 7.30in.

F1: Vettel Beagnach Ann Arís

IS í an cheist atá anois ann ná cén uair a bhronnfar an teideal Seaimpín Formula 1 ar Sebastian Vettel mar, le cúig rás fágtha agus é 112 pointe chun cinn ar Alonso atá sa dara áit, níl seans ag éinne dul in iomaíocht leis anois. Seans maith go dtarlóidh sé an deireadh seachtaine seo i Singeapór ach caithfidh Vettel buachaint le 13 pointe nó níos mó ar Alonso, ocht bpointe ar Webber agus Button agus gan cailleadh in aghaidh Lewis Hamilton.

Mar sin le go mbeidh an chraobh ag Vettel caithfidh an bua a bheith aige sa rása seo, caithfidh Alonso teacht isteach sa cheathrú háit nó níos ísle, Button agus Webber taobh amuigh den dara háit agus is cuma cén áit a dtagann Hamilton isteach ina dhiaidh sin. Má chríochnaíonn an rás mar atá sé luaite thuas, beidh Vettel ina sheaimpín den dara bliain as a chéile. Cé go bhfuil go leor mata agus staitisticí ann, níl sé dodhéanta. Níl aon duine tar éis comórtas Formula 1 a bhuachan chomh luath seo sa séasúr ó 2002 nuair a d'éirigh le Michael Schumacher é a dhéanamh agus sé rás fágháta ann. Ní mórán a chuirfeas geall nach ndéanfaidh Gearmánach eile an beart arís ar an Domhnach.

GAILF

Corn Solheim 2011

CUIRFEAR tús leis an chomórtas gailf Corn Solheim inniu i gCaisleán Killeen, Dún Samhnaí i gCo. na Mí nuair a bheas na himreoirí gailf is mó i gcluiche na mban as an Eoraip agus Meiriceá san iomaíocht in aghaidh a chéile chun an comórtas seo a bhaint. Níl an corn seo buaite ag an Eoraip ó 2003 agus tá Meiriceá ag lorg an ceathrú craobh as a chéile, rud nach bhfuil déanta ag ceachtar foireann go dtí seo.

Tá dáréag imreoir ar gach foireann agus cé nach bhfuil aon imreoir gailf as Éirinn le feiceáil ar fhoireann na hEorpa beidh imreoirí mór le rá ag imirt, ar nós Suzann Petterson ón Iorua atá sa dara háit ar liosta fiúntais an domhain faoi láthair, Laura Davies ó Shasana a d'imir i ngach ceann de na Coirn Solheim ó bunaíodh é i 1990, Sophie Gustafson as an tSualainn a bhuaigh an Irish Open anuraidh ar an chúrsa céanna agus Catríona Matthew as Albain. Seo foireann le meascán maith de thaithí agus óige agus beidh Caroline Hedwall, Sandra Gal, Azahara Munoz, Melissa Reid agus Christel Boeljon ag glacadh páirte sa chomórtas den chéad uair.

Suzann Petterson, An Iorua [PIC : MATT BROWNE / SPORTSFILE]

Seo an dara huair ag an imreoir gailf Micheel Wie a bheith ag imirt sa chomórtas do na Meiriceánaigh. Is í Cristie Kerr an Meiriceánach is fearr ar domhan ach deirtear nach n-imríonn sí ró-mhaith i gCorn Solheim. Ní raibh Juli Inkster, an t-imreoir is sine ar fhoireann na Stát Aontaithe, ag súil go mbeadh sí ag imirt i mbliana agus í mar leas-chaptaen, ach tá níos mó cluichí, pointí agus Coirn Solheim imeartha aici siúd ná aon Mheiriceánach eile agus í caoga is a haon bliain d'aois. Is ainm mór eile í Paula Cremer, a bheidh ag imirt leis na Meiriceánaigh.

Is iad Meiriceá rogha na n-údar chun é a bhuachan arís ach tá Alison Nicholas, captaen na hEorpa, muiníneach gur féidir leo an beart a dhéanamh an uair seo.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 23 Meán Fómhair, 2011

Ar an gclaí

Le John Allen

Tá an Craobh tuilte ag BÁC ach tá trua agam don Gooch

CAD é mar bhua a bhí ag Baile Átha Cliath an Domhnach seo caite? Bhaineas an-taitneamh as an gcraobh. Ní raibh a fhios againn go beacht cé a bhí chun buachaint go dtí gur shéid Joe McQuillan an fheadóg dhbeireanach. Agus cé go raibh an lá ag BÁC ag an deireadh thug Ciarraí píosa maith cabhrach dóibh . Sa chéad cheathrú chruthaigh siad a lán seansanna ach theip orthu iad a chríochnú. Bhí Kieran Donaghy, Darren O'Sullivan, Eoin Brosnan agus Marc Ó Sé an-fheiceálach sa tréimhse sin ach le leathuair an chloig caite ní raibh ach cúl agus cúilín ar chlár na scór acu.

Ach i ndiaidh na chéad cheathrún sin rug BÁC greim ar an gcluiche agus cé nach rabhadar ábalta mórán scóranna a fháil, bhí an chuma ar an scéal go raibh na mionrudaí ag dul dóibh agus go raibh na cúlaithe ag coimeád thosaithe iomráiteacha na Ríochta faoi smacht.

Ach d'athraigh sé sin go luath sa dara leath nuair a rug an Ríocht greim ar an gcluiche arís. I tréimhse fiche nóiméad scóráladar ocht gcúilín in aghaidh ceann amháin dos na Dubs.

Agus le seacht nóiméad fágtha bhí an chuma ar an scéal go mbeadh Sam ag filleadh ar an Ríocht agus iad ceithre chúilín chun tosaigh.

Ní gá dom a rá go raibh an chuid eile den chluiche ag na Dubs agus gurbh é an cúl báire Stephen Cluxton laoch scórála an chluiche lena chic saor iontach ag an deireadh.

Níl aon dabht ach go gceapann imreoirí Chiarraí gur ligeadar don cheann seo sleamhnú uathu agus is dócha gur lig. Bhí trua agam do Gooch. Is imreoir iontach é agus bheadh sé go hiontach dó bheith mar chaptaen ar fhoireann bhuacach ach beidh air fanacht tamall eile.

Captaen Bhaile Átha Cliath, Bryan Cullen ag tógáil Chorn Mhig Uidhir
[PIC : BRIAN LAWLESS / SPORTSFILE]

Ar an taobh eile den scéal tá craobh tuillte ag BÁC. Bhí siad ag bagairt lena cúig nó a sé de bhlianta agus chonaiceamar gliondar an luchta tacaíochta inné i ndiaidh an chluiche. Déanfaidh sé maitheas do chúrsaí CLG sa phríomhchathair.

Bhí mí-ádh ar mhionúirí BÁC gur chailleadar ach cad é mar bhua d'ógánaigh Thiobraid Árann.

Tá sé cinnte go bhfuil an pheil agus an iomáint ag dul ó neart go neart sa phríomhchathair agus b'fhéidir nach fada uainn nuair a bheidh siad ag déanamh an bhua dhúbailte.

Ní fada anois go mbeidh an CLG ag suí síos chun an féilire cluichí do 2012 a chur le chéile. Cuireann sé sin brú ar na páirtithe go léir é seo a réiteach chomh luath agus is féidir. D'fhógair Bord Contae Luimnigh nach mbeidh siad ag imirt sa tsraith muna bhfilleann an CLG ar ais go dtí an seanchóras. Beimid ag coimeád súil ghéar ar imeachtaí agus ag súil le réiteach sásúil .

Ag casadh go cúrsaí iomána, tá struchtúr na sraithe don chéad séasúr eile ag déanamh tinnis don chuid is mó des na contaetha iomána is fearr sa tír. Dar ndóigh deineadh athstruchtúrú ar na ranna san iomáint ag an Ard-Chomhairle le déanaí. San athstruchtúrú sin díbríodh Luimneach (a bhuaigh roinn a dó i mbliana) agus Loch Garman (a rinne an-éacht chun fanacht sa phríomhroinn). Faoi láthair tá ocht gcinn de na foirne ag iarraidh filleadh ar ais go dtí an córas a bhí ann le cúpla bliain anuas.

Tháinig toscairí ós na contaetha atá i gcoinne an athstruchtúraithe seo le chéile le déanaí chun feachtas a chur le chéile i gcoinne na moltaí nua . Ansin bhuail na toscairí céanna le hoifigigh ó Pháirc an Chrócaigh chun neart a mbuairimh a nochtadh.

Cuireadh in iúl dóibh go bhfuil orthu rún a chur os comhair an chéad chruinnithe eile den Chomhairle ar an lá deireanach den mhí agus go dteastódh tromlach de dhá thrian le go rithfí an rún.

Ní fada anois go mbeidh an CLG ag suí síos chun an féilire cluichí do 2012 a chur le chéile. Cuireann sé sin brú ar na páirtithe go léir é seo a réiteach chomh luath agus is féidir.

D'fhógair Bord Contae Luimnigh nach mbeidh siad ag imirt sa tsraith muna bhfilleann an CLG ar ais go dtí an seanchóras.

Beimid ag coimeád súil ghéar ar imeachtaí agus ag súil le réiteach sásúil .

Tá Bord na Gaillimhe ar thóir bainisteoir nua don fhoireann iomána. Tá John McIntyre tar éis éirí as i ndiaidh trí bliana. Rinne sé a dhícheall. Anois tá an muileann ráflaí tosnaithe agus ainmneacha á gcaitheamh amach. Go hard ar an liosta sin tá Mattie Murphy agus Anthony Cunningham.

Dar ndóigh tá an-éacht déanta ag Murphy leis na foirne mionúir le tamall fada agus sé cinn de Chraobhacha Éireann buaite acu faoina stiúir.

Tá an-mheas freisin ar Cunningham a bhí i gceannas ar an fhoireann faoi 21 i mbliana.

Seans ann freisin go rachadh siad taobh amuigh den chontae ar thóir an bhainisteora nua . Ní dóigh liom féin go ndéanfaidh siad é sin.

Agus na craobhacha idirchontae go léir críochnaithe anois beidh níos mó spáis sna páipéir do chúrsaí bainistíochta agus an dream nua a bheidh ag siúl na dtaobhlínte an séasúr seo chugainn.

Beimid ag coimeád súil amach dos na hainmneacha sna seachtainí amach romhainn.

Tógann peil na mban lár stáitse an Domhnach beag seo nuair a thugann Corcaigh agus Muineachán aghaidh ar a chéile sa chraobh shinsir . Measaim go mbeidh sé thar a bheith deacair ar mhná an Tuaiscirt an ceann seo a bhuachaint.

Beir Bua.

Stephen Cluxton, Cúl Báire Bhaile Átha Cliath, tar éis gur bhuaigh Baile Átha Cliath Corn Mhig Uidhir Dé Domhnaigh seo caite, ba é laoch Bhaile Átha Cliath i ndiaidh dó scór an bhua a aimsiú. [PIC : DAVID MAHER / SPORTSFILE]

PEIL NA MBAN

2008 chun Mná Mhuineacháin a Spreagadh

Cluichí Ceannais na hÉireann, Sóisear @ 12.00 Cill Mhantáin v Nua Eabhrac, Idirmheánach @ 2.00 An Cabhán v An Iarmhí, Sinsear @ 4.00 Corcaigh v Muineachán, Beo ar TG4, Dé Domhnaigh

Gráinne McElwain

"IS iad na mothúcháin ag deireadh an chluiche, nuair a séideadh an fheadóg, sin iad na cuimhní is mó atá agam ó Chluichí Ceannais na hÉireann," a deir Jenny Greenan, imreoir mór le rá as Achadh Bog a d'imir le Muineachán sna nóchaidí agus a ainmníodh ar an fhoireann is fearr i bPeil na mBan le deich mbliana anuas le déanaí. Bhí sí ar an fhoireann dheireanach as Muineachán a chroch leo Craobh Sinsear na hÉireann in 1997 agus ar an Domhnach i bPáirc an Chrócaigh tabharfaidh Muineachán aghaidh ar Chorcaigh sa Chluiche Ceannais.

"Chaill muid go dona in aghaidh Phort Láirge i gCluiche Ceannais na hÉireann in 1994 agus 1995 agus nuair a bhuaigh muid in 1996 agus 1997, bhí muid ríméadach. Is cuimhin liom cé chomh sásta is a bhí mé agus bhí sé beagáinín níos speisialta in 1997 mar fuair muid an lámh in uachtar ar Phort Láirge."

Ta cúpla bliain ann anois ó d'imir Jenny sa gheansaí gorm agus bán agus bhí sé deacair uirthi é a fhágáil. "Bhí orm fágáil mar gheall ar ghortú ach mhothaigh mé an traenáil uaim go mór. Thaitin sé go mór liom bualadh leis na cailíní eile ó gach áit sa chontae agus bíonn comhluadar speisialta idir imreoirí agus bíonn sé thar a bheith deacair slán a fhágáil leis sin."

Chas Muineachán le Corcaigh i gCluiche Ceannais na hÉireann in 2008 le Corcaigh ag buachaint go furasta ag an deireadh 4-13 le 0-11, cé gur fhan Muineachán leo ar feadh tréimhse fhada. "Sílim go bhfuil neart foghlamtha ag Muineachán ó shin agus cuimhnigh gurbh é sin an chéad uair ó 2002 gur ghlac Muineachán páirt i gCluiche Ceannais na hÉireann. Ní raibh taithí ag na cailiní an uair sin ach seasfaidh an taithí sin ó 2008 go mór leo Dé Domhnaigh."

"Is foireann an-tapaidh, sciliúil iad Muineachán a dhéanann obair na gcapall ar fud na páirce. In aghaidh Chiarraí i gCluiche Leathceannais na hÉireann, thaispeáin siad fíor-charachtar chun a dhul chun cinn arís tar éis do Chiarraí an scór a chothromú leathbhealach fríd an dara leath. Tá siad anmhuiníneach agus, cé go bhfuil siad beag, is foireann aclaí iad agus sílim nach mbeidh rudaí ró-chompordach do Chorcaigh an deireadh seachtaine seo."

"Cad is féidir a rá faoi Chorcaigh nach bhfuil ráite cheana. Is foireann den scoth iad atá tar éis caighdeán na peile a ardú agus tá taithí acu ar Pháirc an Chrócaigh. Níos tábhachtaí ná sin tá a fhios acu an bealach is fearr chun Craobhacha na hÉireann a bhuachan. Chonaic muid an carachtar láidir atá iontu in aghaidh Átha Cliath i gCluiche Ceathrú Ceannais na hÉireann nuair a bhí an chuma ar an scéal go mbeadh an bua ag Áth Cliath. Taobh amuigh de sin níl scrúdú dian curtha orthu agus bíonn siad contúirteach i gcónaí."

"Táim muiníneach gur féidir le Muineachán an lámh in uachtar a fháil ar Chorcaigh ach ní féidir leo dul in iomaíocht leo go fisiciúil mar níl Muineachán chomh láidir ná chomh hard leo. Caithfidh siad a luas a úsáid agus liathróid thapaidh agus íseal a chur isteach chuig na tosaithe. Tá Corcaigh fíor-láidir síos tríd an lár agus beidh ar Mhuineachán an liathróid a imirt amach ar na cliatháin. Beidh lár na páirce tábhachtach mar beidh cosaint an dá fhoireann ag díriú isteach ar thosaithe na bhfoirne eile a mhárcáil. Beidh sárchoimhlintí le feiceáil ar nós Therese McNally in aghaidh Briege Corkery, beirt atá compordach ag imirt ar fud na páirce."

"Beidh tús maith ag teastáil ó Mhuineachán mar níl tú ag iarraidh go bhfaighidh Corcaigh scóranna ag an tús mar bíonn sé deacair sin a láimhseáil. Tá taithí na mblianta ag Corcaigh agus tá siad thar a bheith muiníneach as a n-ábaltacht féin."

"I ndáiríre sílim go seasfaidh an chailliúint in aghaidh Chorcaí in 2008 le mná Mhuinecháin mar níl tú ag iarraidh na mothúcháin sin a mhothú arís ag deireadh an chluiche. Tá a fhios agam go mbeidh siad ag úsáid na mothúchán sin chun iad féin a spreagadh le Corn Bhreandáin Uí Mháirtín a bhuachan den tríú huair."

Roinnt de fhoireann Mhuineacháin i ndiaidh dóibh Cluiche Ceannais na hÉireann a chailleadh i 2008 - An ndéanfaidh sé sin iad a spreagadh? [PIC : BRENDAN MORAN / SPORTSFILE]

SÚIL AR AN RUGBAÍ

RaboDirect Pro12 - Babhta 4
Dé hAoine
Cardiff Blues v Cúige Mumhan - Beo RTÉ2/ BBCw
Cardiff City Stadium @ 7.05in

TRÍ chluiche as trí cinn atá buaite ag na Muimhnigh agus níl úd géillte acu go fóill ach an oiread. Bhí bua maith acu 35-12 in aghaidh na Scarlets an tseachtain seo caite agus bheifeá ag súil go bhfaighidh siad na pointí i gCaerdydd anocht.

Chaill na Blues go dona in aghaidh Uladh an tseachtain seo caite 20-3 agus drochnuacht dóibh i ndiaidh an chluiche ná nach mbeidh Martyn Williams ar fáil go ceann sé seachtaine ar a laghad mar gheall ar lámh bhriste. Tá Sam Hobbs agus Tom James tar éis trí úd an duine a aimsiú go dtí seo dóibh ach ní dóigh liom go bhfaighidh siad an spás céanna in aghaidh chosaint láidir na Mumhan. Fuair Cúige Mumhan an lámh in uachtar ar na Blues sa bhaile agus as baile anuraidh agus le seisear imreoir mór le rá in easnamh ar na Blues anois mar gheall ar Chorn Rugbaí an Domhain, beidh na Muimhnigh in ann na pointí a chrochadh leo anocht.

Bua: Cúige Mumhan.

Cúige Chonnacht v Dragons
Sportsground @ 7.30in

TÁ na Dragons ag iarraidh a gcéad phointí as baile a bhuachan anocht. Chaill siad as baile in aghaidh na Mumhan (20-12) agus in aghaidh Laighean (31-10) ach fuair siad an lámh in uachtar ar Aironi an tseachtain seo caite sa bhaile (23-14). Seans go mbeidh Ashley Smith agus Wayne Evans ag imirt tar éis gortuithe ach ní bheidh Adam Hughes ar fáil mar gheall ar ghortú ón tseachtain seo caite.

Chaill na Dragons 40-17 sa Sportsground anuraidh ach beidh ar Chonnachta a bheith i bhfad níos fearr anocht ná mar a bhí siad in aghaidh Edinburgh an tseachtain seo caite nuair a chaill siad 19-14. Buntáiste an bhaile an difear eatarthu anocht.

Bua: Cúige Chonnacht

Dé Sathairn
Scarlets v Cúige Laighean - Beo TG4/S4C
Parc y Scarlets @ 6.30in

TÁ 14 imreoir in easnamh ar fhoireann Laighean faoi láthair mar gheall ar Chorn an Domhain agus le cúpla gortú ag cur as dóibh níl an neart céanna ar an phainéal agus a bhí anuraidh. Chaill siad go dona in aghaidh na hOspreys ag tús an tséasúir 27-3 agus cé gur bhuaigh siad sa bhaile in aghaidh na Dragons (31-10), chríochnaigh na Glasgow Warriors chun cinn orthu an tseachtain seo caite san RDS (23-19).

Níl Mat Berquist, Andrew Conway, Shane Horgan, Tom Sexton ná Eamonn Sheridan ar fáil mar gheall ar ghortuithe fadtéarmacha agus ní bheidh Kevin McLaughin ná Dominic Ryan ábalta taisteal mar gheall ar ghortuithe rúitín. Seans maith go bhfeicfimid Captaen na hÉireann f-20 Jordi Murphy agus an frapa Nathan White, a thosaigh den chéad uair i ngeansaí Laighean in aghaidh Ghlaschú, ag imirt amárach. Níl ach cluiche amháin buaite ag na Scarlets go dtí seo, sa bhaile in aghaidh Aironi (32-9) a bhí sé, ach seo seans dóibh an lámh in uachtar a fháil ar Laighin nach bhfuil chomh láidir sin faoi láthair.

Bua: Scarlets.

Dé Domhnaigh
Ospreys v Cúige Uladh - Beo S4C
Liberty Stadium @ 4.30in

TÁ imní faoi Darren Cave agus Ian Humphreys mar gheall ar ghortuithe a fuair siad in aghaidh na Cardiff Blues an deireadh seachtaine seo caite nuair a chríochnaigh Cúige Uladh 20-3 chun cinn . Fuair Cave dhá úd sa chluiche sin agus muna n-éiríonn leis an bheirt teacht slán ó na gortuithe seans go bhfeicfimid Paddy Jackson ag imirt in áit Humphreys le Luke Marshall ag teacht isteach in áit Darren Cave. Tá naonúr imreoirí ó fhoireann Uladh ag Craobh Rugbaí an Domhain agus gortuithe a sheachaint an rud is mó a bheas bainistíocht Uladh ag iarraidh. Fuair na hOspreys an lámh in uachtar ar Treviso an deireadh seachtaine seo caite 32-27 agus bhuaigh siad in aghaidh Uladh 23-22 nuair a chas siad lena chéile ag Liberty Stadium anuraidh. Cosúil le Cúige Uladh, níl cluiche caillte acu go dtí seo ach seans go seasfaidh an buntáiste a bheith sa bhaile leis na hOspreys an uair seo arís.

Beidh nóiméad ciúnais roimh an chluiche seo in ómós don cheathrar fear a bhásaigh sa mhianach in aice le Pontardawe le déanaí.

Bua: Ospreys

Corn Náisiúnta Cispheile

CUIRFEAR tús leis an Chorn Náisiúnta Cispheile f-18 do bhuachaillí agus cailíní don séasúr 2011-2012 an deireadh seachtaine seo leis na babhtaí cáilithe á n-imirt. Bhuaigh Teach Mealóg ó Bhaile Átha Cliath comórtas na bhfear f-18 anuraidh agus ba iad mná AOS Security ó Ghleann Maghair i gCorcaigh na buaiteoirí i gcomórtas na mban.

Beidh 45 foireann ag glacadh páirte ann agus iad roinnte ina gceithre ghrúpa dhifriúla. Imreofar na cluichí in ocht n-ionad dhifriúla timpeall na tíre agus is iad an dá fhoireann is fearr i ngach grúpa a cháileoidh do na babhtaí ceathrú ceannais a bheas ag tosnú ar an 2 Nollaig i mbliana. Beidh na cluichí á n-imirt in ionaid éagsúla i gCorcaigh, Baile Átha Cliath, Cill Mhantáin, Ciarraí agus Gaillimh ag tosnú maidin amárach ag a deich a chlog. Tuilleadh eolais ar na cluichí, ionaid agus amantaí le feiceáil ar an suíomh idirlín ag www.basketballireland.ie

Taispeántas mór eile de dhíth ó na hÉireannaigh

Grúpa C: Éire v An Rúis, Dé Domhnaigh, Rotorua @ 6.00rn (Am na hÉireann), Beo ar RTÉ 2, ITV 4 agus Iarbheo ar TG4 @ 10.25rn

Gráinne McElwain

An rud is iontaí faoi spórt ná nach féidir le héinne i ndáiríre toradh an chluiche a thuar. Níl mórán eile gur féidir le haon duine a rá nó a scríobh nach bhfuil luaite anois faoin bhua iontach a bhí ag na hÉireannaigh in aghaidh sheaimpíní na dTrí Náisiún, an Astráil, an tseachtain seo caite ach amháin gurbh é sin an taispeántas is fearr atá feicthe againn ón fhoireann seo a bhí lán le paisean, bród agus ionrachas.

Rinneadh go leor cáineadh fúthu roimh thús Chorn Rugbaí an Domhain agus arís tar éis an bhua in aghaidh na Stát Aontaithe, ach sheas gach fear suas in Eden Park chun teachtaireacht láidir a chur in iúl agus nach iontach an teachtaireacht a fuair muid. Comhghairdeas leo ach, mar a dúirt captaen na foirne, Brian O'Driscoll, ina dhiaidh, níl an jab ach leathdhéanta anois.

Ní raibh éinne ag súil go mbeadh an bua acu in aghaidh na hAstráile ach ar an Domhnach tá gach duine ag súil go mbeidh bua compordach acu in aghaidh na Rúise atá ag imirt i gCorn Rugbaí an Domhain den chéad uair. Ceaptar go dtosnóidh Declan Kidney imreoirí ar nós Leo Cullen, Seán Cronin, Paddy Wallace agus Fergus McFadden ar an bhinse agus go mbeidh Ronan O'Gara ag tosnú ag uimhir a deich.

Ach ar an láimh eile, tá cluichí de dhíth ar Rob Kearney, Seán O'Brien, Jamie Heaslip agus Tommy Bowe agus b'fhéidir go mba mhaith le Kidney go bhfaigheadh siad cluiche eile sula gcasfaidh siad leis an Iodáil an tseachtain dár gcionn. Ghortaigh Paul O'Connell agus Gordon D'Arcy teannán na hioscaide in aghaidh na hAstráile agus ní dóigh liom go mbeidh siad ag imirt Dé Domhnaigh. Ba chóir go mbeadh bua fiche pointe ar a laghad ag Éirinn ar an Rúis agus beidh siad féin in uachtar an ghrúpa go mór ansin sula dtabharfaidh siad aghaidh ar an Iodáil. Ciallaíonn sé sin go mbeidh siad ar bharr ghrúpa C agus deis acu imirt i gCluiche Ceathrú Ceannais in aghaidh na Breataine Bige, Fhidsí nó Shamó. Ach tá go leor rugbaí le himirt idir an dá linn.

Foireann na hÉireann lán sásta leo féin tar éis cic pionóis a bhuachaint i gcoinne na hAstráile. [PIC : BRENDAN MORAN / SPORTSFILE]

Chaill an Rúis in aghaidh na hIodáile 53-17 i rith na seachtaine agus bhí cuma lag orthu trasna na páirce agus gan córas cosanta ná clibirt mhaith acu ach an oiread. Ní féidir a rá nach raibh siad cróga ag aimsiú trí úd ach beidh sé thar a bheith deacair acu in aghaidh na hÉireann atá ag imirt ar dóigh sa chlibirt agus sa síneadh amach faoi láthair. Níl tús spleodrach faighte ag líne lánchúil na hÉireann go fóill ach seans go bhfeicfimid sin an uair seo. Bhreathnaigh an Iodáil go maith agus iad fíorláidir sa chlibirt le Sergio Parisse ag uimhir a hocht dochloíte agus é ag fáil réidh leis an liathróid gan stró ar bith.

Mar sin, tá gach seans ag foireann na hÉireann na pointí a bhaint Dé Domhnaigh agus iad féin a choimeád ar bharr an ghrúpa. Beidh Declan Kidney ag súil le taispeántas maith agus nach ngortófar aon duine do na himreoirí sa chluiche seo. Tá áit do 26,000 duine sa staid i Rotorua sula mbogfaidh na hÉireannaigh ar aghaidh chomh fada le Dunedin ar an 2 Deireadh Fómhair chun aghaidh a thabhairt ar an Iodáil.